

Cúrsaí Uisce

"Ár bPlean!"

north western
international
river basin district



Plean Bainistíochta d'Abhantrach an Iarthuaiscirt (2009-2015)

Ina bhfuil leasuithe a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an 6ú Iúil 2010





Cuimsíonn sonraí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann atáirgthe faoi cheadúnas OSi uimhir Comhairle contae Chorcaí 2010/2006/ CCMA/ Comhairle Contae Chorcaí Sáraíonn táirgeadh neamhúdraithe cóipcheart Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtais na hÉireann

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2010



Réamhfocal

Tá uisce glan ar cheann de na hacmhainní náisiúnta is tábhachtaí dá bhfuil ann. Tá meathlú tagtha ar chaighdeán an uisce le blianta fada anuas de dheasca gníomhaíochtaí daonna. Ghlac an AE leis an gCreat-treoir Uisce d'fhonn stop a chur leis an meath ar chaighdeán an uisce agus lena iompú droim ar ais. Leagann an Treoir amach spriocdhátaí daingne le cuspóirí um cháilíocht uisce a bhaint amach, go háirithe i gceantair chosanta. Leagann an plean seo amach an bealach ina bhfuil sé i gceist againn cuspóirí na Treorach a bhaint amach san Abhantrach Thiar Thuaidh.

Eolasaithe ag tionscadail phíolóta ó na 1990aidí agus trí thaighde fairsing a rinneadh ó 2003 i leith, tá an plean seo forbartha ag údaráis áitiúla le cur chuige oibiachtúil eolaíoch a sholáthar le freastal ar na caighdeáin uisce a éilítear. Agus an plean á ullmhú déanadh sonrú agus cainníochtú ar na brúnna uile aitheanta ar uisce ar leibhéal na ndobharlach indibhidiúla. Scrúdaíodh beartais le haghaidh a thabhairt ar na brúnna agus rinneadh measúnú ar an dóchúlacht ar athshlánú cháilíocht an uisce. Chuathas i gcomhairle go fairsing sa phróiseas leis na comhlachtaí uile poiblí agus leis na páirtithe leasmhara eile.

Tá spriocanna an phlean uailmhianach ach ní mó iad ar shon sin ná an ceangaltas atá orainn faoin reachtaíocht reatha AE agus Náisiúnta. Is féidir gur gá athruithe eile reachtaíochta le rialú a dhéanamh ar shaingníomhaíochtaí. Tá an fhreagracht as beartais a ghlacadh ar na comhlachtaí uile poiblí a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí ar chaighdeán uisce nó a dhéanann rialú ar a leithéid de ghníomhaíochtaí. Ní mór d'údaráis áitiúla a gcuid gníomhaíochtaí féin a fheidhmiú ar bhealach a dhéanfaidh cur chun cinn ar chuspóirí a bhaint amach agus lena chois sin ní mór dóibh raon de ghníomhaíochtaí monatóireachta agus forfheidhmiúcháin chomhshaoil a fheidhmiú le deimhin a dhéanamh de go dtiocfaidh feabhsuithe ar chaighdeán uisce de bharr gníomhaíochtaí na bpáirtithe eile leasmhara.

Tá dúshlán mór ann d'Údaráis Áitiúla an lae inniu maidir le freastal ar éileamh forásach ar sheirbhísí ar fud a gcuid feidhmeanna uile. We are required to work within tight resource constraints and depend heavily on funding provided by the Department of the Environment, Heritage and Local Government for capital works and indeed day to day expenditure. Faoi na toscaí sin is tábhachtaí ná riamh go ndéanfaimis pleanáil go cúramach ar fheidhmiú acmhainní le freastal ar cheanglas a cuireadh orainn ag Reachtaíocht Náisiúnta agus a threoróidh forbairt ghinearálta ár réimsí riaracháin.

Ar ghlacadh leis an bplean seo dóibh, forbróidh údaráis áitiúla cláir fheidhmiúcháin agus aithneoidh siad na himpleachtaí uile d'acmhainní agus do riachtanais na cistíochta. Is dócha go sáróidh na riachtanais acmhainne acmhainn reatha na nÚdarás Áitiúla. Braithfidh an freastal ar na tiomantais atá sa phlean seo ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chomh maith le Ranna eile Rialtais le soláthar a dhéanamh ar na hacmhainní agus ar an gcistíocht atá riachtanach.

Gluais agus Giorrúcháin

MC:	Measúnú Cuí do láithreáin Natura 2000 mar a éilítear faoi Threoir na nGnáthóg.
Aigéadú (saorga):	The rough canopies of mature evergreen forests are efficient scavengers of particulate and gaseous contaminants in polluted air. Gineann seo sil-leagan níos aigéadaí faoi cheannbhrait ná ar an talamh oscailte. Déanann próisis cheimiceacha i bhfréamhacha na gcrann, síorghlasa go háirithe, a thuilleadh aigéadaithe ar chré agus ar uisce cré i ndobharcheantair fhoraoise. Nuair atá na foraoisí suite ar chréanna nach bhfuil maolánaithe go rómhaith, tig leis na próisis seo bheith ina mbun le haigéadú suntasach ar an uisce le sruth agus leis an díobháil dá dheasca ar na srutháin agus na locha a bhaineann leo.
CDT:	Clár Dhobharcheantar Talmhaíochta
Dobharlach Saorga:	Dobharlach a chruthaíodh trí ghníomhaíocht daonna
Bithéagsúlacht:	Focal a úsáidtear go coitianta ar éagsúlacht bhitheolaíochta agus a shainmhínítear mar chnuasach d'orgánaigh bheo ón uile ghnáthóg ag áireamh talún, muirí agus éiceachórais eile uisceacha agus na coimpléisc éiceolaíochta gur cuid díobh iad.
Uiscí Cósta:	An limistéar sin de uisce dromchla ar thaobh na talún de líne, go bhfuil gach aon pointe de míle amháin farraige ar thaobh na mara ón bpointe bunlíne óna ndéantar tomhas ar leithead na n-uiscí tíriúla, ag síneadh mar is cuí suas le teorainn sheachtrach uiscí trasdultacha.
RTIB:	An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.
RCFAN:	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.
RCORÁ:	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
RFTF:	Ann Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
Foinsí idirleata (truaillithe):	Foinsí neamh-phointe a bhaineann den chuid is mó le rith chun srutha agus diúscairtí eile a bhaineann le húsáidí difriúla talún mar thalmhaíocht agus fhoraoiseacht, ó dhabhcha seipteacha a bhaineann le teaghaisí tuaithe agus ó leathadh dramhaíola tionsclaíoch, cathartha agus talmhaíochta ar thalamh.
CE:	Coimisiún na hEorpa
CBE:	Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa
Stádas Éiceolaíochta:	Focal ar struchtúr agus feidhmiúchán éiceachórais uisceacha a bhaineann le huiscí dromchla. Rangáítear uiscí dá leithéid sin mar uiscí ar stádas maith éiceolaíochta nuair a shásaíonn siad riachtanais na Creat-treorach Uisce.
Éiceolaíocht:	Staidéar ar an ngaol idir orgánaigh agus idir na horgánaigh sin agus a gcomhshaoil neamh-bheo.
Éiceachóras:	Pobal d'orgánaigh idirpleácha chomh maith leis an gcomhshaoil ina maireann siad agus lena ndéanann siad idirghníomhú; an pobal agus an comhshaoil sin a bheith éagsúil leis na pobail agus na comhshaoil in aice láimhe
LMSC:	Líonra um Mhalartú Sonraí Comhshaoil
MTT:	Measúnacht Tionchair Timpeallachta
GCC:	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
GTSC:	Grúpa Traenála um Sheirbhísí Comhshaoil
AE:	An tAontas Eorpach
Eotrófach:	Ag a bhfuil príomhtháirgeacht ard, de dhroim chion ard chothathaigh.

Eotrófaíocht:	An próiseas saibhríthe ar uisce ag cothathaigh (fosfar agus nítrigin go príomha). Saibhríonn cothaitheigh uisce, ag brostú fás phlandaí agus dá réir sin ag cur isteach ar chothromaíocht phlandaí agus ainmhithe uisceacha agus ag cur isteach ar cháilíocht uisce.
Stádas maith:	Cnuastéarma a úsáidtear le tagairt don stádas atá bainte amach ag dobharlach dromchla nuair atá a stádas éiceolaíoch agus a stádas ceimiceach araon maith ar a laghad, agus do screamhuisce, nuair atá a stádas cainníochta agus ceimiceach maith ar a laghad.
Screamhuisce:	An t-uisce uile atá faoi dhromchla na talún sa chrios sáithiúcháin agus ag teagmháil díreach leis an gcré nó leis an bhfo-ithir. Déantar tagairt don chrios seo go minic mar uiscíoch, rud atá ina shraith nó ina shraitheanna de chlocha nó stratam geolaíocha le póiriúlacht agus tréscailteacht go leor le sreabhadh suntasach screamhuisce nó asbhaint méideanna suntasacha screamhuisce a cheadú.
SGÉ:	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.
Dobharlach Mórathraithe:	Dobharlach ar athraíodh a thréithe go suntasach de dhroim athruithe fisiciúla agus trí ghníomhaíochtaí daonna.
FSS:	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Hidreamoirfeolaíocht:	Staidéar ar chainníocht agus ar dhinimic sreabhadh uisce laistigh de dhobharlach ina bhfuil éagsúlachtaí ina leithead, a dhoimhne, a struchtúr agus a fhoshraith de chrios chiseal agus abhann.
Iascaigh Intíre na hÉireann	Gníomhaireacht Stáit atá freagrach as iascaigh intíre agus slat-iascaireacht mara.
Uiscí dromchla intíre:	An t-uisce uile seasta nó ag sreabhadh ar dhromchla na talún (leithéidí taiscumair, lochanna, aibhneacha) ar thaobh na talún den mbunlíne óna ndéantar tomhas ar leithead na n-uisc tírúla.
Speicis ionracha iasachta:	Speicis ionracha iasachta is ea plandaí nó ainmhithe neamhdhúchasacha a bhunaigh iad féin go sásúil i ngnáthóga uisceacha agus a dtimpeallachta agus a dhéanann dochar don bhflóra agus do na hainmhithe nádúrtha.
Láisteáit:	An leacht a iompraíonn ábhar salaithe leáite agus ar fuaidreamh a chruthaítear agus uisce ag síothlú trí ábhair le hacmhainn truaillithe. De ghnáth baintear úsáid as an téarma ag tagairt do líonta talún.
Beartais maolaithe:	Measures to avoid, prevent, minimise, reduce or, as fully as possible, offset or compensate for any significant adverse effects on the environment, as a result of implementing a plan or programme.
CGN:	Clár Gníomhaíochta Náisiúnta
Ráiteas um Thionchar Natura (RTN):	Measúnú Cuí do láithreáin Natura 2000 mar a éilítear faoi Threoir na nGnáthóg.
ENR:	Eagraíocht Neamhrialtasach
SPNF:	Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
Córas ar-suíomh:	Dabhach múnlaigh nó córas eile le fuíolluisce ó mhaoine neamh-séaracha a chóireáil .
ECFE:	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
Olagatrófach:	Dobharlacha atá cothaithe go bocht nó atá neamhtháirgiúil.
OOP:	Oifig na nOibreacha Poiblí
CLT	Clár Laghdúcháin um Thruaillíú
Clár Beartas:	Na ceantair sin, a ndéantar mionsonrú orthu, gur gá dóibh spriocanna comhshaoil na Treorach a bhaint amach laistigh de cheantar abhantraí.

Ceantar faoi chosaint	Uisce caomhanta ag reachtaíocht Eorpach ar a n-áirítear uiscí óil, uiscí shliogéisc, uiscí snámha, ceantair uirbeacha fuíolluisce atá goilliúnach do chothathaigh nó láithreáin sainithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta nó Ceantair faoi Chosaint Speisialta.
Stádas Cainníochtúil:	Focal ar a mhéid atá éifeacht ar screamhuisce ag asbhaintí díreacha agus indíreacha. Má tá seo ag géilleadh d'éileamh na treorach tá an stádas maith.
Ceantar Abhantraí (CA) & Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta (CAI):	Ceantar riaracháin do bhainistíocht comhordaithe uisce, comhdhéanta de ilcheantair abhantraí (nó dobharcheantair), le himchuacha trasteorann (i. iad sin a chlúdaíonn limistéar ag breis is aon Bhallstát amháin) a shannaítear do CA idirnáisiúnta.
Abhantrach:	An limistéar talún óna shreabhann an t-uisce dromchla uile le sruth, trí ghréasán de shruthanna, aibhneacha agus lochanna i bhfarraige ag béal abhann, inbhir nó deilte amháin.
MSC:	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil
Dríodrú:	Sil-leagan trí shocrú ar ábhar ar fuaidreamh.
FATÉTC:	Fóram na hAlban Tuaisceart na hÉireann do Thaighde Comhshaoil.
Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS):	Suíomh sainithe de réir na Treorach um Ghnáthóga (Treoir na Comhairle 92/43/EEC den 21 Bealtaine 1992 ar chomhantas gnáthóg nádúrtha agus ainmhithe fiáine agus plandaí scéine).
Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS):	Ceantar sainithe faoi Threoir na hEorpa ar Chaomhnú Éan Fiáine.
Ionstraim Reachtúil (IR):	Aon ordú, rialachán, riail, scéim nó fo-dhlí a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachta forchurtha ag reachtaíocht.
Uisce dromchlach	Uiscí intíre ar dhromchla na talún (leithéidí taiscumair, lochanna, aibhneacha, uiscí trasdultacha, uiscí cósta) laistigh d'abhantrach.
GIU:	Gréasán Inbhuanaithe Uisce
Uiscí Trasdultacha:	Dobharlacha d'uisce dromchla i ngaireacht do bhéal abhann atá páirtshalanda de bharra a ngaireacht d'uisce cósta, ach atá go substaintiúil faoi thionchar shreabhanna fíoruisce.
Dobharlach:	Fo-aonad comhtháiteach sa cheantar abhantraí nach mór cuspóirí comhshaoil na treorach a fheidhmiú ann. Dá bhrí sin, is é príomhchúis le "dobharlacha" a aithint ná cumasú a dhéanamh le cur síos cruinn a dhéanamh ar stádas agus é a chur i bhfrithshuíomh le spriocanna comhshaoil
Creat-treoir Uisce (CTU):	An Chreat-treoir Uisce an reachtaíocht Eorpach a chuireann chun cinn cur chuige nua ado bhainistíocht uisce trí phleanáil abhantraí. Cuimsíonn sí uiscí dromchla intíre, uiscí inbhir, uiscí cósta agus screamhuisce.
ABU:	Aonad Bainistíochta Uisce – fo-aonad geografach cheantar abhantraí comhdhéanta den áiríthe sin dobharlach a bhaineann le fo-dhobharcheantar ar leith.
COFORD:	An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise
SIMBIOSYS:	Tionchair Earnála ar Bhithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais



Achoimre fheidhmeach

Ceantar tuaithe don chuid is mó is ea Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta (CAI) an Iarthuaiscirt le go leor uiscí ar ard-chaighdeán maille le ceantair chosanta atá ag brath ar uisce. Tá feirmeoireacht agus foraoiseacht ar siúl fána ghleannta torthúla agus fána shléibhte, agus meallann a chósta mórthaibhseach go leor cuairteoirí, lena thránna surfála agus a láithreacha áilleachta iargúlta. Tá uisce mar croílár ag geilleagar CAI an Iarthuaiscirt, ag cruthú agus ag cothú rachmaistrínaleithéidí feirmeoireachta, foraoiseachta, dobharshaothraithe, ghinniúint chumhachta, tionsclaíochta, seirbhísí, iompair agus turasóireachta. Ach is acmhainn leochaileach é uisce gur ghá é a chosaint.


Glacadh leis an Chreat-Treoir Uisce (CTU) sa bhliain 2000. Cuireann sí d'íachall ar rialtais cur chuige úr a bheith acu i mbainistiú a gcuid uiscí: aibhneacha, canálacha, lochanna, taiscumair, screamhuiscí, ceantair chosanta (idir bhogaigh agus éiceachórais ag brath ar uisce), inbhir (uiscí goirte) agus uiscí cósta. Caithfidh Ballstáit a chinntiú go bhfuil stádas maith ar a laghad ag a n-uiscí, fá 2027 ar a dhéanaí go ginearálta, agus nach dtagann meath ar stádas in aon uiscí. Le stádas maith a bhaint amach agus na huiscí is fearr a chaomhnú, is gá plean bainistíochta do na huiscí sin a réiteach agus a chur i bhfeidhm.

Seo an plean don chuid sin de CAI an Iarthuaiscirt atá in Éirinn. Clúdaíonn sé an tréimhse 2009 – 2015 agus réitíodh é i gcomhar leis na páirtithe leasmhara uile. Leagtar amach ann bearta atá le déanamh ag na páirtithe leasmhara uile agus modhanna leis na hacmhainní atá ar fáil a roinnt ar na bearta siúd in ord tosaíochta, agus cur i gcrích spriocanna na treorach mar aidhm acu. Is iad na príomh-pháirtithe lena chur i bhfeidhm ná:

- Údarás áitiúla an cheantair (Dún na nGall, An Cabhán, Liatroim, An Longfort, Muineachán agus Sligeach), a ghníomhaigh aron leis an phlean a réiteach; triailfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall, an t-údarás áitiúil comhordúcháin sa cheantar, obair na n-údarás sa cheantar agus rannpháirtíocht an phobail a chomhordú maille le obair a chomhordú le Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann;
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, atá freagrach as tuairisciú don Aontas Eorpach, gníomhaíochtaí ag leibhéal náisiúnta a chomhordú agus tascanna eile mar sannadh stádais, clár mhonatóireachta agus léirmheas ar an phlean;
- An Roinn Timpeallachta Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhfuil ról comhordaithe aige i dtaca leis an Chreat-Treoir Uisce a chur i bhfeidhm, agus ról suntasach aige i dtosaíochtaí infheistithe d'infreastruchtúir a shocrú agus fáil ar acmhainní ag na húdaráis áitiúla trín Chiste Rialtais Áitiúil agus Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce;
- údarás phoiblí eile atá aitheanta faoi na Rialacháin Pholasaí Uisce 2003, a gcaithfidh a fheidhmiú i gcomhréir le spriocanna an phlean bhainistíochta abhantraí;
- Coiste Comhairleach Náisiúnta na Creat-Treorach Uisce a ndéanfaidh maoirseacht ar cur i gcrích an phlean ag leibhéal náisiúnta. Tá sé faoi chathaoirleacht an Roinn Timpeallachta Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus áirítear leis ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (thar na húdaráis áitiúla) agus Ranna Rialtais eile mar is cuí.

Tá stádas uiscí CAI an Iarthuaiscirt socraithe ag an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, bunaithe ar mheasúnú trasdultach de thorthaí monatóireachta suas go 2008, de réir a stádais éiceolaíoch agus a stádais cheimicigh; rangáítear screamhuisce de réir chórais bunaithe ar stádas ceimiceach agus cainníochtúil le chéile:

- tá 54% d'aibhneacha, 51% de lochanna, 28% d'ínbhir agus 26% d'uiscí cósta sásúil, le stádas éiceolaíoch atá ard nó maith (céatadán áirithe ar bhonn uimhreacha);
- tá 46% d'aibhneacha, 49% de lochanna, 36% d'ínbhir agus 30% d'uiscí cósta faoi bhun maith (measartha, bocht nó olc);
- tá stádas fós le socrú do 36% d'ínbhir agus 44% d'uiscí cósta;
- tá stádas ceimiceach maith ag formhór na n-uiscí dromchla a tástáladh go dtí seo;
- tá stádas maith ag 100% de screamhuisc.




Cuirfidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil stádas deiridh ar fáil i 2011 bunaithe ar sonraí a bhailíodh sa chéad bhabhta monatóireachta (2007 – 2009).

Leagann an Chreat-Treoir Uisce ceithre bhunspríocanna síos le baint amach um 2015;

- meathlúchán a chosc;
- stádas maith a athbhunú;
- truailliú ceimiceach a laghdú;
- spriocanna do cheantair chosanta a bhaint amach.

Ceadaíonn an Chreat-Treoir Uisce malairt spriocanna a bhunú d'uiscí ar leith fosta. Meastar go mbainfidh 71% d'aibhneacha, 75% de lochanna, 32% d'ínbhir, 35% d'uiscí cósta agus na screamhuisc go léir stádas maith amach um 2015 de bharr chur i gcrích na mbeart sa phlean seo, agus beidh tuilleadh feabhsúcháin sa dara agus sa tríú babhta pleanála. Is iad na treochtaí i stádas atáthar ag súil leo thar trí bhabhta pleanála go 2027 ná:



Ceaptar gur doirteadh eisilteach, go háirithe cothaithe, an príomhchúis uisce sa stát a bheith míshásúil, ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ó shaoráidí cóireála fhuíolluisce cathraigh. Aithníodh tionchar eisiltigh tionsclaíochta, fuíolluisce ó áitribh gan séaraigh agus doirteadh ó roinnt ghníomhaíochtaí eile chomh maith. Sa chéad dul síos ba chóir bearta a dhíriú ar na bagairtí is mó don timpeallacht uisce, ach tá sé tábhachtach fosta tabhairt faoi fhoinsí eile a d'fhéadfadh bheith ina gciontsiocair truailithe agus drochthionchair, astógáil uisce agus athruithe fisiciúla maille le ceisteanna atá sonrach do CAI an Iarthuaiscirt san áireamh. Leagtar amach sa phlean seo clár beart le stádas uisce a chosaint agus a fheabhsú trí dul i ngleic leis na príomhbhrúnna (is é sin foinsí truailithe agus íslíú stádais) sa cheantar.

Tá forálacha do go leor de na bearta sa reachtaíocht náisiúnta cheana féin agus iad á gcur i gcrích. Áirítear mar shampla, na Rialacháin um Chóiríú Fhuíolluisce Uirbigh 2001 go 2010 agus na Rialacháin Deachleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint 2009. Tugadh isteach bearta eile le déanaí (mar shampla nua-Rialacháin um Uiscí Snámha, 2008) nó táid á réiteach (mar shampla rialacháin údaraithe atá molta fá choinne astógálacha agus athruithe fisiceacha). Ar na príomhbhearta áirítear:

- Srian ar eisiltigh fuíolluisce uirbigh;
- Srian ar eisiltigh fuíolluisce gan séarach;
- Srian ar fhoinsí truailithe ó thalmhaíocht;
- Polasaí ar phraghsáil uisce;
- Pleananna bainistíochta agus cláir bheart d'fho-abhantracha le spriocanna timpeallachta cháilíocht uisce a ghnóthú do shuíomhanna Natura 2000 ainmnithe le daonraí an Diúilicín Péarla Fionnuisce a chosaint;
- Cláir laghdú truailithe le caighdeán cháilíocht uisce a bhaint amach d'uisc ainmnithe do shliogéisc; agus
- Srian ar dhrochthionchar timpeallachta ó fhoraoiseacht.

Sa chlár gníomhaíochta a ceapadh le spriocanna timpeallachta an phlean a ghnóthú leagtar amach:

- cad é an beart;
- cá háit agus cathain a chuirfear i bhfeidhm é;
- cé a ghníomhóidh.

Tá mioneolas leagtha amach fosta i sraith pleananna gníomhaíochta d'aonaid bhainistíocht uisce (ABU). Is lú fairsinge tíreolaíoch na nABU-anna ná scála na gceantar abhantraí, agus ceadáitear pleanáil agus gnóthú níos grinne dá réir. Tá naoi déag d'aonaid bhainistíocht uisce d'aibhneacha agus do lochanna i CAI an Iarthuaiscirt móide pleananna gníomhaíochta a dhíríonn ar screamhuiscí agus inbhir agus uiscí cósta. Déanfar tuilleadh forbartha ar na pleananna gníomhaíochta seo le go mbeidh siad ina gcláir oibre agus leasófar iad i bhfianaise aon sonruithe úra (mar shampla ó thaobh stádais de) de réir mar a théann feidhmiú an phlean chun cinn.



1 Réamhrá

Is aidhm don Plean Bainistíochta seo don Cheantar Abhantraí Thiar Thuaidh, don tréimhse 2009 go 2015, cosaint a dhéanamh ar na huiscí uile laistigh den cheantar, ar is gá, feabhas a chur ar uiscí agus caighdeán inbhuanaithe úsáide uisce a bhaint amach. Cuimsíonn uiscí aibhneacha, canálacha, lochanna, taiscumair, screamhuiscí, ceantair faoi chosaint (ar a n-áirítear bogaigh agus éiceachórais eile uisce spleácha), inbhir (trasdultacha) agus uiscí cósta.

Faoi réir ag Creat-treoir Uisce an AE, tá Éire tiomanta do bhainistíocht a dhéanamh ar na huiscí uile trí phróiseas dobharcheantarbhunaithe, agus is é an Plean Bainistíochta Ceantar Abhantraí an mheicníocht leis seo a bhaint amach.

Le feidhmiú an phlean tiocfaidh feabhas incriminteach ar bhealach go sroichfidh formhór na n-uiscí “stádas maith” ar a laghad, agus leas an phobail uile trí sholáthar a dhéanamh ar rochtain inbhuanaithe fadtéarmach agus úsáid na n-uiscí sin. Nuair atá uiscí níos lú ná stádas maith faoi láthair, ní mór iad a fheabhsú go dtí go sroichfidh siad stádas maith agus ní féidir aon laghdú a cheadú ar stádas reatha uiscí.

1.1 Tionscadal Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt

Tá an phleanáil bunaithe ar abhantracha nó dobharcheantair, ar bhealach go ndéantar bainistiú comhtháite ar na gníomhaíochtaí uile ag a bhfuil acmhainn tionchar a bheith acu ar uiscí. Rangáítear abhantracha indibhidiúla i gceantair abhantraí; trasnaíonn na ceantair teorainneacha riaracháin agus sainítear iad ag dobharcheantair na n-aibhneacha. Tá ocht gcinn de cheantair abhantraí at oileán na hÉireann: ceithre cinn go hiomlán laistigh d’Éirinn, ceann i dTuaisceart Éireann agus trí cinn trasteorann. Gairtear Ceantair Abhantraí Idirnáisiúnta (CALanna) de na ceantair trasteorann seo.

Is limistéar trasteorann é Abhantrach Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt: Tá 7,400 km² i bPoblacht na hÉireann agus 4,900 km² i dTuaisceart Éireann. Cuimsíonn sé Contae Dhún na nGall ar fad, codanna móra d’Fhear Manach, den Chabhán, de Dhoire, de Mhuineachán agus de Thír Eoghain agus beagán de Shligeach. Tá sé cuimsithe lastuaidh agus laistiar ag an Aigéan Atlantach, laistear ag CA an Iarthair agus CAI na Sionainne agus lastoir ag CAI Loch nEathach / na Banna. Tá an aeráid measartha; titeann timpeall 1000 mm báistí in aghaidh na bliana sna ceantair ísle ach titeann níos mó ná 2000 mm in ardtailte Dhún na nGall.

Tagrann an plean seo don chuid de Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (CAI) atá laistigh d’Éirinn. Cuimsíonn sé dobharcheantair de chórais na hÉirne agus an Feabhail, chomh maith le haibhneacha eile beaga, mar an tSúile, agus ceantair thart ar chósta na hÉireann ar a n-áirítear uiscí cósta suas le míle ón imeallbhord. Clúdaíonn sé ceantair údaráis áitiúla Dhún na nGall, an Chabháin, Liatroma, An Longfoirt, Mhuineacháin agus Shligigh


Tá meándlús íseal daonra sa Cheantar a bhfuil cónaí ar níos lú ná leathmhilliún duine ann. Tá níos lú ná 2% den talamh uirbithe agus tá cónaí ar a lán daoine i sráidbhailte beaga nó i dteaghais aonair. Tá formhór na bpríomhcheantair uirbeacha suite le hais aibhneacha: Bealach Féich. Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall, Leitir Ceanainn agus Leifear.

Cothaíonn ithreacha saibhre abhantracha an Fheabhail agus na hÉirne feirmeoireacht mairteola, déiríochta, caorach agus muc chomh maith le saothrú barraí. Níos faide siar, tá an tírdhreach cnocach le mórán fáschoillte buaircíneacha agus roinnt féarach caora agus eallach. Meallann an cósta mórthaibhseach, na tránna tonnmharcaíochta agus na háiteanna álainne iargúlta a lán turasóirí.

1.2 Na húdaráis agus a rólanna

Tá liosta mionsonraithe de na húdaráis atá rannpháirteach i mbainistíocht CAI an Iarthuaiscirt san doiciméid chúlraide teagmhálaar fáil ag www.wfdireland.ie.

D’fhorbair údaráis áitiúla chontaetha Dhún na nGall, an Chabháin, Liatroma, an Longfoirt, Mhuineacháin agus Shligigh an plean seo. Is iad na húdaráis seo, ag comhfheidhmiú, na húdaráis inniúla leis an bplean seo a cheapadh mar atá sainithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Polasáí Uisce) 2003 (IR 722 de 2003) Tá pleananna den chineál céanna déanta ag na húdaráis áitiúla sna ceantair thadhlaacha (CAI nEathach Banna, CAI na Sionainne agus CA an Iarthair).



Mapa 1.1 Ceantair Abhantraí na hÉireann

Ní mór do chomhlachtaí poiblí, a aithnítear i Rialacháin Um Pholasáí Uisce 2003, a gcuid feidhmeanna a úsáid ar bhealach atá ag teacht le cuspóirí an phlean bainistíochta abhantraí.

Comhairle Contae Dhún na nGall an t-údarás áitiúil um chomhordú i CAI an Iarthuaiscirt. Tá na húdarais phoiblí ar leibhéal ceantair comhordaithe trí Fhóram d'Údarais Áitiúla agus tá áisiú déanta ar rannpháirtíocht an phobail trí Chomhairle Comhairleach an CA.

An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-údarás cuí le tuairisciú don Aontas Eorpach, ag comhordú gníomhaíochtaí áirithe agus do thascanna eile a sannadh i Rialacháin um Pholasáí Uisce 2003. Maidir le forbairt an phlean cuimsíonn freagrachtaí ar leith na Gníomhaireachta sannú stádais, clár mhonatóireachta agus athbhreithniú na bpleananna. Faoi Alt 63 d'Acht na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Uimh. 7 de 1992), mar a leasaíodh ag Acht um Chaomhnú Comhshaoil (Uimh 27 de 2003), tá údarás ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le feitheoireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-údarás uile phoiblí le feidhmeanna reachtúla maidir le cosaint comhshaoil.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag a bhfuil cúram comhordaithe maidir le feidhmiú na Creat-treorach Uisce, agus tríd an gCiste Rialtais Áitiúil agus an Clár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce, ar thosaíocht a chinneadh d'infheistíocht in infreastruchtúr agus in infhaighteacht acmhainní d'údarais áitiúla.

Déanfaidh Coiste Comhairleach Náisiúnta, faoi chathaoirleacht ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le hionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia, ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ó Chumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (thar ceann na n-údarás áitiúla), agus Ranna eile Rialtais mar is cuí, feitheoireacht ar an bplean.

Ullmhaíodh an plean seo i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile. Bainfidh dúshlán le feidhmiú an phlean agus leagfaidh sé dualgais ar na húdarais agus ar na páirtithe leasmhara uile ábhartha. Tríd an bplean seo, cuirtear ceanglas ar na húdarais áitiúla aidhmeanna agus spriocanna na Creat-treorach Uisce a bhaint amach oiread agus is féidir leo, trí shainbheartais a fheidhmiú.

Ullmhaíodh plean chomh maith don chuid den cheantar atá i dTuaisceart Éireann www.ni-environment.gov.uk/wfd. Déanadh dlúth-chomhordú ar ullmhúchán na bpleananna seo idir an dá dhlíne. Tá socruithe comhordúcháin rianaithe sa doiciméad cúlraídeach Working Together www.wfdireland.ie.

1.3 Forbairt an Phlean

Ag ullmhú an Phlean seo dóibh tá na húdarais phoiblí tar éis a bheith i mbun saothair theicniúil, comhordaithe agus comhairliúcháin ó 2000 i leith.

1.3.1 Imfhiosrú agus saothar teicniúil

Tá rianóireacht bunaithe ar thréithíocht fhisiciúil (tíopeolaíocht) déanta ar dhobharlacha abhann, canáil, lochanna, inbhir agus cósta agus ar dhobharlacha screamhuisce sa cheantar. D'aithníodh foinsí ionchasacha truaillithe (brúnna) agus rinneadh measúnú ar thionchair. Rinneadh monatóireacht agus rangaíodh stádas na n-uiscí bunaithe ar thorthaí na monatóireachta. Tá an tuarascáil tréithíochta agus an clár monatóireachta agus doiciméid chúlraíde ar fáil ó www.wfdireland.ie.

Foilsíodh dréacht den phlean seo i Nollaig 2008. Chuimsigh na príomhstaidéir a rinneadh leis an bplean a chríochnú i rith 2009:

- Measúnú ar na scálaí ama d'athshlánú caighdeán an uisce a luaithe agus a fheidhmítear beartais athshlánaithe d'fhonn scálaí ama ionchasacha athshlánaithe a chinneadh. Chuimsigh seo imfhiosrú ar an ráta caillteanais ar chothaitheach ó thailte talmhaíochta agus na scálaí ama ionchasacha d'athshlánú stádais ar lorg feidhmiúcháin na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta (IR 101 de 2009);
- Tosaíocht ar fhearas cóireála fuíolluisce d'imfhiosrú agus, mar ba ghá, oibreacha feabhais bunaithe ar mheasúnú ar ghéilliúntas do na rialacháin um chóireáil ar fhuíolluisce uirbeach, an fheidhmíocht oibriúcháin reatha agus na tionchair is eol ar chaighdeán uisce. Tógadh ceann chomh maith de cheantair faoi chosaint (mar shampla uiscí snámha, uiscí sliogéisc agus láithreáin uisce spleácha Natura 2000), mar a raibh tionchar ag diúscairtí orthu;
- Ullmhú pleananna bainistíochta do dhobharcheantar do phobail shainithe de dhiúilicíní péarla fíoruisce agus Clár um Laghdú Truaillithe d'uisc sainithe sliogéisc d'fhonn forbairt a dhéanamh ar bheartais do na ceantair cosanta seo;
- Measúnú ar chostas beartais do dhiúscairtí fuíolluisce agus do chórais ar-suíomh.

I rith 2009 rinne An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil uasdátú ar rianóireacht na ndobharlach. Cuimsigh seo dobharlacha áirithe a scoilteadh d'fhonn léiriú níos fearr a dhéanamh ar a stádas. Rinne an Gníomhaireacht uasdátú chomh maith ar rangú stádais bunaithe ar fhaisnéis mhonatóireachta 2008.

Baineadh úsáid as na haschuir ó na staidéir sin thuas le leasú agus uasdátú a dhéanamh ar na cuspóirí agus ar na beartais atá léirithe sa phlean deiridh seo. Ullmhaíodh pleananna mioninste do cheantair dhobharlacha le fócas níos áitiúla ar a dtugtar Aonaid Bhainistíochta Uisce. Baineann siad seo as na príomhbheartais agus na príomhchuspóirí ón ollphlean, agus cuireann i láthair iad do na ceantair gheografacha ina ndéanfar an feidhmiúchán a comhordú.

1.3.2 Comhairliúchán

Bhí comhairliúchán in ghné thábhachtach le linn na forbartha ar an bplean seo. Táirgeadh na doiciméid chúlraide rannpháirtíochta pobail seo a leanas (ag www.wfdireland.ie) :

- na socrúithe bainistíochta d'fheidhmiú na Creat-Treorach Uisce, Bainistiú ár nUiscí i bPáirt [2003];
- an próiseas tréithíochta ar abhantracha agus measúnú ar thionchair gníomhaíochtaí daonna orthu, ag áireamh anailís ar úsáidí uisce, Tréithriú agus Anailís ar Cheantair Abhantracha na hÉireann [2004];
- na spriocanna d'fhorbairt pleananna bainistíochta abhantraí, Tráthchlár agus Clár Oibre le Plean Bainistíochta Abhantraí a cheapadh do Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt in Éirinn [2006];
- aithint na ceisteanna is suntasaí uisce agus mar a bhíonn éifeacht acu ar uiscí, ag áireamh an ní atá á dhéanamh agus an ní atá beartaithe a dhéanamh fúthu, Cúrsaí Uisce – Abair Leat! Tionscadal Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (2007);
- achoimre ar chomhairliúcháin agus ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, Teaghlaim d'aighneachtaí agus d'fhreagraí ar Thuarascálacha um Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce d'Éirinn, Ceantair Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt agus Eathach Banna [2008];
- an próiseas measúnaithe scóipeála straitéiseach um chomhshaoil; Measúnú Straitéiseach Comhshaoil do Phleananna Bainistíochta agus do Chlár na mBeartas Abhantraí na Creat-Treorach Uisce - CAI an Iarthuaiscirt – Doiciméad Scóipeála [2008];
- an ndruchtphlean bainistíochta abhantraí; Cúrsaí Uisce “Cabhraigh Linn Pleanáil!” Druchtphlean Bainistíochta Abhantraí do Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt [2008];
- an próiseas measúnaithe scóipeála straitéiseach um chomhshaoil; Measúnú Straitéiseach Comhshaoil do Phleananna Bainistíochta agus do Chlár na mBeartas Abhantraí na Creat-Treorach Uisce - CAI an Iarthuaiscirt – Doiciméad Scóipeála [2008];
- an teaghlaim ar aighneachtaí ar an druchtphlean a shonraíonn na tagairtí a rinneadh agus a gcuid freagraí agus a dhéanann achoimre ar cár tugadh aghaidh orthu seo agus an plean deiridh á ullmhú: Teaghlaim ar aighneachtaí agus freagraí ar an Druchtphlean Bainistíochta Abhantraí do Dhobharcheantar Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt [2010].

Rinne Comhairle Comhairleach an CA, ar a bhfuil ionadaithe ó údarais áitiúla (Comhairleoirí Contae agus Baile), grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara (talmhaíocht, slatiascaireacht, tionsclaíocht agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) na pleananna bainistíochta a mheas.

Tá grúpaí saorálacha rannpháirteach chomh maith i ngníomhaíochtaí Pleanála Abhantraí go príomha trí ghníomhaíochtaí LUI (Líonra Uisce Inbhuanaithe) www.swanireland.ie. Bratlíonra de 25 eagraíocht ceannródaíochta comhshaoil náisiúnta agus áitiúil is ea LUI a cheapadh go sonrach le haghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht an phobail in éilimh na Creat-Treorach Uisce.

Pléadh an plean chomh maith ag Fóram Údarás Poiblí cheantar an Iarthuaiscirt a éascaíonn malartú faisnéise, comhairliúchán, comhoibriú agus idirchaidreamh idir údarais phoiblí na hÉireann.



Pléadh ceisteanna suntasacha bainistíochta uisce le grúpaí sainleasmhara agus le comhairlí contae agus ag sraith teagmhas comhairliúcháin in 2007 agus 2008. Reáchtáladh teagmhais chomhairliúcháin phoiblí idir Nollaig 2008 agus Meitheamh 2009 ina measc na cruinnithe poiblí seo a leanas:

Dáta	Suíomh	Láthair	Ceantar Abhantraí
28 Aibreán 2009	Leitir Ceanainn	Óstán Chnoc an Earagail	Iarthuaisceart
30 Aibreán 2009	Baile Dhún na nGall	Óstán Mill Park	Iarthuaisceart
5 Bealtaine 2009	An Cabhán	Óstán Cavan Crystal	Iarthuaisceart, Eathach Banna & Sionainn
7 Bealtaine 2009	Béal Átha Beithe	Lárionad Bhogaigh Bhéal Átha Beithe	Iarthuaisceart & Eathach Banna
12 Bealtaine 2009	Dún Dealgan	Óstán Fairways	Iarthuaisceart & Eathach Banna

Fuarthas 45 aighneacht i scríbhinn maidir leis an Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí don CAI Thiar Thuaidh ó na grúpaí leasmhara eárnálacha seo a leanas: údaráis aitiúla agus phoiblí; eagraíochtaí neamhrialtasacha; gnó; agus daoine príobháideacha. Tá achoimre de na ceisteanna a tógadh agus de na freagraí a tugadh sa teaghlaim ar na haighneachtaí don dréachtphlean sna doiciméid chúlráideacha rannpháirtíochta public participation atá ar fáil ag www.wfdireland.ie.



1.3.2.1 Pleanáil

Tá an plean seo ina thoradh ar phróiseas córasach aitheantais ar bhagairtí ar uiscí, ar mheasúnú stádas uiscí, ar leagan síos spriocanna agus i bhforbairt beartas leis na spriocanna sin a bhaint amach. Tá sé ina thoradh ar chorpas suntasach de shaothar teicniúil ullmhúcháin agus rannpháirtíochta pháirtí leasmhar poiblí.

Bunaíonn an plean seo cuspóirí stádais uisce agus aithníonn beartas leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Aithníonn sé chomh maith na heagraíochtaí atá freagrach as na beartais a fheidhmiú. Leanfaidh an plean i bhfeidhm go dtí 2015. Déanfar uasdátú agus athbhreithniú leanúnach ar na sonraí a úsáideadh leis an bplean a fhorbairt (mar shampla measúnaithe ar stádas agus torthaí ar thaighde agus ar chláir imfhiosrúcháin) le deimhin a dhéanamh de go mbainfidh beartais a guspóirí amach. Ullmhófar dara plean leis an tréimhse 2015–2021 a chlúdach, agus an tríú ceann don tréimhse 2021–2027.

Tá mórán den fhaisnéis a sonraítear sa phlean seo ionchorpraithe in uirlis idirghníomhaíochta pleanála ríomhairebhunaithe, Mapaí Uisce ar www.wfdireland.ie. Tá líon mór doiciméad cúlraíde mar thacaíocht don phlean ar www.wfdireland.ie chomh maith. Soláthraíonn siad domhaineolas ar ghnéithe teicniúla agus mionsonraithe den phlean ar a n-áirítear brúnna, stádas, anailís eacnamaíoch, socruithe rannpháirtíochta poiblí, údaráis inniúla agus pleananna agus cláir ghaolmhara.

1.4 Leagan amach an phlean seo

Déanann Caibidil 2 cur síos ar CAI an Iarthuaiscirt, ag aithint a chuid uiscí, ceantair faoi chosaint agus príomhcheisteanna bainistíochta uisce.

Bunaíonn Caibidil 3 stádas na n-uiscí sa cheantar agus déanann achoimre ar chlár monatóireachta agus rangaithe na n-uiscí.


Clúdaíonn Caibidil 4 na spriocanna do chosaint agus d'athshlánú uiscí le linn an chéad agus, mar is gá, timthrialla pleanála ina dhiaidh sin.

Aithníonn Caibidil 5 na beartais leis na spriocanna a bhaint amach, tá tacaíocht ag plean gníomhaíochta CAI an Iarthuaiscirt ó shraith de phleananna gníomhaíochta na nAonad Bainistíochta Uisce ag a bhfuil fócas níos áitiúla.

Déanann Caibidil 6 plé ar na naisc ag an bplean seo le pleananna eile agus déanann cur síos ar an athrú níos fairsinge aeráide agus ar mheasúnuithe comhshaoil an phlean seo.

Pléann Caibidil 7 feidhmiúchán an phlean seo.

Leagann an plean bainistíochta abhantraí seo amach cur chuige réalaíoch do bhaint amach spriocanna comhshaoil, agus tá sé géilliúil d'éilimh na Creat-Treorach Uisce. Tá a bhfuil ann seiceáilte i bhfrithshuíomh le héilimh na Treorach le deimhin a dhéanamh de go soláthraíonn an plean an fhaisnéis uile atá ag teastáil. Tá doiciméad cúlraíde don ráiteas géilliúntais ar fáil ag www.wfdireland.ie.



mar thrá na Muirbhí, ceantair ghoilliúnacha do chothaitheigh mar Chuan na Cealla Beaga, Ceantair Speisialta Caomhantais mar Loch Meilbhe (ar na leasa cáilíochta tá uiscí olagatrófacha, bradáin Atlantacha, an ruabhreac artach agus madraí uisce), Loch Iascaigh agus Abhainn na Leainne (ar na leasa cáilíochta tá diúilicíní péarla fíoruisce, uiscí olagatrófacha, bradáin Atlantacha) agus Abhainn na Finne (ar na leasa cáilíochta tá bradáin Atlantacha, fraochmhánna bogacha, madraí uisce agus bratphortach), agus Ceantair Faoi Chosaint Speisialta mar Loch Súile (a dhéanann óstaíocht ar líon de thábhacht idirnáisiúnta den eala ghlórach, Gé Bhánéadanach na Graonlainne agus Gé Ghlas), agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha (a dhéanann óstaíocht ar speicis ar an liosta dearg mar Fabhcún Gorm, Meirliún, Feadóg Bhuí, Lóma Rua, Cearc Fhraoigh agus Lon Creige).

Tábla 2.1 Ceantair uisce spleácha faoi chosaint i CAI an Iarthuaiscirt

Ceantar faoi chosaint	Feidhmiúchán Reachtaíochta	Number
Uiscí óil	Rialacháin (Uisce Óil) na gComhphobal Eorpacha (Uimh. 2) 2007 (IR 278 de 2007)	76 dromchla 72 screamhuisce
Uiscí sliogéisc	Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cáilíocht Uiscí Sliogéisc) 2006 (IR 268 de 2006) mar a leasaíodh in 2009	12
Uiscí snámha	Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha IR 79 de 2008	20
Ceantair Ghoilliúnacha do Choithaitheach	Rialacháin um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh 2001 (IR 254 de 2001) mar a leasaíodh in 2004 agus 2010.	3
Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCS):	Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha), IR 94 de 1997 mar a leasaíodh in 1998 agus 2005. Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fíoruisce) (IR 296 de 2009)	57
Limistéar faoi Chosaint Speisialta	Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha), IR 94 de 1997 mar a leasaíodh in 1998 agus 2005.	25

Tá liosta iomlán de na ceantair faoi chosaint i CAI an Iarthuaiscirt tugtha in Aguisín 3. Soláthraíonn Mapa 2.2 forbheithníú ar na ceantair faoi chosaint.


2.1 Príomhcheisteanna do CAI an Iarthuaiscirt

Tá na príomhcheisteanna bainistíochta uisce i CAI am Iarthuaiscirt agus a n-éifeachtaí ionchasacha ar stádas uisce leagtha amach sa rannán seo. Tá suíomh na dtionchar agus na brúnna seo léirithe ar Mhapaí 2.3 go 2.9.


2.1.1 Cosaint ar cheantair ardchaighdeáin

I CAI an Iarthuaiscirt tá 98 abhainn (14%), 61 loch (26%), 5 inbhear (23%) agus 6 uisce cósta (26%) atá rangaithe ar ardstádas ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Dar tuarascáil tháscairí 2009 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil tá líon na suíomh abhann ardchaighdeáin laghdaithe faoina leath geall leis go náisiúnta sna 20 bliain seo caite agus tá CAI an Iarthuaiscirt ar cheann de na ceantair is mó ina raibh laghdú ar shuíomhanna abhann ardchaighdeáin. Cuimsíonn ceantair ardchaighdeáin aibhneacha, lochanna agus ceantair inbhearacha agus cósta nár bhain díobh ach tionchar beag ó ghníomhaíocht daonna; atá fós gar dá staid nádúrtha saor nó geall leis ar thionchar, ag cothú meascán nádúrtha d'fhiadhúlra éagsúil uisceach. Tá na láithreáin seo tábhachtach le cothú a dhéanamh ar speicis uisceacha atá goilliúnach do shaibhriú nó sioltachán dála an diúilicín péarla fíoruisce (*Margaritifera margaritifera*) agus an bradán óg (*Salmo salar*) atá faoi chosaint ach atá ag meathlú. Tig le láithreáin ardchaighdeáin ar feadh córais abhann cuidiú go suntasach le héagsúlacht speiceas trí chéile agus d'athchóilíniú ar speiceas do theascáin athshlánaithe. Tá ról tábhachtach ag na láithreáin seo maidir le speicis ar leith a chaomhadh agus maidir le bithéagsúlacht sa dobharcheantar trí chéile. Is minic meathlúchán nó cailliúint ceantair ardchaighdeáin agus cosanta de dheasca a leochailleachta i leith athruithe úsáide talún sna dobharcheantair timpeall orthu, mar thalmhaíocht, forsaíocht, baint mhóna agus gníomhaíochtaí forbartha tuaithe. Léirítear ceantair ardchaighdeáin i CAI an Iarthuaiscirt ar Mhapa 2.3.





Mapa 2.2 Ceantair faoi chosaint i CAI an Iarthuaiscirt



Mapa 2.3 Ceantair ardchaighdeáin i CAI an Iarthuaiscirt

2.1.2 Brúnna

Talmhaíocht



Léiríonn samhail riosca leata na Gníomhaireachta Cosanta Comhshaoil go bhfuil 150 abhainn agus 20 loch i CAI an Iarthuaiscirt faoi bhagairt go dteipfidh orthu na caighdeáin a éilítear a bhaint amach de dheasca truaillithe leata. Cuimsíonn foinsí truaillithe leata talmhaíocht, foraoiseacht, talamh portaigh agus úsáidí uirbeacha talún. Is féidir cothaitheigh (fosfar agus nítrigin) a iompar go huiscí ó chlóis fheirme, ó sceitheadh stórais aoiligh nó ó pháirceanna ar a gcuirtear leasúcháin orgánacha agus ceimiceacha a bhíonn saibhir ó thaobh cothaitheigh de. Is féidir le heisilteach sciodair/aoiligh ainmhithe truailliú orgánach a chruthú. Brostaíonn saibhreas cothaitheigh in uisce fás plandaí agus cuireann isteach ar chothromaíocht phlandaí uisceacha agus ainmhithe agus bíonn éifeacht aige ar cháilíocht an uisce. Tá saibhriú ag cothaitheach ar an mbagairt is forleithne ar cháilíocht uisce i CAI an Iarthuaiscirt. Úsáideann dianscaoileadh ábhair orgánach ocsaigin atá ag teastáil ó phlandaí agus ainmhithe uisceacha le maireachtáil, agus is féidir le solaid agus amóinia foluaineacha éisc a mharú. Is féidir le sciodar uisce óil a éilliú le baictéir, seadain agus víris. Léirítear úsáidí talún i CAI an Iarthuaiscirt ar Mhapa 2.4.

Fuíolluisce agus doirteadh tionsclaíoch



I CAI an Iarthuaiscirt tá 53 abhainn, 3 inbhear agus 9 uisce cósta faoi bhagairt go dteipfidh orthu an caighdeán a éilítear a bhaint amach de dheasca diúscairtí fuíolluisce cathrach agus tionsclaíoch. Dar tuarascáil 2009 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar dhiúscairtí fuíolluisce uirbigh, tá na Cealla Beaga, An Clochán Liath, An Fál Carach agus Bun an Phobail ar na 28 ceirtleán náisiúnta gur gá dóibh cóireáil thánaisteach agus nach raibh an leibhéal cuí cóireála acu agus a bhí neamhghéilliúil dona Rialacháin um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Coimisiúnaíodh fearais nua cóireála thánaisteacha in 2008 ag Béal Átha Seanaidh agus i mBaile Dhún na nGall i CAI an Iarthuaiscirt. Iompraíonn séaraigh uirbeacha fuíolluisce chuig ionaid chóireála ó thithe agus ó fhoinní tionsclaíocha agus tráchtála, chomh maith le huisce stoirme ó bhóithre, díonta agus áiteanna áineasa. Déantar cóireáil ar an bhfuíolluisce, le mórán truailléan a bhaint amach, ansin scaoiltear le huiscí dromchlacha é, nó, ó ham go chéile, le screamhuisce. Is féidir le heisiltigh agus doirteadh nó sceitheadh ó ghréasáin séarachais nach ndéantar cóireáil cheart orthu tionchar a bheith acu ar na huiscí a ghlacann leo, ag déanamh díobhála do cháilíocht an uisce agus d'úsáidí i dtreo bhéal na habhann (mar shampla uiscí snámha nó uiscí sliogéisc). Is féidir uisce le sruth uirbeach a bheith éillithe le truailléan (mar sceitheadh ó fheithiclí) agus tionchar a bheith acu ar cháilíocht uisce dromchla agus screamhuisce trí dhiúscairtí díreacha. Tig le truailliú ar uisce dromchla agus screamhuisce teacht chomh maith ó sceitheadh ó líonraí séarachais, silteach ó pháipáir lochtacha faoi thalamh agus púscadh ó limistéir choinneála. Tá suíomhanna diúscairtí fuíolluisce agus tionsclaíochta i CAI an Iarthuaiscirt léirithe ar Mhapa 2.5.

Fuíolluisce ó réadmhaoin neamshéaraithe



I CAI an Iarthuaiscirt tá thart ar 60,000 maoin neamshéaraithe suite i gceantair nach leor an síothlú atá ar fáil iontu. Is ann do 93 abhainn a measadh a bheith faoi bhagairt go dteipfidh orthu na caighdeáin a éilítear a bhaint amach de dheasca coinníollacha mí-oiriúnacha hidrigeolaíocha agus ard-dhlús agus suíomh maoine neamshéaraithe a bheith sna háiteanna sin. Braitheann a lán tithe agus gnóthaí tuaithe ar chórais ar an láthair (dabhach múnlaigh traidisiúnta nó córais dílsithe), trí achair shíothlaithe ithreach, le fuíolluisce a chóireáil agus a chur de lámh. Go n-oibreoidís i gceart, caithfidh na háiseanna cóireála seo a bheith suite i gceantair oiriúnacha agus iad a bheith deartha, tógtha agus á gcothabháil ar chaighdeáin iomchuí. Mura bhfuil siad ag obair i gceart, is féidir le cothaitheigh, ábhar orgánach, ceimicí agus baictéir púscadh ó fhuíolluisce go screamhuisce, ag éilliú toibreacha uisce óil ina aice lámhe nó ag déanamh díobhála do cháilíocht na n-aibhneacha, na lochanna nó na n-uiscí muirí a dtéann sé isteach iontu. Léirítear suíomhanna maoine neamshéaraithe i CAI an Iarthuaiscirt ar Mhapa 2.6.

Foraoiseacht



Tá 47,688 heicteáir d'fhoraoiseacht phríobháideach agus 29,445 heicteáir d'fhoraoiseacht phoiblí i CAI an Iarthuaiscirt. Tá measúnú ar riosca aigéadaithe, tar éis a bhaint amach go bhfuil brúnna ó aigéadú, eotrófú agus dríodrú bunaithe ar chéatadán de chlúdach foraoiseachta agus ar an ngeolaíocht bhunaidh agus na hithreacha ar 66 abhainn ag bhagairt go dteipfidh orthu an caighdeán a éilítear a bhaint amach de dheasca tionchair ionchasacha ó fhoraoiseacht. Nuair atá fáschoille lánfhásta de chrainn síorghlasa bunaithe ar ithreacha atá goilliúnach d'aigéad, is féidir go dtarlódh méadú ar aigéadú agus tiúchana de mhiotail throma sna huiscí le sruth ó na hithreacha sin. Tig le gníomhaíochtaí foraoise breis cothaitheacha a thabhairt isteach; i gceantair atá bocht ó na nádúr tig le fadhbanna mar rófhásra algaí eascairt as sin. Tig le tógáil bóithre agus trasnú sruthán bheith ina gcúis le creimeadh agus cailliúint dríodair ar ithreacha goilliúnach; tig le foraoisiú agus glanleagan foraoiseacha patrúin sreabhaidh a athrú; agus tig le loitnaidicídí dochar a dhéanamh d'orgánaigh uisceacha muna leagtar i gceart iad. Léiríonn Mapa 2.7 suíomhanna foraoise príobháidí agus poiblí i CAI an Iarthuaiscirt.

Líonta talún, cairéil, mianaigh agus tailte fabhtaithe



Léiríonn measúnuithe ar screamhuiscí i CAI an Iarthuaiscirt go bhfuil baol ann go bhfuil 8 dobharlach screamhuisce ann faoi bhagairt go dteipfidh orthu na caighdeáin a éilítear a bhaint amach de dheasca éillithe ó líonta talún. I gcás 2 cheann eile tá baol ann nach mbainfidh siad na caighdeáin a éilítear amach de dheasca truaillithe ó cheantair bhrúnna éillithe/

uirbeacha. Léiríonn measúnú stádas ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil na screamhuiscí uile i CAI an Iarthuaiscirt ar stádas maith faoi láthair. Is féidir le truailleáin (miotail agus breosla den chuid is mó) ó líonta talún agus ó cheantair uirbeacha púscadh isteach sa talamh agus taisteal trí screamhuiscí agus isteach in uiscí dromchlacha, ag dul i bhfeidhm ar a gcáilíocht, ag déanamh díobhála do phlandaí agus d'ainmhithe uisceacha agus ag cur isteach ar úsáidí uisce. Tig le maoschlár íslithe ag láithreacha áirithe cairéil tionchar a bheith aige ar cheantair bhogaigh in aice láimhe, agus is féidir le haistriú screamhuisce go huiscí dromchlacha ceimic uisce a athrú. Tig le cairéil freisin bheith ina bhfoinsí suntasacha siolta gur féidir leis droch éifeacht a bheith aige síos le sruth ar ghnáthóga agus ar speicis uisceacha. Tá na ceisteanna seo sainiúil don láithreán; tá eolas ar na láithreáin seo i CAI an Iarthuaiscirt (léirithe i Mapa 2.5) á dtabhairt cothrom le dáta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla le measúnú a dhéanamh ar mhéid na brúnna agus le deimhniú a dhéanamh ar scála aon fhadhbanna nó tionchair.

Athruithe fisiciúla agus damáiste



I CAI an Iarthuaiscirt tá 7% de chainéil na n-aibhneacha draenáilte agus tá 6% den imeallbhord cosanta in aghaidh creimthe. Is ann do 28 abhainn ina bhfuil poitéinseal do thionchar ar stádas an uisce. Tá a thuilleadh monatóireachta imfhiosrúcháin ar bun leis an tionchar ar stádas a chinntiú. Tá bunathruithe fisiciúla déanta ar uiscí do sholáthar uisce, loingseoireacht, iompar, cosaint ar thuillte, hidreachumacht, docharshaothrú agus draenáil talún. Tig le hathruithe den chineál sin laghdú a dhéanamh ar éagsúlacht na bpobal plandaí agus ainmhithe go díreach trí éifeacht ar ghnáthóga nó go hindíreach trí phróisis nádúrtha a athrú. Bíonn gá ag aibhneacha de mheascán de linnte agus scarbháin éadomhaine agus éagsúlacht i bpatrúin sreabhaidh, le gnáthóga a sholáthar d'éisc. Is minic na gnéithe seo bainte as ag draenáil abhann. Ní mór d'éisc imirceacha rochtain a bheith acu ar cheantair sceithe suas an sruth. Ar a shon sin, tig le coraí srian a chur le rochtain ag éisc mura ndeantar iad le gluaiseacht éisc, agus dá bhrí sin is féidir rath sceithe agus méid na bpobal a laghdú. Is féidir le struchtúir chrua mar chalaí agus chuanta ionadú nó laghdú a dhéanamh ar ghnáthóg nádúrtha. Tig le ró-iníor rátaí creimthe a mhéadú, ag cur isteach go suntasach ar réimis sioltaithe agus hidreolaíochta, agus tig leo bheith ina gcúis le damáiste fisiciúil agus cailliúint gnáthóg in aibhneacha. Mar a chéile, tig le draenáil agus forbairt talún, dífhoraioisí agus rochtain ag eallach beith ina gcúis le tionchair mar chreimeadh bruacha agus sioltú nó le riosca tuile a mhéadú de dheasca rith chun srutha níos tapúla. Léiríonn Mapa 2.8 na haibhneacha atá athraithe go fisiciúil agus imeallbhord atá neartaithe i CAI an Iarthuaiscirt.

Asbhaintí Uisce



Tá formhór na n-asbhaintí uisce inbhuanaithe i CAI an Iarthuaiscirt faoi láthair. Ar a shon sin, tá acmhainn ionchasach riosca ar 54 abhainn agus 28 loch de dhroim a dtionchar ionchasach ar shreabhadh aibhneacha agus leibhéil lochanna go háirithe i dtreimhsí ísealsreabhaidh. Asbhaintear mórmhéideanna uisce gach aon lá d'úsáid tí agus d'úsáid i dtalmhaíocht, tionsclaíocht agus áineas. Déantar cóireáil ar an gcuid is mó den uisce seo ar chaighdeán ard le neamhghlaine a bhaint as agus é a bheith oiriúnach do thomhaltas. Laghdaíonn an iomarca asbhainte sreabhaidh i dtuibreacha agus in aibhneacha agus is é is cúis le leibhéil níos ísle uisce i lochanna, i mbogaigh agus i dtuibreacha. Is féidir leis seo soláthairtí uisce a dhéanamh neamh-inbhuanaithe agus drochthionchar a bheith aige ar phlandaí agus ainmhithe uisceacha i gceantair bhogaigh. I gcásanna foircneacha is féidir go dtirimeodh grinneall abhann, go nochtfaí cladach locha agus, in áiteanna cois cósta go mbeadh an sáile ag púscadh isteach sa screamhuisce. Tig le méadú daonra agus athrú aeráide laghdú a dhéanamh ar an acmhainn uisce atá ar fáil in áiteanna áirithe amach anseo. Léiríonn Mapa 2.9 na láithreacha asbhainte i CAI an Iarthuaiscirt agus toirt na n-uiscí a asbhaintear.

Substaintí dainséaracha



Tá an clár monatóireachta do shubstaintí dainséaracha a tugadh isteach le déanaí tar éis docharlach amháin i CAI an Iarthuaiscirt, Abhainn na Bréadcha, a aithint mar áit ina bhfuil an stádas ceimiceach ag titim de dheasca an caighdeán Hidreacarbóin Ilaramataigh a shárú. Toisc an clár monatóireachta a bheith nua ní méid na faidhbe le substaintí dainséaracha measúnaithe ar fad fós. Tá réimse leathan ceimiceán, atá díobhálach don chomhshaoil uisceach agus a fhéadfadh a bheith nimhneach do dhaoine, do phlandaí agus d'ainmhithe, in a lán táirgí a úsáidtear go laethúil i dtithe, i dtionsclaíocht, i bhforaoiseacht, i dtalmhaíocht, ar láithreáin tógála agus in oibreacha cóireála uisce/fuíolluisce. Is féidir substaintí dainséaracha ó dhó breosla hidreacarbóin a bheith san uisce le sruth ó bhóithre agus ó cheantair uirbeacha. Is féidir substaintí dainséaracha áirithe ar leibhéal an-íseal a bheith nimhiúil do phlandaí agus d'ainmhithe uisceacha. Is féidir leo maireachtáil in uiscí agus i ndrúidair agus méadú i gcoirp orgánach uisceach, á nimhniú agus ag cruthú fadhbanna níos airde sa bhiashlabhra nó ag cur isteach ar a bpróiseas nádúrtha síolraithe.

Dobharshaothrú



Tá 12 uisce sainithe sliogéisc agus 35 feirm ceadúnaithe iasc eite i CAI an Iarthuaiscirt. Is iad iascáin, oisrí an Aigéin Chiúin agus oisrí dhúchais, breallaigh agus muiríní na príomhspeiceas sliogéisc a ndéantar feirmeoireacht orthu in Éirinn; bradáin agus an bric dea-dhathach na príomhéisc eite. Is i gcontaetha na Gaillimhe, Corcaí agus Dhún na nGall atá an líon is mó ceadúnas docharshaothraithe. Tig le gníomhaíocht docharshaothraithe (buainteoireacht san áireamh) muna ndéantar bainistíocht agus rialú ceart air, éifeacht a bheith aige ar cháilíocht uisce, ar ghnáthóg fhisiciúil, ar bhithéagsúlacht agus ar phobail de speicis dhúchais. Tig le feirmeoireacht iasc eite méadú a dhéanamh ar ualú cothaitheach agus ar thruailliú orgánach thart ar chásanna. Ceisteanna imní chomh maith is ea mí-úsáid ar cheimiceáin agus ar mhíochainí le galair rialú agus galrú ionchasach ar éisc fhiáin le fianú míolta mara cheal iad a bhainistiú go cuí. Léiríonn Mapa 2.10 suíomh gníomhaíochtaí docharshaothrú i CAI an Iarthuaiscirt.

Speicis ionraitheacha iasachta



Is ann do thaifid ar speicis iasachta, in measc Spairtíneach Ghallda (fuartha in uiscí cósta Loch Feabhail), agus Diúilicíní Riabhacha (fuarthas i gcóras Loch Éirne) in uiscí CAI an Iarthuaiscirt. Tá ocht speiceas uisceacha de phlandaí nó ainmhithe neamhdhúchasacha go náisiúnta, a bhunaigh iad féin go sásúil i ngnáthóga uisceacha agus a dtimpeallachta agus tá dochar á dhéanamh acu don bhflóra agus don bhfána nádúrtha agus tá bagairt ann go leathfaidh siad laistigh d'uiscí CAI an Iarthuaiscirt. Mórthagairt is ea na speicis seo d'éagsúlacht na bplandaí agus na n-ainmhithe dúchasacha. mar shampla trí chreach a dhéanamh orthu, ag iomaíocht go sáraitheach leo chun bia, ag athrú a ngnáthóg nó ag tabhairt isteach paitiginí nó brathaithe.

Cúrsáil agus bádóireacht



Gníomhaíochtaí tábhachtacha áineasa agus turasóireachta is ea cúrsáil agus bádóireacht ar chóras loingseoireachta na Sionainne-Éirne. Is féidir leis na gníomhaíochtaí seo fadhbanna áirithe áitiúla uisce a chruthú ar a n-áirítear eisilt ó leithris ar bord, suaithheadh fisiciúil ag sruth stiúrach bád agus baol go ndoirtfí ola innill.

Ceisteanna uiscí i bpáirt




Cuimsíonn CAI an Iarthuaiscirt 58 uisce dromchla trasteorann i bpáirt le Tuaisceart Éireann. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na hiarrachtaí le cosaint a dhéanamh ar na huiscí i bpáirt a chomhordú idir an dá dhlíne. Bhí ardleibhéal comhordaithe ann agus na pleananna seo á bhforbairt agus leanfar de sin sa chéim fheidhmiúcháin.








Athrú aeráide




Is deacair na tionchair ar leith a bhíonn ag athrú aeráide a thuair, ach is é is dóichí ná go gcuirfeadh na hathruithe seo le dúshlán bhainistíochta uisce sa todhchaí. Is féidir go gcruthódh stoirmeacha geimhridh níos troime níos mó tulcaí, ag cruthú méadaithe in ualaí idirleata truaillithe ó ithir ag rith chun srutha agus ag méadú ar an éileamh ar rialúchán tuilte. Is mó an dóchúlacht a bheadh le triomach samhraidh agus is féidir go dtiocfadh laghdú ar sholáthairtí uisce óil. Is féidir go dtabharfadh athruithe aeráide buntáiste iomaíoch do speicis ionracha coimhthíocha in ár n-uiscí, ag cur isteach ar bhithéagsúlacht dá réir. Is féidir go gcuirfeadh ardú ar leibhéal na farraige isteach freisin ar bhainistíocht uisce. Tá breis sonraí tugtha i gCaibidil 6 ar an mbealach a cuireadh athrú aeráide san áireamh agus na pleananna seo á bhforbairt.






	Gréasáin saothraithe casta
	Talamh thalmhaíochta is mó le ceantair fhásra nádúrtha
	Talamh curaíochta neamh-uiscithe
	Féarach
	Aibhneacha
	Bailte
	CAI an Iarthuaiscirt

Léirítear úsáidí talún i CAI an Iarthuaiscirt ar **Mhapa 2.4**




- Tailte fabhtaithe
- Líonta talún
- ▲ Mianaigh
- Cairéil
- Eisiltigh Thrádála Ceadúnaithe ag Údarás Áitiúla
- Eisiltigh Thrádála Ceadúnaithe ag GCC
- ▲ Saoráidí Chóiriú Fuíolluisce
- Aibhneacha
- Bailte
- CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 2.5 Ceisteanna pointe foinse truailithe i CAI an Iarthuaiscirt




- Córás Chóireála Fuíolluisce Ar-Suíomh
- Aibhneacha
- Bailte
- ▭ CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 2.6 Suíomhanna maoinne neamhshéaraithe i CAI an Iarthuaiscirt





Mapa 2.7 Foraoiseacht i CAI an Iarthuaiscirt



- Claífoirt Aibhneacha
- Cainéalú Aibhneacha
- Claífoirt Mhuirí
- Atreisiú Línte Chladaigh Mhuirí
- Aibhneacha
- Bailte
- ▭ CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 2.8 Brúnna fisiciúla athruithe i CAI an Iarthuaiscirt



Mapa 2.9 Brúnna asbhainte ($m^3 \text{ l}^{-1}$) i CAI an Iarthuaiscirt

3 Stádas na n-uiscí i CAI an Iarthuaiscirt

3.1 Monatóireacht agus Rangú

Tá clár nua monatóireachta, géilliúil don Chreat-Treoir Uisce, forbartha ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le forbheathnú comhtháite agus cuimsitheach a bhunú ar stádas uisce laistigh d'Éirinn. Tugadh an clár seo isteach go sonrath le feidhm a thabhairt don Chreat-Theoir Uisce. Tógann sé ar chláir mhonatóireachta roimhe seo agus soláthraíonn measúnú níos cuimsithe ar cháilíocht agus ar chainníocht uisce. Cuimsíonn sé trí phríomhlíonra monatóireachta: faireachais, feidhmíochta agus imfhiosraitheachta.

- Dearadh an clár monatóireachta faireachais le bheith ionadaíoch ar stádas ginearálta ag soláthar sonraí ar threochtaí fadtéamacha, uiscí móra suntasacha idirnáisiúnta agus bailíochtú ar mheasúnuithe riosca a dhéantar le tréithriú a dhéanamh ar dhobharlacha. Déantar scrúdú ar raon iomlán paraiméadar ag suíomhanna monatóireachta faireachais.
- Tá monatóireacht feidhmíochta ceaptha le measúnú a dhéanamh ar éifeacht chlár beartas ag áireamh beartas le dul i ngleic le truailliú, beartas le haghaidh a thabhairt ar thionchair eile le stádas ard nó maith a bhuanú. Dá bhrí sin cuimsíonn an clár monatóireachta do bharrlacha atá faoi bhun stádais mhaith agus do bharrlacha atá ar stádas maith nó ard.
- Feidhmítear monatóireacht imfhiosraitheach nuair nach eol cad is cúis leis an teip stádais, le méid agus tionchair an truaillithe a bhaint amach agus le fáil amach cé na fachtóir is cúis le teip na ndobharlach na spriocanna comhshaoil a bhaint amach.

Cuimsíonn monatóireacht ar uiscí dromchla paraiméadair éiceolaíochta agus cheimiceáin agus chomh maith leis sin leibhéal agus ráta sreabhaidh uisce. Do dhobharlacha screamhuisce clúdaíonn an clár monatóireacht ar cheimiceáin agus stádas cainníochta. Déantar monatóireacht chomh maith ar cheantair faoi chosaint agus ar bhogaigh. Tháinig an clár nua monatóireachta i bhfeidhm in 2007. San áireamh ann tá monatóireacht a éilítear faoi Shaintreoracha eile AE agus tagann sé in áit na gclár reatha monatóireachta d'aibhneacha agus lochanna, screamhuisce, uiscí cósta agus inbhir. Tá struchtúr agus ábhar an chláir mhonatóireachta ina dtoradh ar phróiseas mórthaighde agus forbartha a rinneadh le feidhm a thabhairt don Chreat-Treoir Uisce. Sainítear tascanna monatóireachta don Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Príomh-Bhord Iascaigh, Foras na Mara, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Éireann agus údarais áitiúla.



Tá an clár monatóireachta náisiúnta 'ionadaíoch', is é sin le rá go meastar do bharrlacha áirithe a bheith ionadaíoch ar chinn eile le tréithe fisiciúla atá mar a chéile (tíopeolaíocht), agus le rioscaí den chineál céanna a stádas uisce. Déantar monatóireacht ar na do bharrlacha ionadaíoch (deontóir) seo agus déantar a stádas a eachtarshuí do na do bharrlacha neamh-mhonatóirithe (fála). I gcásanna áirithe is féidir breis is suíomh amháin monatóireachta a bheith i ndobharlacha faoi mhonatóireacht. Go náisiúnta, déantar monatóireacht ar 1,840 as 4,585 do bharrlach abhann (cuimsíonn seo 3,077 suíomh), 224 as 816 do bharrlach locha, 151 as 757 do bharrlach screamhuisce (cuimsíonn seo 297 suíomh) agus 117 as 309 do bharrlach cósta agus trasdultach (cuimsíonn seo 185 suíomh monatóireachta). Déanann clár monatóireachta CAI an Iarthuaiscirt measúnú ar 230 as 703 do bharrlach abhann (ag 432 suíomh), 63 as 233 do bharrlach locha, 8 as 72 do bharrlach screamhuisce (ag 14 suíomh) agus 13 as 45 uisce cósta agus trasdultach (ag 17 suíomh).

Tá córais nua rangaithe bitheolaíochta forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do sheacht gcinn de tuairisceoirí eiliminte bitheolaíochta (aibhneacha- maicrinveireabracha [eilimint cháilíochta] agus fíiteantós, lochanna- bithmhais fhíteaplanctóin agus maicrifotais, uiscí cósta agus trasdultacha - bithmhais fhíteaplanctóin, macra- algae deistapaíoch agus liosta speiceas laghdaithe

cladaigh) le cuidiú le measúnú stádais do bharlach dromchla. Tá idirchalabrá déanta ar na córais rangaithe seo le deimhin a dhéanamh d'ionchomparáid torthaí ar fud ballstát an AE. Tá caighdeán nua forbartha do sheacht bparaméadar fisicea-cheimice agus 62 substaint cheimice chomh maith. Tá na caighdeán nua bunaithe ag na Rialacháin um Spriocanna Cáilíochta Comhshaoil d'Uiscí Dromchla (IR 272 de 2009) agus na Rialacháin um Spriocanna Cáilíochta Comhshaoil do Screamhuiscí (IR 9 de 2010). Leanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag forbairt na gcóras rangaithe bitheolaíochta agus lena n-idirchalabraithe ar leibhéal AE. Tá an Ghníomhaireacht ag leanúint d'athbhreithniú ar chaighdeán cáilíochta agus is féidir go molfadh sí caighdeán bhreise nuair a meastar gur gá sin. Tá na córais nua rangaithe níos déine ná na córais a bhí ann roimhe seo toisc go ndéanann siad tomhas ar aon níos mó d'eilimintí bitheolaíochta agus truailléan. Tig le teip ar eilimint amháin bitheolaíoch nó caighdeán ceimicigh íosghrádú a dhéanamh ar ollstádas na n-uiscí.

Tá sonraí de chlár monatóireachta na Creat-Treorach Uisce, de na caighdeán nua rangaithe agus de na próisis le stádas a shocrú d'uiscí dromchlacha agus do screamhuiscí ar fáil sna doiciméid monatóireachta agus stádais chúlraídeacha ag (www.wfdireland.ie).

Tá measúnuithe trasdultacha déanta ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar uiscí dromchla de réir a stádas éiceolaíochta agus a stádas ceimice bunaithe ar thorthaí na monatóireachta a rinneadh in 2007 agus 2008. Rinneadh measúnú ar screamhuiscí bunaithe ar chóras a chuingrionn stádais cheimicigh agus cainníochta. Léiríonn an plean an tuiscint reatha is fearr ar stádas na n-uiscí i CAI an Iarthuaiscirt ag úsáid na gcóras nua rangaithe, caighdeán agus faisnéise monatóireachta.


Déanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil uasdátú ar an stádas de réir mar a dhéantar sonraí monatóireachta, agus uirlisí nua eolaíochta lena mhíniú, a fheidhmiú agus a fheabhsú. Tabharfar tuairisc in 2011 ar na torthaí deiridh ar an gcéad timthriall monatóireachta a críochnaíodh agus a rinneadh in 2007-2009. Tá monatóireacht ar uiscí intíre, ag áireamh aibhneacha, lochanna agus screamhuiscí, seanbhunaithe um an dtaca seo. Tá na clár mhonatóireachta cósta agus inbhir fós le feidhmiú go hiomlán. Déanfar an stádas a uasdátú de réir mar a bheidh faisnéis mhonatóireachta ar fáil. Déanfar clár lán ghéilliúil monatóireachta CTU d'uiscí trasdultacha agus cósta a thionscain mar rud práinneach agus feidhmeofar é ar a dhéanaí faoi Nollaig 2011. Críochnófar rangú na n-uiscí trasdultacha agus cósta uile a luaithe is a meastar don GCC go bhfuil go leor sonraí monatóireachta ar fáil.


D'fhonn rangú idirlinne ar uiscí trasdultacha agus cósta a chríochnú, tá tionscadal, faoi cheannas na hInstitiúide Muirí ar sceideal le críochnú i Meán Fómhair 2010, idir lámha. Aithneoidh agus próiseálfaidh an tionscadal na sonraí atá ann maidir leis na huiscí sin gur féidir stádas a shainiú dóibh don tréimhse tagartha 2007-2009, nuair atá a leithéid d'fhaisnéis ar fáil faoi láthair.

Déanfar athbhreithniú agus leasú ar chlár na mbeartas má tharlaíonn athruithe suntasacha ar stádas de thoradh uasdátaithe.

Is féidir féachaint ar stádas mionsonraithe aibhneacha, canálacha, lochanna, taiscumair, inbhir, uiscí cósta nó screamhuiscí indibhidiúla an cheantair ag úsáid an mhapa idirghníomhach Mapaí Uisce ar www.wfdireland.ie; tá sonraí mapáilte agus táblú ar phlean gníomhaíochta Aonad Bainistíochta Uisce sna doiciméid chúlraíde (ar fáil ag www.wfdireland.ie).

3.2 Stádas uisce dromchla





- ▲ Suíomhanna Monatóireachta Aibhneacha
- ⬠ Suíomhanna Monatóireachta Lochanna
- Suíomhanna Monatóireachta Trasdultach agus Cósta
- Suíomhanna Monatóireachta Screamhuiscí
- Aibhneacha
- Bailte
- CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 3.1 Suíomhanna monatóireachta uisce dromchla agus screamhuiscé i CAI an Iarthuaiscirt

3.2.1 Stádas éiceolaíoch uisce dromchla

Bailíonn an clár monatóireachta sonraí ar phlandaí, feithidí agus éisc áirithe, in éineacht le caighdeán uisce tacaíochta, hidreolaíocht agus caighdeán mhoirfeolaíochta. Úsáidtear torthaí na faisnéise monatóireachta seo le stádas éiceolaíochta a shannadh d'uiscí. Déantar uiscí a shannadh do cheann de chúig rang stádais éiceolaíochta; ard, maith, measartha, bocht nó olc.

Bunaíodh na córais rangaithe bitheolaíochta d'fhonn iad a bheith ionchomparáid agus ag teacht le luach na Creat-Treorach Uisce ar na teorainneacha idir na ranguithe stádais ard agus maith, agus idir stádas maith agus measartha trí chleachtas idirchlabraithe an AE le rannpháirtíocht na mballstát uile.

Déantar rangú ar dhobharlacha mórathruithe de réir a n-acmhainne ionchais arb léiriú é ar cháilíocht struchtúir agus feidhmíochta na n-éiceachóras uisceach a bhaineann leo. Déantar rangú ar na huiscí mar acmhainn éiceolaíochta maith nó níos fearr, is é sin uas-acmhainn éiceolaíochta, nó acmhainn measartha nó níos measa.

Comhnascann rangú éiceolaíoch uisce dromchla trí fhachtóir:

- bitheolaíocht
- tacaíocht a thabhairt do choinníollacha cáilíochta uisce (coinníollacha ginearálta agus truailleáin ar leith)
- tacaíocht a thabhairt do hidreolaíocht agus do mhoirfeolaíocht (ríocht fisiciúil).


Cinntear ollstádas éiceolaíochta de réir na heilimintí scórála is boichte a mheastar sa dobharlach.


Bitheolaíocht

Déanann an rangú bitheolaíochta cur síos ar an méid atá gníomhaíocht daonna tar éis athrú a dhéanamh ar phobail ainmhithe agus phlandaí uisceacha i gcomparáid le coinníollacha nár cuireadh isteach orthu. Is iad na hainmhithe agus na plandaí ná:

Tábla 3.1 Plandaí agus ainmhithe uisceacha sa chóras rangaithe bitheolaíochta uisce dromchla

	Aibhneacha agus lochanna	Muirí (inbhir agus uiscí cois cósta)
Ainmhithe	Éisc Inveirteabraigh uisceacha (mar shampla feithidí, Cruthaigh, mollusc, phéisteanna)	Éisc (in inbhir) Inveirteabraigh uisceacha ag maireachtáil i ndríodair bhoga ar ghlinneall na farraige agus ar chladaigh
Plandaí	Diatom (orgánaigh micreascópachta phlanda) Maicrifotais (plandaí uisceacha atá níos mó) Algaí snáithíneacha Fhiteaplanctóin (planda micreascópachta ina bhfuil clóraifill an Lí ghlais) i lochanna agus aibhneacha doimhne	Feamainn Féir mhara Fíteaplanctón muirí





- Ard
- Maith
- Measartha
- Bocht
- Olc
- Fós le Cinneadh
- Bailte
- CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 3.2 Stádas éiceolaíochta uisce dromchla sa CAI an Iarthuaiscirt

Coinníollacha cáilíochta uisce tacaíochta

Ní mór gur leor na coinníollacha cáilíochta le pobal sláintiúil bitheolaíochta uisceach a chothú. Tá caighdeáin chomhshaoil bunaithe do pharaiméadair ghinearálta fisiceimiceacha agus do shaintruailléain d'fhonn stádas éiceolaíochta a chosaint. Is iad fachtóirí cáilíochta na n-uiscí cothabhála ag a mbíonn éifeacht ar stádas éiceolaíoch ná:

- coinníollacha ginearálta fisiceimice ar a n-áirítear ocsaigín, cothaitheigh, trédhearcthacht (soiléire uisce), teocht, stádas aigéid agus salandacht;
- saintruailléain atá ina gcúis imní in Éirinn, ina measc; miotail áirithe, lotnaidicídí agus cumaisc hidreacarbóin.

Hidreolaíocht agus moirfeolaíocht chothabhála


Ní mór gur leor na coinníollacha hidreolaíochta agus moirfeolaíochta le pobal sláintiúil bitheolaíochta uisceach a chothú. Cuimsíonn coinníollacha hidreolaíochta sreabhadh abhann, leibhéal locha agus patrúin taoide agus déantar measúnú orthu ag úsáid an chláir monatóireachta náisiúnta hidriméadrach. Déantar moirfeolaíocht a mheas trí shuirbhéireacht ar chruth chainéil, foshraithe agus grinnill ag úsáid na gcóras nua rangaithe a forbraíodh chun críche pleanála abhantraí.

Tá achoimre ar ollstádas éiceolaíochta (nó acmhainn éiceolaíochta) do bharlach i CAI an Iarthuaiscirt bunaithe ar na trí fhachtóir i gcumasc, i dTábla Table 3.2.

Tábla 3.2 Stádas/acmhainne éiceolaíoch uisce dromchla i CAI an Iarthuaiscirt


	Abhainn agus Canáil Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)
Ard	98 (14%)	61 (26%)	5 (23%)	6 (26%)
	194 (7%)	12 (7%)	12 (9%)	239 (11%)
Maith	285 (40%)	58 (25%)	1 (5%)	0 (0%)
	910 (32%)	26 (16%)	3 (2%)	0 (0%)
Measartha	162 (23%)	103 (44%)	8 (36%) 114 (87%)	7 (30%) 215 (9%)
	871 (31%)	122 (73%)		
Bocht	154 (22%)	6 (3%)		
	837 (29%)	3 (2%)		
Olc	5 (1%)	4 (2%)		
	23 (1%)	3 (2%)		
Fós le cinneadh	1 (0.1%)	1 (0.4%)	8 (36%)	10 (44%)
	2.7 (0.1%)	1 (0.1%)	3 (2%)	1776 (80%)

Abhainn agus Canáil Uimhir




- Ard
- Maith
- Measartha
- Bocht
- Olc
- Fós le Cinneadh

Lochanna & taiscumair Uimhir




- Ard
- Maith
- Measartha
- Bocht
- Olc
- Fós le Cinneadh

Inbhir Uimhir




- Ard
- Maith
- Measartha
- Fós le Cinneadh

Cósta Uuimhir



- Ard
- Maith
- Measartha
- Fós le Cinneadh

Figiúr 3.1 Stádas éiceolaíochta uisce dromchla i CAI an Iarthuaiscirt



Mapa 3.3 Stádas ceimiceach uisce dromchla i CAI an Iarthuaiscirt

3.2.2 Stádas ceimiceach uisce dromchla

Tá caighdeán bunaithe ar fud an AE do substaintí tosaíochta agus acmhainn tosaíochta guaiseacha ar a n-áirítear miotail áirithe, lotnaidicídí, hidreacarbóin, so-ghalacháin agus cumaisc réabóirí hormóin. Tá na caighdeáin seo tras-suite go dlí na hÉireann (IR 272 de 2009). Ciallaíonn sárú ar chaighdeán go dteipeann do bharlach stádas maith ceimiceach a bheith aige.

Tá dhá aicme ann do stádas ceimiceach uisce dromchlach: maith nó teip.

Tábla 3.3 Stádas ceimiceach uisce dromchla i CAI an Iarthuaiscirt

	Abhainn agus Canáil Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)
Maith	15 (75%)	7 (35%)	2 (50%)	1 (25%)
	170 (84%)	28 (74%)	16 (30%)	30 (3%)
Teip	1 (5%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
	5 (3%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
Fós le cinneadh	4 (20%)	13 (65%)	2 (50%)	3 (75%)
	28 (15%)	10 (26%)	37 (70%)	937 (97%)

3.3 Screamhuisce

Forbraíodh an clár monatóireachta screamhuisce (Mapa 3.1) lena bheith ionadaíoch ar a leithéid d'uisc in Éirinn; le feabhas a chur ar eolas faoi cháilíocht agus chainníocht screamhuisce, agus na naisc idir screamhuisce agus sláinte éiceolaíochta na fáiltóirí uisce dromchla a bhaineann leis. Roghnaíodh pointí monatóireachta lena bheith ionadaíoch ar éagsúlachtaí i mbrúnna hidrigeolaíochta agus daonna ar fud do bharlaigh agus le bheith ag teacht leis na 'meán' tíúchain de thruailleáin sa do bharlach trí chéile. Cuimsíonn an clár monatóireachta;

- líonra monatóireachta cainníochta (bunaithe ar mheasúnú ar leibhéil uisce agus ar mheastacháin de chothromaíocht uisce);
- líonra monatóireachta faireachais agus feidhmíochta um cháilíocht uisce;
- monatóireacht chuí le tacaíocht a thabhairt do bhaint amach spriocanna cheantar faoi chosaint, mar shampla uisce óil agus ceantair faoi chosaint do Ghnáthóga.

Tá líon agus suíomh na bpointí monatóireacht faoi thionchar ag tréithíocht hidrigeolaíochta an CAI an Iarthuaiscirt. Tá cúig phointe monatóireachta cáilíochta screamhuisce agus ceithre phointe monatóireachta ar leibhéal screamhuisce suite in áiteanna faoina bhfuil bunchloch táirgiúil agus uiscígh gainimhe/gairbhéil (16% den cheantar). Tá carraigeacha gur bocht a dtáirgeadh, faoi 84% den cheantar, ar a dtréithíocht tá ard rith chun srutha ón dromchla, cáilíochtaí ísle tarchurthachta agus stórála, táirgeadh íseal ar thuibreacha, córais bheaga sreabhaidh áitiúla faoi thalamh agus cor chríos chaol tarchurthachta ard. Dá dhroim sin tá fadhb le líonra ionadaíoch a bhaint amach sna carraigeacha seo. Tá dhá thobar monatóireachta suite i gcreasa ard-tarchurthachta. Ina theannta sin, roghnaíodh do bharcheantar srutháin bheag - fo-abhainn den Charraigin ag Goirtín Shléibhe, lastuaidh de Leitir Ceanainn – do dhianmmonatóireacht. Tá deich gcinn de thuibreacha curtha isteach ar dhoimhneachta éagsúla i gcnuasach de thrí thobar ar feadh traschreasa a ghabhann go hingearach le sruthán Ghoirtín Shléibhe. Soláthróidh siad seo faisnéis ardchaighdeán ceimice agus leibhéil screamhuisce, a chuideoidh le tuiscint ar screamhuisce i gcarraigeacha den chineál céanna i CAI an Iarthuaiscirt agus i gceantair eile in Éirinn.






Mapa 3.4 Stádas screamhuisce i CAI an Iarthuaiscirt

Tá rangú dobharlacha screamhuisce éagsúl leis an n-í a dhéantar do dhobharlacha d'uisce dromchla, sa mhéid is go dtagrann caighdeáin uisce dromchla do stádas éiceolaíoch agus go gcinneann na caighdeáin sin rangú na dteorainneacha. Ní dhéanann stádas screamhuisce measúnú díreach ar éiceolaíocht, ach tógann an próiseas rangaithe ceann de riachtanais éiceolaíochta éiceachórais na n-aibhneacha, lochanna agus talún ábhartha a bhíonn ag brath ar chion tairbhe ó screamhuisce. Príomh-chomhdhéantasach eile de rangú screamhuisce is ea measúnú ar thionchar truaillithe ar úsáidí (nó úsáidí ionchasacha) screamhuisce ón dobharlach screamhuisce, do sholáthar uisce mar shampla. Tá tairseacha forbartha ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do dhaichead truailléan atá ina mbagairt ar dhobharlacha screamhuisce. Cuimsíonn siad substaintí neamh-orgánacha, miotail, loitnaidicídí agus substaintí orgánacha. Spreagann sárú ar luach thairisí ábhartha ar phointe ionadaíoch monatóireachta a thuilleadh imfhiosruithe lena dheimhniú go bhfuil na critéir do stádas ceimice do screamhuisce bocht á sásamh. Má tá na critéir do stádas ceimice bocht á sásamh rangaitear dobharlach nó grúpa dobharlach screamhuisce ar stádas ceimice bocht.

Tábla 3.4 Stádas dobharlach screamhuisce i CAI an Iarthuaiscirt

Screamhuisce	Stádas ceimice Uimhir (%) Ceantar km ² (%)	Stádas Cainníochta Uimhir (%) Ceantar km ² (%)	Comhstádas Uimhir (%) Ceantar km ² (%)
Maith	72 (100%)	72 (100%)	72 (100%)
	7421 (100%)	7421 (100%)	7421 (100%)
Bocht	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)



Comhstádas

- Maith
- Bocht

Figióir 3.2 Comhstádas screamhuisce i CAI an Iarthuaiscirt



3.4 Ceantair faoi chosaint

Do dhobharlacha ina bhfuil ceantair uisce spleácha, tógann an measúnú ceann de spriocanna uisce ghaolmhara a ceapadh don cheantar sin faoi chosaint ag an reachtaíocht AE faoinar bunaíodh an ceantar áirithe faoi chosaint. Nuair nach bhfuil na caighdeáin nó na spriocanna do dhobharlacha i gceantar faoi chosaint sásaithe, de dheasca teip ar na caighdeáin nó na cáilíochtaí hidreolaíochta a shásamh, sannann an GCC stádas éiceolaíochta faoi bhun maith dó ag teacht le forálacha na Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil Uisce Dromchla (IR 272 de 2009).

Bhí sé phobal sainithe diúilicíní péarla fíoruisce i CAI an Iarthuaiscirt nár bhain amach a gcuid spriocanna do cheantar faoi chosaint de dheasca caighdeán cáilíochta uisce agus dá bhrí sin tá a stádas íosghrádaithe. Ní bhaineann na dobharcheantair stádas fabhrúil chaomhantais amach agus teipeann formhór na riachtanas a shainítear i Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil na gComhphobal Eorpacha (Diúilicíní Péarla Fíoruisce) Regulations (IR 296 de 2009) orthu. Is iad na dobharcheantair Diúilicíní Péarla Fíoruisce iad sin ná:

- Clóidigh – tá cáilíocht ghnáthóg an daonra ag teip trí mórchuid micrifíte agus scannán d'algae ghlas a bheith ann ag léiriú rólódáil chothaithe. Léiríonn a phróifíl déimeagrafach chomh maith nach leor líon na ndiúilicíní óga atá ann le hathsholáthar inbhuanaithe a dhéanamh ar líon na mball lánfhásta atá ann faoi láthair. Déanadh íosghrádú ar an stádas i ndobharlach abhann amháin.
- Eisc – tá tátal le baint as an bhfianaise go bhfuil cáilíocht ghnáthóg an daonra ag teip de dheasca sioltacháin throm. Tuigtear ón a phróifíl déimeagrafach nach leor líon n-óga atá ann le hathsholáthar inbhuanaithe a dhéanamh ar líon na mball lánfhásta atá ann faoi láthair. Déanadh íosghrádú ar an stádas i ndobharlach abhann amháin.
- Glaskeelan – tá tátal le baint as an bhfianaise go bhfuil cáilíocht ghnáthóg an daonra ag teip de dheasca sioltacháin throm. Cé go bhfuil líon maith lánfhásta ar fail ar fud an dobharcheantair, tá diúilicíní óga agus beaga ($\leq 65\text{mm}$) tearc de dheasca coinníollach mí-oiriúnacha gnáthóige. Déanadh íosghrádú ar an stádas in dhá dhobharlach abhann.
- An Leanainn – tá tátal le baint as an bhfianaise go bhfuil cáilíocht ghnáthóg an daonra ag teip de dheasca géarshíoltacháin. Ní léiríonn a phróifíl déimeagrafach aon fhianaise ar athsholáthar inbhuanaithe ar líon reatha na mball lánfhásta. Tá an stádas measartha nó níos measa de dheasca fachtóirí eile sna dobharlacha ina bhfuil diúilicíní péarla lonnaithe.
- Abhainn Choradh – tá sé le tuiscint ón bhfianaise go bhfuil an daonra ag teip de dheasca meathlaithe ar cháilíocht na gnáthóige de dhroim ardleibhéil sioltacháin agus fás micrifíte. Léiríonn a phróifíl déimeagrafach nach leor líon na n-óga atá ann le hathsholáthar inbhuanaithe a dhéanamh ar líon na mball lánfhásta atá ann faoi láthair. Déanadh íosghrádú ar an stádas in dhá dhobharlach abhann.
- Abhainn Fhia – tá tátal le baint as an bhfianaise go bhfuil cáilíocht ghnáthóg an daonra ag teip de dheasca sioltacháin throm agus fás micrifíte. Léiríonn a phróifíl déimeagrafach nach leor líon na n-óga atá ann le hathsholáthar inbhuanaithe a dhéanamh ar líon na mball lánfhásta atá ann faoi láthair. Déanadh íosghrádú ar an stádas i ndobharlach abhann amháin.



4 Na Cuspóirí do CAI an Iarthuaiscirt

Agus stádas na n-uiscí bainte amach de réir na faisnéise is fearr dá bhfuil ar fáil, is é is céad chéim eile ná spriocanna comhshaoil a leagan síos do na huiscí. Chuir leagan amach na spriocanna san áireamh uiscí gur gá dóibh cosaint ar mheathlú chomh maith le huiscí gur gá dóibh athshlánú agus na scálaí ama is gá don athshlánú. Leagann an rannán seo den phlean na spriocanna gur aidhm don phlean iad a bhaint amach. Tá ceithre chroí-sprioc comhshaoil ag an gCreat-Threoir Uisce; ceadáíonn sé chomh maith spriocanna roghnacha a leagan síos faoi thoscaí áirithe.

Bunaíonn na Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil d'Uiscí Dromchla (IR 272 de 2009) le déanaí agus na Rialacháin nua um Spriocanna Comhshaoil do Screamhuiscí (IR 9 de 2010) an bonn dlíthiúil do leagan síos spriocanna d'uiscí. Leagann na rialacháin seo dualgas ar údaráis phoiblí iarracht a dhéanamh ar na spriocanna seo a bhaint amach trína gcuid feidhmeanna.

Tá spriocanna leagtha síos ag na húdaráis d'uiscí uile i CAI an Iarthuaiscirt. Tá comhordú déanta ar na cuspóirí le Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann, a bhfuil freagracht uirthi maidir le cuspóirí a leagan síos do Thuaisceart Éireann.

4.1 Na croíchuspóirí

Bunaíonn an plean ceithre chroí-sprioc comhshaoil le baint amach tríd is tríd faoi 2015:

- Cosc a chur ar mheathlúchán
- Stádas maith a thabhairt ar ais;
- laghdú a dhéanamh ar thruailliú ceimiceach;
- spriocanna uisce ghaolmhara ceantair faoi chosaint a bhaint amach.

Léiríonn táblaí 4.1 go 4.4 cé na spriocanna a bhaineann le huiscí CAI an Iarthuaiscirt. Tá tuilleadh eolais le fáil sna doiciméid cúlraide um spriocanna agus ar an mapa idirghníomhach gréasánbhunaithe Mapaí Uisce ag www.wfdireland.ie.

4.1.1 Cosc meathlúcháin

Éilíonn an Treoir go bhfeidhmeofaí na beartais is gá le meathlúchán ar stádas .

Tá béim curtha ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, mar phríomhchúis imní, an meath ar ardstádas uiscí le fiche bliain anuas. Dar tuarascáil tháscairí 2009 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil tá líon na suíomh abhann ardchaighdeáin laghdaithe faoina leath geall leis go náisiúnta sna 20 bliain seo caite agus tá CAI an Iarthuaiscirt ar cheann de na ceantair is mó ina raibh laghdú ar shuíomhanna abhann ardchaighdeáin.



Table 4.1 Dobharlacha ar stádas ard nó maith faoi láthair

Stádas reatha	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)	Screamhuisce Uimhir (%) Achar km ² (%)
Ard nó Maith	383 (54%) 1105 (39%)	119 (51%) 38 (23%)	6 (28%) 14 (11%)	6 (26%) 239 (11%)	72 (100%) 7421 (100%)

4.1.2 Stádas maith a thabhairt ar ais

Is é is sprioc d'uiscí dromchla ná feabhas a chur ar na huiscí mar is gá d'fhonn stádas éiceolaíochta maith ar a laghad a bhaint amach.

Is é is sprioc do screamhuiscí ná stádas maithe a thabhairt ar ais, iompú droim ar ais a dhéanamh ar threochtaí suntasacha buanaithe maolaithe cáillíochta.

Tá athshlánú ar stádas maith le baint amach tríd is tríd faoi 2015 mar atá sin indéanta go teicniúil, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus gan a bheith ar chostas díréireach sin a dhéanamh. Ar a shon sin, ainneoin beartais áirithe a fheidhmiú glacfaidh sé níos mó ama ar uiscí áirithe ná ar uiscí eile a sprioc a bhaint amach de dheasca rátaí nádúrtha níos moille athshlánaithe de dhroim toiscaí áitiúla (mar shampla leibhéil arda fosfair a bheith san ithir cheana féin, tréithe na hitreach agus coinníollacha hidrigeolaíochta).

Léiríonn torthaí an rangaithe do CAI an Iarthuaiscirt go bhfuil 318 abhainn agus canáil, 113 loch agus taiscumar, 8 n-inbhear agus 7 n-uisce cósta faoi bhun stádais mhaith faoi láthair agus gur gá iad a athshlánú go stádas maith.

Tábla 4.2 Dobharlacha ar stádas níos lú ná maith faoi láthair

Stádas reatha	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)	Screamhuisce Uimhir (%) Achar km ² (%)
	321 (46%)	113 (48%)	8 (36%)	7 (30%)	0 (0%)
Níos lú ná maith	1731 (61%)	128 (75%)	114 (87%)	215 (10%)	0 (0%)

4.1.3 Truailliú ceimiceach a laghdú in uiscí dromchla



Is é is príomhchuspóir ná laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar thruailliú ar uisce dromchla ó shubstaintí tosaíochta agus eisiltí, diúscairtí agus cailteanais substaintí tosaíochta guaiseacha a stop nó a chealú go céimnithe. Bhunaigh an AE caighdeán ceimiceacha do shubstaint is daichead. Tá an clár monatóireachta ceimicí críochnaithe d'fhíoruisc agus do screamhuisc, ach ní raibh tacar iomlán na dtorthaí do 2009 ar fáil le plé sa mheasúnú reatha. Níl na sonraí comhfhreagracha d'uiscí trasdultacha agus cósta ar fáil. Bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta atá ar fáil go dtí seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil leibhéal na dteipeanna an-íseal. Theip ar abhainn amháin ar stádas ceimice, an Bhréadcha ag Bun an Phobail, as 20 suíomh ar a ndearnadh monatóireacht go dtí seo i CAI an Iarthuaiscirt (de dheasca na gcaighdeán Hidreacarbón Ilaramatach a shárú); tá obair idir lámha leis an bhfoinse a aithint agus le cinneadh a dhéanamh ar na beartais chúil le truailliú ceimiceach a laghdú.

Tábla 4.3 Dobharlacha a dteipeann caighdeán truailithe ceimicí orthu faoi láthair

Stádas reatha	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)
Ag teip stádais ceimicí	1 (5%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
	5 (3%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)

4.1.4 Cuspóirí na gceantar faoi chosaint a bhaint amach

Is ann do cheantair áirithe faoi chosaint nach mbaineann amach a gcuid spriocanna do cheantair faoi chosaint de dheasca coinníollacha cáilíochta uisce. Is cuspóir do na dobharlacha a bhaineann leis na ceantair seo faoi chosaint iad a thabhairt ar ais chun go sásóidh siad na caighdeán ábhartha uile d'uisce. I CAI an Iarthuaiscirt ar na suíomhanna faoi chosaint is goillúnaí tá sé láithreán sainithe ina bhfuil pobail de dhiúilicíní péarla fíoruisce atá ar stádas míshásúil caomhantais de dheasca maolaithe ar chailíocht uisce, go háirithe sioltachán tom agus saibhriú cothaitheigh.



Tábla 4.4 Dobharlacha a bhaineann le ceantair faoi chosaint

	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)
Uiscí ag tabhairt tacaíochta do cheantair faoi chosaint	414 (59%)	201 (86%)	22 (100%)	23 (100%)
	1,904 (50%)	106 (81%)	132 (100%)	2230 (100%)

4.2 Cuspóirí malartacha

Ceadaíonn an Creat-Treoir Uisce malairt chuspóirí a leagan síos faoi chúinsí áirithe sonraithe:

- srianta teicniúla, eacnamaíochta, comhshaoil nó athshlánaithe. I gcásanna áirithe tá spriocdhátaí sínte socraithe d'uiscí mar is gá;
- nádúr agus úsáidí uiscí áirithe saorga nó mórathraithe. Tá spriocanna malartacha leagtha síos le ceann a thógáil dá n-úsáid inbhuanaithe;
- athruithe nua fisiciúla agus forbairtí inbhuanaithe molta. If féidir go gcaithfear spriocanna malartacha a leagan síos le freastal ar thionscadail sa todhcháí.

Sna cásanna seo, ní mór fobheartais a ghlacadh leis an stádas is fearr is féidir a bhaint amach faoi 2015, go fiú nuair atá malairt spriocanna leagtha síos. Bunaíonn an plean seo malairt spriocanna d'uiscí áirithe ag teacht leis na Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil d'Uiscí Dromchla (IR 272 de 2009) agus Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil do Screamhuiscí (IR 9 de 2010). Tá a thuilleadh faisnéise ar spriocanna malartacha ar fáil ar www.wfdireland.ie.



4.2.1 Spriocdhátaí sínte

Is féidir spriocanna sínte, timthriall amháin pleanála de ghnáth (6 blian, go 2021) agus i gcásanna áirithe dhá thimthriall (go 2027) a fheidhmiú do dhobharlacha áirithe de bhun srianta teicniúla, eacnamaíochta, comhshaoil nó athshlánaithe.


I gcásanna áirithe eile is gá imfhiosruithe le deimhin a dhéanamh de mhéid tionchar nó le beartais chúí a aithint agus a fheidhmiú. Tá éifeacht beartas áirithe éiginnte agus meastar go nglacfaidh athshlánú stádais níos mó ná an chéad thimthriall pleanála. Tá na cúiseanna a bhaineann le riachtanas sínte ar scálaí ama le huiscí áirithe a tabhairt ar ais go stádas maith i CAI an Iarthuaiscirt leagtha amach i dTábla 4.5. Tá na huiscí ar a bhfuil sínte ar scálaí ama socraithe léirithe i Mapaí 4.1 go 4.5.

Coimeádfar spriocanna faoi bhreithniú le linn na dtimthriall ar leith pleanála. Faoi chúinsí teoranta áirithe is féidir go mbeidh gá le sprioc nach bhfuil chomh dian céanna a fheidhmiú má léiríonn measúnuithe nach féidir stádas maith a bhaint amach faoi 2027.


Tábla 4.5 Cúiseanna gur gá scálaí sinthe ama i ndobharlacha áirithe i CAI an Iarthuaiscirt

An cheist agus an síneadh is gá	Albheacha	Lochanna	Trasdúitach	Costa	Screamhuisce	Eilimint Ionchasach ar theip stádais	Srianadh	Gníomhaíocht go 2015
Díuscáirtí fuíolluisce ó fhearais áirithe cóireála Síneadh go 2021 Mapa 4.1	33	-	1	1	-	Go príomha leibhéil fosfair nó coinníollacha ocsaigín ag cothú stádais éiceolaíochta	Srianadh praiticiúil: an méid ama is gá le huasghrádú a phleanáil agus a dhearadh d'fhearais cóireála agus le faoia agus ceadúnais a bhaint amach rud a chiallaíonn nach bhfuil sé indéanta go teicniúil stádas maith a bhaint amach in 2015. Léirigh measúnú cás ar chás go bhfuil soláthar infreastruchtúir riachtanach le stádas maith a bhaint amach.	Údarás Áitiúla le huasghrádú a dhéanamh ar fhearais tríd an gClár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce agus le fearas a feidhmiú agus a bhainistiú ag teacht le húdarás díuscáirte.
Talmhaíocht: Cailteanais fhosfair go huiscí dromchla ag rith le sruth Síneadh go 2021 Mapa 4.2	49	51	-	-	-	Leibhéil fhosfair ag tacú le stádas éiceolaíoch	Athshlánú fisiciúil: léiríonn taighde (Schulte, et al, ag na clódóirí), go nglacann laghdúithe ó ardleibhéil fhosfar in ithreacha (Innéacs 4) go leibhéil inbhuanaithe comhshaoil (Innéacs 3) ar ann meán 7 go 15 bliana, go fiú agus lánfeidhmiúchán a dhéanamh ar na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta (IR 272 de 2009), agus dá bhrí sin is féidir go leanfadh cailliúint chothaitheigh le huisce. Tá éifeacht le sruth ag dobharcheantar ar athshlánú locha ag brath ar scála ama athshlánaithe abhann.	RTIB/RCORÁ le torthaí ar chlár dhobharcheantair talmhaíochta (CDTanna) agus ar an gClár Gníomhaíochta Níotráite (CGN) a athbhreithniú
Foraoiseacht: rioscaí aigéadaithe Síneadh go 2027 Mapa 4.3	2	-	-	-	-	pH, inbheirteabraigh, éiscinbheirteabraigh, éisc	Cinnteacht cúise: ní heol cá mhéad is féidir athshlánú éiceolaíochta a bhaint amach agus cruthaíonn sin srianadh teicniúil. Síneann timthriall foraoise thar deiceanna de bhianta; éileoidh luacháil agus feidhmiúchán beartas, agus feagairt cháilíochta uisce, trí thimthriall.	GCC agus lascaigh Intíre na hÉireann le monatóireacht a dhéanamh ar dhobharcheantair; An tSeirbhís Foraoiseachta le himfhostrú, taighde agus triail a dhéanamh ar bheartais
Substaintí dáinséaracha: truailliú ceimiceach & teipeanna ar stádas ceimiceach Síneadh go 2021 Mapa 4.4	1	-	5	1	-	Substaintí tosaíochta, truailléin shonracha	Cinnteacht cúise: rinneadh fairsingiú ar an gclár náisiúnta monatóireachta le déanaí le raon i bhfad níos fairsinge de shubstaintí a chuimsiú. Is gá a thuilleadh ama le teacht ar mhéid, cúiseanna agus foinsí stádais neamhghéilliúil ceimiceach agus le himfhostrú agus feidhmiú beartas. Ina fhianaise sin, tá srianadh teicniúil ann agus caithfear spriocanna a athbhreithniú in 2015.	GCC le monatóireacht a dhéanamh ar uiscí agus clár ar dhíuscáirtí, eisiltí agus cailliúntais a bhunú. Údarás le clár am laghdú truaillithe a ullmhú. Ag teacht le Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil d'Uiscí Dromchla 2009.

An cheist agus an síneadh is gá	Albheacha	Lochanna	Trasdúltaigh	Cóta	Screamhuisce	Eilimint lonchasaigh ar theip stádais	Srianadh	Gníomhaíocht go 2015
<p>Moilliú athshlánaíthe ar shuíomhanna faoi mhórtionchar</p> <p>Síneadh go 2021</p> <p>Mapa 4.5</p>	134	7	6	3	-	Ollstádas éiceolaíochta	<p>Srianadh</p> <p>Tuigtear ó shuirbhéireachtaí GCC le déanaí gur moille athshlánú d'uisc ina bhfuil stádas níos mó ná banda amháin faoi maith (i. bocht nó olc). Tá na rátaí athshlánaíthe measta ar bhonn cás ar chás ag cur san áireamh na brúnna atá gníomhach. Meastar, de thoradh ar an gcumasc casta brúnna agus na leibhéil tionchair atá ann go sínfidh athshlánú an stádais go maith i láithreáin áirithe ar stádas bocht nó olc thar chéad thréimhse an phlean.</p> <p>Meastar gur féidir nach ndéanfar cuid de na beartais sna Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí na ndúilicíní péarla foruise a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi 2015. Lena chois sin tuigtear ó na scálaí nádúrtha ama nach mbeidh leorfheabhas faoi 2015 ar ghnáthóg an speicis le ceadú do na heilimintí cáilíochta pas a fháil sna critéir i Rialacháin um DPF. Dá bhrí sin, fanfaidh an speiceas agus a ghnáthóg ar stádas caomhantais neamhsháil níos faide amach ná thréimhse aan chéad phlean.</p>	<p>Gníomhaíocht go 2015</p> <p>Clár ma mbeartas le feidhmiú agus an GCC le monatóireacht agus tuairisciú ar rátaí athshlánaíthe stádais</p> <p>Feidhmiú Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí ag teacht le Rialacháin DPF (IR 296 de 2009)</p>
Líon Comhiomlán	210	58	7	5	-			
Iomlán mar % de gach uisce	30	25	32	22	-			



Mapa 4.1 Scáláí sínte ama de thoradh riachtanas ama le huasghrádú a dhéanamh ar dhiúscairtí fhearas cóireála fuíolluisce i CAI an Iarthuaiscirt




 Síntí Talmhaíochta d'Aibhneacha (2021) (49)

 Síntí Talmhaíochta do Lochanna (2021) (51)


 Bailte

 CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 4.2 Scáláí sínte ama de thoradh ar mhoill athshlánaithe ar lorg laghdaithe i gcaillteanais chothaithigh talmhaíochta i CAI an Iarthuaiscirt




Mapa 4.3 Scálaí sínte ama de thoradh ar mhoill athshlánaíthe ar lorg feidhmiúcháin bheartas aigéadaithe foraoiseachta i CAI an Iarthuaiscirt



- Síntí Ceimiceáin d'Aibhneacha (2021) (1)
- Síntí Ceimiceáin d'Uiscí Eatramhacha/Cósta (2021) (6)
- Bailte
- CAI an larthuaiscirt

Map 4.4 Scálaí sínte ama de thoradh ar mhoill athshlánaíthe ar thruailliú ceimice agus ar theipeanna stádais cheimiceacha i CAI an larthuaiscirt



	Síntí Feabhsú Breisíoch Stádais d'Aibhneacha (2021) (132)
	Síntí Feabhsú Breisíoch Stádais d'Aibhneacha (2027) (2)
	Síntí Feabhsú Breisíoch Stádais do Lochanna (2027) (7)
	Síntí Feabhsú Breisíoch Stádais d'Uisce Eatramhacha/ Cóta (2021) (9)
●	Bailte
	CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 4.5 Scálaí sínte ama de thoradh ar mhoill athshlánaíthe ar shuíomhanna mórtionchair i CAI an Iarthuaiscirt

4.2.2 Uiscí mórathraithe agus uiscí saorga

Tá mórathruithe carachtair déanta ar roinnt uiscí dromchlacha nó tógadh go saorga iad d'úsáidí mar loingseoireacht, stóráil uisce, soláthar poiblí, tuilechosaint agus draenáil talún. Tá naoi gcinn d'uiscí dá leithéid sin sainithe mar uiscí mórathraithe nó mar uiscí saorga i CAI an Iarthuaiscirt.

Is é is sprioc d'uiscí mórathraithe agus d'uiscí saorga ná acmhainn maith éiceolaíochta a bhaint amach tríd is tríd faoi 2015. Ceadáíonn an sprioc seo feidhm thábhachtach de na huiscí seo a choinneáil agus deimhin a dhéanamh de chosaint nó feabhsú na héiceolaíochta chomh fada agus is féidir i gcaitheamh an ama. Chuathas i mbun próisis mionscagtha le sainiú a dhéanamh ar uiscí mórathruithe agus le spriocanna a bhunú dóibh: féach an doiciméad cúlraide saorga agus mórathruithe ar www.wfdireland.ie. Bhí an modh a úsáideadh bunaithe ar chur chuige i bpáirt a aontaíodh idir bhallstáit an AE. Éilíonn an modh go bhfeidhmeofaí tacar de bheartais aontaithe maolaithe le tréithe hidreamoirfeolaíochta (sreabhadh agus coinníollacha fisiciúla uisce) chomh fada agus is féidir gan drochthionchair shuntasacha ar an gcomhshaol trí chéile.

D'éiligh feidhmiú na modheolaíochta seo eolas agus breithiúnais sainiúil don chás a dhéanamh ar thionchar suntasach a bheith nó gan a bheith ag an mbeartas maolaithe ar an úsáid. Nuair a bhíonn sonraí monatóireachta ar fáil agus na beartais chúí maolaithe i bhfeidhm, meastar do bharlach a bheith ag teacht le hacmhainn mhaith éiceolaíochta ina éagmais sin cuimsíonn an plean gníomhaíochta imfhiosruithe agus na beartais mhaolaithe is gá le hacmhainn mhaith éiceolaíochta a bhaint amach.

Uiscí Saorga	Gníomhaíocht ag údarás poiblí ábhartha
Tarac Uachtair Canála Chlóidigh (hidrileictreach) Canáil Uiscebhealaigh na Sionainne/na hÉirne (2km)	BSL le dul i mbun staidéir le himfhiosrú a dhéanamh ar acmhainn mhaith éiceolaíochta Ní ann dóibh: i ndea-acmhainn éiceolaíochta faoi láthair.
Uiscí Mórathraithe	Gníomhaíochta ag páirtí leasmhar
Loch Sálta: soláthar uisce Cuan na gCealla Beaga Lochanna na Cuinge, Dhún Lúiche agus Easa Rua agus dhá stráice d'Abhainn na hÉirne (síos sa sruth ó Eas Chaitlín agus Béal Leice go dtí An Bhinn): gaibhnithe hidrileictreacha	Ní ann dóibh: i ndea-acmhainn éiceolaíochta faoi láthair. Ionad Chuan lascaigh na gCealla Beaga le straitéis dreideála agus diúscairte a ullmhú d'aon ghníomhaíochtaí ábhartha amach anseo BSL le dul i mbun staidéir le himfhiosrú a dhéanamh ar acmhainn mhaith éiceolaíochta



Tábla 4.6 Uiscí Mórathraithe agus uiscí saorga

Catagóir	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)
Uiscí Saorga	2 (0.3%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
	5 (0.2%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)
Uiscí Mórathraithe	2 (0.3%)	4 (1%)	0 (0%)	1 (4%)
	3 (0.1%)	6(4%)	0 (0%)	283 (13%)
Iomlán mar % de gach uisce	1%	1%	0%	4%

Tá tástálacha den chineál céanna feidhmithe ag Gníomhaireacht chomhshaoil Thuaiscirt Éireann agus tá beartais agus spriocanna aitheanta acu don Éirne, d’abhainn na Skeoge, do Loch Éirne Uachtarach agus d’inbhir an Feabhail na Fochaine atá mórathruithe de thoradh brúnna laistigh de Thuaisceart Éireann (<http://www.ni-environment.gov.uk>). Rachfar i mbun measúnaithe ar uiscí iarrthóireachta eile ar shainiú le linn an chéad timthriall pleanála.

4.2.3 Athruithe nua nó forbairt oiriúnach

Is féidir spriocanna malartacha a leagan síos chomh maith sa chás go mbeadh forbairtí áirithe ina n-údar le teip ar stádas maith a bhaint amach nó stádas ard a choinneáil. Tá seo faoi réir ar na forbairtí a bheith ar leas sáraitheach poiblí nó leas sáraithe do shláinte agus do shábháilteacht daonna a bheith i gceist. Ní mór plé a dhéanamh ar roghanna malartacha leis na leasa seo a sheachadadh agus ní mór an uile chéim phraiticiúil a ghlacadh le maolú a dhéanamh ar dhrochtionchar ar an dobharlach mar a éilítear i Rialachán 33 de Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil (Uiscí Dromchla) Chomhphobail na hEorpa, IR 272 de 2009.

Tá an Scéim Faoiseamh Thuile Ráth Bhoth ina athrú fisiciúil nua i CAI an Iarthuaiscirt, a fhéadfadh éileamh a dhéanamh ar spriocanna malartacha a chinnfí trí mhionmheasúnú má leantar ar aghaidh leis an scéim.

Níl iad gan bheith ar an bplean ina bhac ar fhorbairtí amach anseo ach ní mór tuairisc a thabhairt orthu don CE I linn uasghráduithe ar an bplean ina dhiaidh sin. Ar a leithéid d’fhorbairtí, b’fhéidir, mar shampla, cuimsiú a dhéanamh ar Scéim Faoisimh Tuile Leitir Ceanainn nó saintionscadail ag an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta trí thionscnamh Iompar 21 agus trí Straitéis Forbartha na mBóithre Náisiúnta.

Tábla 4.7 Uiscí mar a bhféadfadh athruithe nó forbairtí nua a theacht i gceist

Cineál	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%)	Inbhir Uimhir (%)	Cósta Uimhir (%)
Iomlán mar % de gach uisce	5 (0.7%)	0 (0%)	0 (0%)	0 (0%)





4.3 An pictiúr iomlán

Léiríonn tábla 4.8 sprioc scálaí ama d'fheabhsú uiscí CAI an Iarthuaiscirt thar thrí thimthriall na Creat-Treorach Uisce. Faoi 2015 beidh mórán uiscí dromchla atá ar cháilíocht measartha faoi láthair tugtha ar ais go stádas maith; feabhsóidh stádas formhór na n-uiscí atá olc nó bocht.

Tábla 4.8 Scála ama le stádas maith ar a laghad a bhaint amach in uiscí dromchla agus is screamhuiscí

Spriocdháta	Aibhneacha agus canálacha Uimhir (%) Fad km (%)	Lochanna & taiscumair Uimhir (%) Achar km ² (%)	Inbhir Uimhir (%) Achar km ² (%)	Cósta Uimhir (%) Achar km ² (%)	Screamhuiscé Uimhir (%) Achar km ² (%)
2009	382 (54%)	119 (51%)	6 (28%)*	6 (26%)*	72 (100%)
	1095 (39%)	38 (23%)	14 (11%)*	239 (11%)*	7421 (100%)
2015	494 (70%)	174 (75%)	7 (32%)*	8 (35%)*	72 (100%)
	1565 (55%)	97 (59%)	73 (56%)*	248 (11%)*	7421 (100%)
2021	700 (99%)	232 (99.6%)	14 (64%)*	13 (57%)*	72 (100%)
	2804 (99%)	165 (99.6%)	128 (97%)*	454 (20%)*	7421 (100%)
2027	704 ((99.9%)	232 (99.6%)	14 (64%)*	13 (57%)*	72 (100%)
	2836 (99.9%)	165 (99.6%)	128 (97%)*	454 (20%)*	7421 (100%)


*Nil spriocanna leagtha síos do na huiscí nach bhfuil a stádas cinnte go fóill.

Meastar go mbainfidh feidhmiú an phlean seo stádas maith amach faoi 2015 in 494 abhainn agus canáil, 174 loch agus taiscumair, 7 n-inbhear, 8 n-uisce cósta agus sna screamhuiscí uile, agus go ndéanfar a thuilleadh feabhsuithe sa dara agus sa tríú thimthriall pleanála. Léiríonn grafanna 4.1 – 4.5 na treochtaí ionchasacha i stádas thar thrí thimthriall pleanála go 2027. Déanann Mapaí 4.6 agus 4.7 achoimre ar na spriocanna comhshaoil d'uiscí dromchla agus do screamhuiscí an cheantair.


Idir fhoilsiú an dréachtphlean agus críochnú an phlean seo rinneadh mionmheasúnú ar na scálaí ionchasacha ama d'athshlánú uiscí ar lorg beartas a fheidhmiú. Tuigtear ón measúnú seo gur féidir a bheith ag súil le scálaí níos faide athshlánaithe do líon níos mó dobharlach. Sna dréacht pleananna measadh go mbainfeadh 87% de na haibhneacha agus de na canálacha, 99% de na locha agus de na taiscumair, 91% de na hinbhir, 48% de na huiscí cósta agus 100% de na screamhuiscí stádas maith amach faoi 2015. Meastar anois go mbeidh stádas maith bainte amach faoi 2015 ag 70% de na haibhneacha agus de na canálacha, 75% de na locha agus de na taiscumair, 32% de na hinbhir, 30% de na huiscí cósta agus 100% de na screamhuiscí.

Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna agus b'fhéidir go gcaithfear iad a leasú le linn saolré an phlean agus in 2015 mar a bheidh teacht ar fhaisnéis shuntasach nua ar stádas, brúnna agus rátaí athshlánaithe. Mar shampla, tá stádas uiscí áirithe ar a bhfuil brúnna moirfeolaíochta fós le cinneadh. Tá tionchar de dhroim athruithe agus damáiste moirfeolaíochta á measúnú den chéad uair. Creidtear go bhfuil stádas éis ar an eilimint bitheolaíocht is goilliúnaí maidir le tionchar moirfeolaíochta, ar a shon sin, tá measúnú á dhéanamh ar stádas éisc den chéad uair chomh maith. Dá bhrí sin, glacfaidh sé blianta fada sula mbeidh leoreolas bunaithe ar thionchar mhoirfeolaíochta.


Graf 4.1 – Treochtaí stádais thar thrí thimthriall pleanála abhann agus canálach (líon)




Graf 4.2 – Treochtaí stádais thar thrí thimthriall pleanála locha agus taiscumair (líon)




Graf 4.3 – Treochtaí stádais thar thrí thimthriall pleanála inbhear (líon)




Graf 4.4 – Treochtaí stádais thar thrí thimthriall pleanála uisce cósta (líon)




Graf 4.5 – Treochtaí stádais thar thrí thimthriall pleanála screamhuisce (líon)





- Coasain
- Athshlánaigh 2015
- Athshlánaigh 2021
- Athshlánaigh 2027
- Fós le cinneadh
- Bailte
- CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 4.6 Oll spriocanna d'uiscí dromchla i CAI an Iarthuaiscirt



- Coasain
- Bailte
- CAI an Iarthuaiscirt

Mapa 4.7 Oll spriocanna do screamhuiscí i CAI an Iarthuaiscirt

5 Clár na mbeartas do CAI an Iarthuaiscirt

Leag caibidil 4 amach na spriocanna do CAI an Iarthuaiscirt Déanann an chaibidil seo cur síos ar na beartais atá le feidhmiú leis na spriocanna sin a bhaint amach. Tá foráil do mhórán de na beartais sa reachtaíocht náisiúnta cheana féin agus táthar á bhfeidhmiú. Cuimsíonn seo, mar shampla, na Rialacháin Uirbeacha um Chóireáil Fuíolluisce 2001 go 2010 agus na Rialacháin um Dea-Chleachtas Feirmeoireachta do Chosaint Uiscí de 2009. Tugadh beartais eile isteach le déanaí (mar shampla na Rialacháin nua um Uisce Snámha, 2008) nó tá siad á n-ullmhú (mar shampla rialacháin mholta d'údarú asbhaintí agus d'athruithe fisiciúla). Tá liosta iomlán mioninste ar na beartais in Aguisíní 4 agus 5 agus tá a thuilleadh faisnéise faoi na beartais sa doiciméad cúlraíde de chlár náisiúnta na mbeartais agus chomh maith sa sraith de bheartais chláir — doiciméid chúlraíde ar staidéir theicniúla mar a mhínítear sainbheartais do phríomhcheisteanna bainistíochta uisce (ar fáil ar www.wfdireland.ie).

Déanann na rannáin seo a leanas cur síos ar:

- reachtaíocht a tugadh isteach le déanaí le tuilleadh feidhme dlíthiúil a thabhairt do na céimeanna is gá chun na cuspóirí a socraíodh i ngach plean abhantraí in Éirinn a bhaint amach,
- na príomhchéimeanna atá le cur i bhfeidhm le linn an chéad timthriall pleanála,
- réimse na gcéimeanna eile poitéinsiúla a bhfuiltear ag féachaint orthu ach a bhfuil tuilleadh forbartha de dhíth orthu;
- na pleananna gníomhaíochta mionsonraithe a bunaíodh do na hAonaid Bhainistíochta Uisce laistigh de CAI an Iarthuaiscirt agus
- na príomhchéimeanna atá le cur i bhfeidhm sna hAonaid Bhainistíochta Uisce.

5.1 Reachtaíocht a déanadh le déanaí ag tacú le forfheidhmiú chláir na mbeartas

Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas maidir leis an reachtaíocht iomchuí le tacú le forfheidhmiú phleananna agus chláir beartas abhantraí in Éirinn. Déanadh trasuímh ar phríomhriachtanais na Creat-treorach Uisce (2000/60/EC) faoi na Rialacháin um Beartas Uisce (IR 722 de 2003 mar a leasaíodh). Ina theannta sin, déanadh na Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil d'Uiscí Dromchla (IR 272 de 2009) agus na Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil do Screamhuisce (IR 9 de 2010) le feidhm a thabhairt do na céimeanna ba ghá leis na spriocanna comhshaoil d'uisce dromchla agus do screamhuisce a bunaíodh sna pleananna bainistíochta abhantraí a bhaint amach. Leagann na Rialacháin oibleagáid dhlíthiúil ar údaráis phoiblí iarracht a dhéanamh ar na spriocanna sin a bhaint amach i gcomhthéacs a bhfeidhmeanna reachtúla. Mar shampla, éilíonn an dá thacar Rialachán go ndéanfadh na húdaráis iomchuí athbheithniú ar gach údarú maidir le díluchtú thruailleán le ceann a thógáil de na spriocanna a bunaíodh sna pleananna abhantraí. Áirítear ar na húdaruithe seo, inter alia:

- ceadúnais a eisíodh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce
- ceadúnais IPPC
- ceadúnais a eisíodh faoi na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú) 2007
- Teastais Údaraithe faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramháiola 2008.

Tugann reachtaíocht eile a tugadh isteach le blianta beaga anuas feidhm do bheartais éagsúla a éilíonn an Chreat-treoir Uisce. Áirítear orthu seo:

- na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 (I.R. Uimh 684 de 2007) a bhunaíonn córas údaraithe do scaoileadh fuíolluisce na n-údarás áitiúil á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh 30 de 2007) a thugann pleanáil straitéiseach isteach maidir le soláthar seirbhísí uisce, ag neartú na socruithe riaracháin do phleanáil ar sholáthar seirbhísí uisce ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Caithfidh Pleananna Straitéiseacha Seirbhísí Uisce a ullmhaíonn údaráis na seirbhísí uisce de réir Ailt 36 den Acht seo ceann iomlán a thógáil de phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe a réimsí feidhme ar a n-áirítear, i measc nithe eile, soláthar ar phleananna bainistíochta abhantraí a ullmhaítear don gceantar iomchuí.
- bunaíonn na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha (IR 79 de 2008) a rinne trasú ar an Treoir nua maidir le hUisce Snámha (2006/7/CE) córas nua le rangú a dhéanamh ar cháilíocht uisce snámha agus éilíonn siad monatóireacht agus pleananna bainistíochta le caomhnú, cosaint agus feabhas a chur ar cháilíocht uiscí snámha.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach ar Spriocanna Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fíoruisce) (IR 296 de 2009) a leagann síos spriocanna a bhfuil ceangal dlí ag gabháil leo maidir le cáilíocht uisce in aibhneacha, nó páirteanna d'aibhneacha ina bhfuil an

diúilicín péarla fíoruisce (Margaritifera) agus atá sainithe mar Cheantar Speisialta Caomhnaithe leis an speiceas seo a chosaint. Éilíonn na Rialacháin ar na húdaráis freisin go nglactar na céimeanna is gá leis na spriocanna sin a bhaint amach. Cuireann siad freisin ar an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, faoi réir chomhairliúcháin, clár céimeanna a ullmhú leis na cuspóirí éiceolaíocha a bhaint amach in aibhneacha ina bhfuil daonra pobail chosanta, agus plean bainistíochta fo-abhantraí a fhoilsiú do gach abhainn iomchuí.

- na Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Sliogéisc (IR 268 de 2006) a leagann síos riachtanais maidir le cáilíocht uisce, a shocraíonn sonrú ar achair fáis sliogéisc agus bunú clár laghdaithe thruailliú do na huiscí sonraithe d'fhonn tacú le beatha agus fás sliogéisc. Leasaíodh na Rialacháin in 2009 (IR 55 de 2009 agus IR 464 de 2009) le sonrú a dhéanamh ar chaoga ball uisce breise sliogéisc.. Tá seasca ceathair uisce sliogéisc ar fad anois ann go náisiúnta. Tá dhá cheann déag suite in CAI an Iarthuaiscirt.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2009 (IR 101 de 2009), a sholáthraíonn tacaíocht reachtúil do dhea-chleachtas talmhaíochta le huiscí a chosaint ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta le beartais áirithe iontu dírithe ar an sprioc sin a bhaint amach. Rinne na rialacháin seo athbhreithniú agus athsholáthar ar rialacháin a déanadh roimhe seo in 2006 agus 2007 agus déanadh soláthar iontu d'fhorálacha forfheidhmithe neartaithe agus do bhainistíocht níos fearr ar chlós feirme.
- leasuithe ar na Rialacháin um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh 2001 (IR 48 de 2010) a dhéanann sonrú ar 10 láthair bhreise mar Limistéir Íogair. Tugann seo líon iomlán na suíomhanna go dtí 43 go náisiúnta (gan aon cheann in CAI an Iarthuaiscirt).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Substaintí Contúirteacha Ó Chóracha Amach Ón gCósta) 2009 (IR 358 de 2009) a sholáthraíonn do dhíluchtú ar shubstaintí áirithe contúirteacha a cheadú ó chóiracha amach ón gcósta chuig farraige theorann na hÉireann ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha. Tá soláthar sna Rialacháin freisin go n-ullmhóidh an tAire clár laghdaithe thruailliú.

Áirítear sa Bhille um Pleanáil agus Forbairt 2010, atá le hachtú i lár na bliana seo, forálacha nua tábhachtacha ag tacú leis an gCreat-treoir Uisce. Sa chéad áit, áirítear cuspóir nua éigeantach sa Bhille ag cur ar údarais áitiúla bainistíochta uisce a chomhtháthú le polasaithe agus cuspóirí pleanála in ullmhú a bplean forbartha. Éilíonn sé go sonrach ar údarais áitiúla a chinntiú go dtacaíonn na pleananna forbartha le cur chun cinn agus comhlíonadh na gcaighdeán agus na gcuspoirí comhshaoil a bunaíodh faoi na Rialacháin um Uisce Dromchla agus Screamhuisce. D'fhonn a chinntiú go ndéanann pleanáil agus bainistíocht forbartha comhlíonadh iomlán ar chuspóirí na Creat-treoir Uisce, eiseoidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil treoir Alt 28 do na húdaráis phleanála ar an mBille nua Pleanála agus an bhaint atá aige le forfheidhmiú na RBMPanna, tar éis a achtaithe agus nach déanaí ná 2011. Tacófar leis seo le seimineáir réigiúnacha.

Sa dara háit, tá forálacha nua suntasacha áirithe sa Bhille maidir le rialú chairéal. Cuireann an Bille ar gach údarás pleanála cairéil ina réimse riaracháin a aithint, agus ag tógáil ceann de dhátaí forfheidhmithe Threoir EIA agus na Treoir maidir le Gnáthóga, faoi seach, bheadh gá le measúnacht tionchair timpeallachta nó le measúnacht iomchuí agus nár déanadh ceachtar den dá mheasúnacht nó an dá mheasúnacht seo orthu, faoi mar ba chúí. Nuair a thosaigh na cairéil a aithníodh ag feidhmiú sular bunaíodh an cód pleanála in 1964, nó tar éis cead a fháil agus go bhfuil siad cláraithe, beidh orthu cur isteach ar chead nua, ar a dtugtar "cead ionadach" le EIA feabhais. Mar sin féin, má thosaigh an cairéal ag feidhmiú tar éis Deireadh Fómhair 1964 agus nach bhfuarthas cead riamh, nó nár cláraíodh é in 2004-2005 faoi Alt 261 den Acht, má éilítear sin air beidh sé faoi réir ghníomhaíochta fhorfheidhmithe.

Sa tríú háit, baineann an Bille as an stádas díolúine d'inlíonadh bhogach a déanadh faoin Acht um Míntíriú Talún. Cuirfear srian ar nó bainfear as cineálacha eile díolúine sna leasuithe atá le teacht ar na Rialacháin Phleanála.

Cuirfear tuilleadh feabhais ar an bhfrámaíocht reachtach le cosaint agus feabhas a chur ar cháilíocht uisce trí rialuithe neartaithe ar astarraingt uisce agus athruithe fisiciúla ar dhobharlaigh. Tá staidreamh scóipe ar na riachtanais reachtúla sa réimse seo ar bun agus tosófar ar obair ar dhréachtú rialachán nua WFD-comhlíontach le háireamh a dhéanamh ar chóras nua-aimseartha clárúcháin agus réamhúdaráithe níos déanaí i 2010. Beidh na rialacháin seo i bhfeidhm faoi dheireadh 2012 ar a dhéanaí.

Molfar reachtaíocht nua le soláthar a dhéanamh do réamhbhreithniúchán ar nádúr, láthair agus torthaí charnacha thionscadal áirithe forbartha talmhaíochta lena chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na dualgais faoin Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Is freagra é seo ar rialú CCE Samhain 2008 go raibh Éire ró-thuilleamaíoch ar thairseacha méide lena dhéanamh amach an bhfuil MTT ag teastáil maidir le forbairtí áirithe talmhaíochta.

Áirítear ar na catagóirí forbartha talmhaíochta:

- tionscadail d'athstruchtúrú ghabháltas talún tuaithe;
- tionscadal d'úsáid talún neamhshaothraithe nó limistéir leathnádúrtha ar chúiseanna diansaothraithe talmhaíochta; agus
- tionscadail bhainistíochta uisce do thalmhaíocht, ar a n-áirítear uisciú agus draenáil talún.

Is é comhthoradh na n-athruithe reachtaíochta thuas go neartófar rialú ar ghníomhaíochta forbartha fisiciúla agus níos mó comhtháthú a thabhairt i gceist idir an cód pleanála agus cuspóirí na bpleananna bainistíochta abhantraí.

5.2 Clár na gCéimeanna

Tá achoimre sna rannáin seo a leanas ar phríomhfhórlacha chlár na mbeartas. Tá mionsonraí ar na céimeanna do CAI an Iarthuaiscirt sna pleananna gníomhaíochta Bainistíochta Uisce don gceantar.

5.2.1 Rialú scaoilte fuíolluisce uirbigh

De réir mheasúnachtaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tá scaoileadh fuíolluisce cathrach ar cheann de na foinsí truaillithe is tábhachtaí in uiscí na hÉireann, ar é is cúis le 38% de líon na n-aibhneacha truaillithe a bhfuil taifead orthu (ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta an fhoinsé eile). Cuireann an tuarascáil is déanaí ón nGníomhaireacht a chlúdaíonn an tréimhse 2004-2006 béim ar cén fáth a bhfuil rialú ar scaoilte dramhuisce uirbigh chomh tábhachtach sin i gcomhthéacs na hÉireann. Ar na 39 láthair ar déanadh iad a mheas a bheith an-truaillithe le linn na tréimhse seo, bhíothas in amhras gur déanadh 21 acu a rangú dá réir mar thoradh ar scartadh uirbeach, ar shéarachas é den chuid is mó. Maidir le cásanna de thruailliú measartha a aimsíodh sa tréimhse seo, ceapadh gur foinsí cathrach ba chúis lena bhformhór freisin.

Is é príomhthionchar truailliú ó fhoinsí cathrach ná saibhriú cothaitheach fosfáite (a dtarlaíonn fás i bhfad níos mó ar phlandaí agus algach dá dhroim) ar chothaitheach is cúis leis (nítrigin agus fosfar). Tionchar eile a dtagtar go minic air is ea sioltachán. Bíonn formhór na gcásanna truaillithe mheasartha a leagtar ar fhoinsí 'cathrach' le haimsiú níos faide síos sa sruth ó scardadh seárachais ó bhailte.

Tá feabhas mór i gcónaí ar bhainistiú scardadh dramhuisce uirbigh. Thar an tréimhse 2000 go dtí 2006 infheistíodh €2.3 billiún i gcóireáil dramhuisce, ag freastal ar 90% de riachtanais infrastruchtúir na hÉireann. Déanfar infheistiú ar timpeall €2.5 billiún breise i rith na tréimhse 2007 go dtí 2013. Mar sin féin, bhí an bhéim go dtí seo ar infrastruchtúr a sholáthar ach tá feabhas suntasach freisin de dhíth ar ghnéithe feidhmiúcháin. Sa tréimhse tuairiscithe 2006/2007, bhí neamhchomhlíonadh na rialachán maidir le Cóireáil Dramhuisce Uirbigh do scardadh an-mhór ó ionaid chóireála (>15,000 de dhaonra) ard (48%), agus níor chomhlíon formhór na n-ionad beag cóireála (<2,000 de dhaonra) caighdeáin (GCC, 2009).

Tá Éire tar éis dhá mhórphíosa reachtaíochta a achtú le déanaí ar phríomheilimintí iad in éineacht den bhfrámaíocht reachtach sa réimse a bhaineann le dramhuisce uirbeach. Sa chéad áit, na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007, ag soláthar údaraithe de réir luachteorainneacha astúcháin agus sa dara háit, na Rialacháin um Uiscí Dromchla 2009, ag soláthar chaighdeán cháilíochta reachtuil do réimse substaintí in uisce.



5.2.1.1 Rialacháin maidir le cóireáil dramhuisce uirbigh (2001-2010)

Is é an príomhchuspóir maidir le cóireáil dramhuisce ná go gcomhlíonfaí riachtanais Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh (2001-2010) an AE ina n-iomláine. Is í aidhm na Rialachán cosaint a dhéanamh ar an gcomhshaol ar dhrochthionchair scardadh dramhuisce uirbigh agus scardadh ó eárnálacha áirithe tionsclaíocha. Éilíonn na Rialacháin:

- soláthar sceidealta ar chórais bhailiúcháin dramhuisce uirbigh – ag brath ar mhéid na ceirteála agus ar chineál an do Bharlaigh a ndéantar dramhuisce a scardadh ann;
- soláthar sceidealta ar chórais bhailiúcháin dramhuisce uirbigh – ag brath ar mhéid na ceirteála agus ar chineál an do Bharlaigh a ndéantar dramhuisce a scardadh ann;
- soláthar do dhramhuisce tionsclaíoch a théann isteach i gcórais bhailiúcháin agus ionaid chóireála dramhuisce uirbigh le glacadh le haon réamhchóireáil a bhfuil gá leis le sláinte na foirne, an chomhshaoil agus creatlach agus iomláine an ionaid a chosaint, agus;
- monatóireacht ag údaráis áitiúla ar scardadh ó ionaid chóireála dramhuisce uirbigh ar a n-áirítear torthaí a tharchur chuig an údarás áitiúil EPA.

Tá na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh (2001-2010) tar éis sonrú a dhéanamh freisin ar 43 do Bharlach mar chinn atá íogair agus gá acu le cosaint speisialta de dheasca bagairt ó eotrófú. Áirítear san uimhir seo deich n-uisce sa bhreis atá íogair a sonraíodh i Rialacháin leasaitheacha (IR 48 de 2010) a déanadh le déanaí.

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis na Rialacháin a chur i bhfeidhm d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht scardadh ó ionaid chóireála dhramhuisce uirbigh trí chlár straitéiseach, baolbhunaithe forfheidhmithe. Bunaithe ar thorthaí iniúchóireachta agus monatóireachta tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis feabhsúcháin éagsúla a chur in iúl a bhfuil gá leo leis na Rialacháin a chomhlíonadh go hiomlán, is iad sin:

- Cóireáil iomchuí a bheith ann ag na suíomhanna sin ar fud na tíre mar a bhfuil dramhuisce á scardadh gan aon chóireáil nó le cóireáil neamhchuí á dhéanamh air.
- Cóireáil thánaisteach a sholáthar do na ceirtleáin sin nach bhfuil an leibhéal cóireála a bhfuil gá leis ag baint leo.
- Monatóireacht agus anailís a dhéanamh de réir na Rialachán um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh, do gach ionad cóireála ar a n-áirítear na cinn sin atá á mbainistiú agus á bhfeidhmiú ag tríú páirtí nó thar ceann an údaráis áitiúil.
- Údaráis áitiúla le hathbhreithniú a dhéanamh ar oibriú gach ionad cóireála dramhuisce uirbigh ina réimse feidhme ar a n-áirítear na cinn sin le daonra faoi bhun 500. Caithfear clár gníomh ceartaitheach a fhorbairt mar thosaíocht mar a gcruthaíonn scardadh truailliú ar an gcomhshaol in uiscí ina dtéann an t-eisilteach.

5.2.1.2 Na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 (IR 684 de 2007)

Tugadh na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 684 (IR 2007 de 2007) isteach le scardadh dramhuisce ag údaráis a bheith faoi réir rialreíme údaráithe. Tugann na Rialacháin feidhm d'oibleagáidí faoin gCreat-treoir Uisce ag éileamh réamhúdaráithe ar scardadh poncfoinse a fhéadfadh truailliú a chruthú. Áirítear anseo gach scardadh, cailliúint agus astaíocht truailléan ó oibreacha dramhuisce. Tugann na rialacháin aghaidh freisin, agus cuireann siad i bhfeidhm na céimeanna a bhfuil gá leo faoi Threoracha eile (is iad sin Uisce Óil, Scramhuisce, Gnáthóga, Sliogéisc, Uisce Snámha agus Éin). Is iad seo a leanas príomhfhórlacha na Rialachán:

- is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-údarás inniúil chun críche údaráithe scardadh dramhuisce uirbigh;
- leagann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil teorainneacha do thruailleáin is dóichí a bheadh sa dramhuisce atá i gceist, agus an fráma ama ina bhfuil na teorainneacha seo le baint amach;
- tá cumhacht ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar údarú scardaidh;
- caithfidh údaráis seirbhísí uisce iarratas a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheadúnas/teastas ag údarú gach scardadh ó oibreacha séarachais;
- caithfidh ceadúnas a bheith ann do cheirtleáin le coibhéis daonra níos mó ná 500;
- caithfidh teastas a bheith ann do cheirtleáin le coibhéis daonra níos lú ná 500;
- is cion é má theipeann ar údaráis seirbhísí uisce na coinníollacha a bhaineann leis an údarú a thug an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a chomhlíonadh;
- is cion é freisin eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar nó gan freagra a sholáthar ar athbhreithniú ceadúnais a dhéanann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tugadh údarú isteach de réir a chéile tar éis tosú lena leithéid i mí na Nollag 2007. Tá ceadúnas scardadh dramhuisce nó teastas údaraithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag teastáil do gach scardadh chuig timpeallacht uisceach ó oibreacha dramhuisce a bhíonn i seilbh, á bhainistiú nó á fheidhmiú ag údarás seirbhíse uisce. Tá ar na húdaráis iarratas ar cheadúnas nó ar theastas údaraithe a chur chuig an nGníomhaireacht faoi dhátaí sonraithe ag brath ar choimhéis daonra an cheantair a ndéanann na hoibreacha dramhuisce freastal air.

Tá dréachtphlean forfheidhmithe forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil lena chinntiú go gcomhlíonann na húdaráis seirbhíse uisce riachtanais na gceadúnas/na n-údaruithe. Tá an cur chuige forfheidhmithe maidir leis na ceadúnais seo le bheith bunaithe ar riosca ag díriú ar fhorbairt agus ar fheidhmiú phlean forfheidhmithe straitéiseach i gcomhar leis na páirtithe leasmhara iomchuí.

Bunaíonn na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) nasc soiléir idir na cinntí a dhéanann údaráis phleanála agus An Bord Pleanála ar iarratais/achomhairc indibhidiúla pleanála, agus a thagann le dualgais na n-údaráis áitiúla mar údaráis seirbhíse uisce. Éilíonn an “Comhchur Chuige” sna Rialacháin um Scardadh Dramh-Uisce (Údarú) 2007 ar údaráis seirbhíse uisce déanamh de réir na teorainneacha astúcháin dramhuisce chuig dobharlaigh ag éirí as an gceann is déine nó an dá cheann de na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh (IR 254 de 2001) agus teorainneacha astúcháin bunaithe ar chaighdeán cháilíochta chomhshaoil a bhaint amach do na huiscí glactha. Tá ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an comhchur chuige a chur i bhfeidhm, faoi na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce, nuair a eisíonn sí ceadúnais, ag cinntiú go gcomhlíonann an ceadúnas a eisítear agus na teorainneacha astúcháin a leagtar síos ann riachtanais iomlána na Treorach um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh an AE.



Nuair a bhíonn údarás pleanála nó An Bord Pleanála den tuairim go mbeidh neamhchomhlíonadh nó sárú suntasach ar an gcomhchur chuige i gceist le scardadh ó fhorbairt a bhíonn beartaithe, caithfidh an t-údarás pleanála nó an Bord:

- cead nó faomhadh a dhiúltú don fhorbairt,
- coinníollacha a chur i bhfeidhm ar aon chead nó faomhadh a thabharfaí lena chinntiú nach dtarlaíonn neamhchomhlíonadh nó sárú suntasach ar na teorainneacha iomchuí leis an scardadh; nó
- cinneadh a ghlacadh gan dul ar aghaidh leis an bhforbairt (faoi mar a bheadh i gceist le forbairt an údaráis áitiúil féin).

5.2.1.3 Clár Infheistíochta na Seirbhíse Uisce

Is uirlis atá sa Chlár Infheistíochta na Seirbhíse Uisce (CISU) a ndéantar gach príomhscéim infrastruchtúir uisce agus dramhuisce poiblí a sholáthar tríd. Tá freagracht ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i gcomhoibriú leis na húdaráis seirbhíse uisce as tosaíocht, faomhadh, sceidealú agus maoiniú a thabhairt ar scéimeanna indibhidiúla. Déantar an Clár a chur i bhfeidhm trí Chomhairlí Cathrach agus Contae atá freagrach, mar údaráis seirbhíse uisce, as dearadh, soláthar, maoirseacht chonartha agus feidhmiú agus cothabháil iarchróchnaithe.

Is réamhriachtanas tábhachtach é fáil a bheith ar sheirbhíse dramhuisce d'ínbhuanaitheacht timpeallachta agus do ghníomhaíocht gheilleagrach i ngach earnáil. Tá gá le hinfeistíocht shubstaintiúil go leanúnach le dul chun cinn a choimeád maidir le deireadh a chur leis an easnamh in acmhainn na seirbhíse uisce go náisiúnta agus le hinfeistíocht tacaíochta a mhealladh a spreagfadh gníomhaíocht gheilleagrach agus téarnamh agus méadú ar acmhainn táirgiúlachta na heacnamaíochta.

¹Is é is brí le “cur chuige uisce”, i dtaca le oibreacha cóireála fuíolluisce, ná srianadh ar urscaoileadh agus eislitigh chun uiscí trína socraítear na teorainneacha astúcháin don urscaoileadh bunaithe ar cheadú is déine nó an dá cheann, na teorainneacha agus na rialuithe is gá faoi na Rialacháin um Fuíolluisce Uirbigh, agus na teorainneacha cinntithe faoi reacht nó faoi Treoir le go mbainfidh an dobharlaigh a ndéantar an urscaoileadh isteach ann na spriocanna comhshaoil amach a bunaíodh d'uisce dromchla, screamhuisce nó ceantair chosanta.

Is iad na príomhthiománaithe maidir le hinfrastruchtúr dramhuisce faoin gClár ná oibreacha atá ag teastáil le haghaidh:

- a chinntiú go gcomhlíontar na Treoracha um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh;
- comhlíonadh leis na rialacháin maidir le huisce snámha a chinntiú agus deireadh a chur le siocracha móra truailithe;
- a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais uiscí sliogéisc;
- freastal ar thosaíochtaí straitéiseacha, mar shampla, scéimeanna i gcathracha agus i mbailte ina mbeadh easpa acmhainne sna seirbhísí uisce;
- riachtanais cheadúnaithe na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a chomhlíonadh maidir le scardadh dramhuisce chathrach;
- freastal ar riachtanais na Creat-treorach Uisce.

Tá oibleagáidí faoin Treoir um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh mar fhócas lárnach ag Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce. Mar thoradh ar sin, d'ardaigh comhlíonadh na hÉireann ar riachtanais na Treorach maidir le cóireáil tánaisteach a sholáthar go timpeall 90% faoi dheireadh 2007, i gcomparáid le 25% ag tús an Phlean Forbartha Náisiúnta deireanach i 2000. Bhí gach scéim eile ba ghá le comhlíonadh iomlán a bhaint amach, áirithe i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2007 – 2009.

5.2.1.4 Tosaíochtaí do ghníomhaíochtaí leantacha

Tá na húdaráis um sheirbhísí uisce, i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, i mbun athbhreithnithe ar thosaíochtaí do raon de ghníomhaíochtaí leantacha d'fhonn a chinntiú:

- go ndéanfar infheistíocht faoin gClár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce a ailíniú leis na spriocanna ardleibhéil atá rianaithe thuas,
- infheistíocht a spriocdhírú go cuí ar eochairscéimeanna agus
- go nglactar céimeanna eile cuí.

Cuimsíonn na gníomhaíochtaí seo; infheistíocht in infreastruchtúr, a thuilleadh imfhiosruithe, feabhas ar fheidhmíocht oibriúcháin agus bainistíocht ar acmhainn cóireála. Tá an t-athbhreithniú seo ina bhinn do thosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sna céad céimeanna eile den Chlár Infheistíochta um Seirbhísí Uisce (2010-2012) agus gníomhaíochtaí eile ar a bhfuil cur síos thíos. Chuimsigh na critéir a úsáideadh le tosaíochta chinneadh faisnéis ar acmhainn dearaidh fearas cóireála, fíor acmhainn, fás réamh-mheasta ar ualaí don bhfearas, géilliúntas eisilte do na caighdeáin atá sonraithe sna Rialacháin um chóireáil fuíolluisce uirbigh agus tionchair a tugadh faoi deara ar uiscí glactha.

D'aithin an t-athbhreithniú sé chatagóir de cheirtleáin uirbeacha ina bhfuil áiseanna cóireála fuíolluisce le bheith faoi réir ag raon de ghníomhaíochtaí leantacha:

Catagóir 1 - Ceirtleáin le fearais cóireála gur gá dóibh Oibreacha Caipitil inaitheanta. Cuimsíonn seo fearais a meastar a bheith ag obair os cionn na hacmhainní dearaidh bunaidh nó mar a éilíonn srianta ar acmhainn asamhlaithe nó goilliúnacht uiscí glactha caighdeáin níos déine do chaighdeáin scaoilte.

Catagóir 2 - Ceirtleáin le fearais cóireála gur gá dóibh a thuilleadh imfhiosraithe roimh Oibreacha Caipitil. Cuimsíonn an catagóir seo ceirtleáin mar a thuigtear ón bhfaisnéis atá ar fáil nár chóir go mbeadh an fearas ina chúis le brú ar an dobharlach, ach nach dtacaíonn measúnú ar cháilíocht an uisce leis sin. Sna cás sin, is é an beartas ná imscrúdú a dhéanamh ar an gceirtleán agus cinneadh a dhéanamh ar fhoinse an bhrú. Ag an tráth seo, ní féidir na beartais bhreis a bheadh de dhíth a dhéanamh amach agus dá bhrí sin, ní bheidh aon oibreacha a aithnítear gá bheith leo a chur ar bin go dtí deireadh an chéad timthriall pleanála.

Catagóir 3 - Ceirtleáin gur gá dóibh feidhmiú gníomhaíochtaí a aithníodh sna Pleananna um Laghdú Truailithe (PLTanna) d'Uiscí Sliogéisc atá sainithe faoi Rialacháin (cáilíocht uiscí sliogéisc) (2006-2009) na gComhphobal Eorpacha. Leagann PLTanna do cheirtleáin ag scaoileadh le huiscí sliogéisc caighdeáin breise micribitheolaíochta scaoilte nach mór géilleadh dóibh. Tig leis seo oibreacha breise caipitil a éileamh i gcásann áirithe. Thosaigh feidhmiú na PLTanna go luath in 2010. Mar chuid den bhfeidhmiúchán déanfar scrúdú ar an ngá atá le hoibreacha breise leis na caighdeáin uile cáilíochta uisce a bhaint amach. Nuair a aithnítear oibreacha a bheith riachtanach tabharfar tosaíocht dóibh d'infheistíocht faoin CISU.

Catagóir 4 - Ceirtleáin le fearais chóireála gur gá dóibh feabhas feidhmíochta oibriúcháin trí fheidhmiú Córas Bainistíochta Feidhmíochta i raon ó fheabhsú ar mhonatóireacht ar ualaithe, sreafa agus caighdeáin scaoilte go córais doiciméadaithe bainistíochta feidhmíochta. Tá an obair le tosú láithreach bonn.

Catagóir 5 - Ceirtleáin gur gá dóibh imfhiosrú ar Chomh-fhorsceite Stoirme (CfSanna). Sna cásanna seo, bhí na caighdeáin scaoilte don bhfearas cóireála fuíolluisce inghlactha, ach tuigeadh óna tionchair a tugadh faoi deara ar na huiscí glactha go raibh scaoilte fuíolluisce neamhchóireáilte ag tarlú. Is é an beartas ná imfhiosrú a dhéanamh ar na CfSanna uile go bhfuil amhras fúthu. Nuair a aithníonn imfhiosrú ceisteanna cothabhála nó bainistíochta, is féidir aghaidh a thabhairt orthu go héasca agus is féidir go mbeadh athshlánú tapaidh ar uiscí glactha ann dá thoradh. Ar a shon sin, ón uair nach féidir toradh an imfhiosrúcháin a thuar roimh ré agus nach eol an scála ama d'aon oibreacha caipitil a aithneofaí ní dócha go mbeidh a leithéid ann roimh dheireadh an chéad timthriall pleanála.

Catagóir 6 - Ceirtleáin inar leor an acmhainn cóireála fuíolluisce faoi láthair ach go mbeadh ualaithe réamh-mheasta (bunaithe ar fhás measta 3% ar an ualach in aghaidh na bliana) ina n-údar le ró-ualú. Is é an beartas ná forbairt a bhainistiú d'fhonn an acmhainn cóireála a bheith ag teacht le éilimh na Rialachán um Scaoilte Fuíolluisce Uirbigh (Údaruithe) de 2007.

5.2.2 Rialú ar scaoilte fuíolluisce neamhshéaraithe

Ar lorg comhairliúcháin fhairsing phoiblí d'foilsigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Cód Cleachtais Éigeantach nua le déanaí ar Chórais Chóireála agus Diúscairte Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonair (Deireadh Fómhair 2009). Déanann an Cód Cleachtais nua uasdátú ar an lámhleabhar a foilsíodh in 2000 agus leagann sé síos caighdeáin d'fhorbairtí nua. Ó thaobh na pleanála de, céim mhór chun cinn is ea foilsíú an Chóid Nua Cleachtais maidir le deimhin a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe comhshaoil thuithe ag teacht leis na Treoirlínte reachtúla Pleanála ar Thithíocht Inbhuanaithe Thuithe (2005) a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Is cuspóir don Chód nua Cleachtais treoir a sholáthar ar sholáthar chóras cóireála agus diúscairte do thithe nua aonair. Tá sé ceaptha le cúnaimh a thabhairt d'údarais phleanála, forbróirí, déantúsóirí agus dearthóirí, suiteálaithe agus oibreoirí córas le déileáil le castachtaí córas ar-suíomh.

Soláthraíonn Cód Cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil treoir ar:

- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht córas cóireála fuíolluisce ar suíomh agus na híosriachtanais cosanta comhshaoil a aithint
- Córais oiriúnacha cóireála fuíolluisce a roghnú do shuíomhanna i gceantair neamhshéaraithe thuithe
- Córais dabhcha múnlaigh, córais scagtha, córais pacáistithe cóireála agus córais cóireála treasacha a dhearadh agus a shuiteáil.
- Riachtanais chothabhála do chórais cóireála fuíolluisce ar-suíomh.

D'eisigh an Roinn imlitir (Tagairt PSSP 1/10) do na húdarais uile phleanála agus don mBord Pleanála in Eanáir 2010 de bhun Chód Cleachtais nua na Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireann an imlitir comhairle ar na húdarais maidir leis na socrúithe nua le cur isteach ar mheasúnú ar chórais diúscairte do thithe aonair i bhfianaise an Chóid Nua Cleachtais. Cuireann an imlitir béim ar an gCód a bheith ina eilimint riachtanach i ndeimhniú go dtugann an córas pleanála aghaidh go hiomlán ar chosaint ar cháilíocht uisce agus measúnú á dhéanamh ar mholtaí d'fhorbairt tithíochta i gceantair thuithe agus ag teacht leis na Treoirlínte Pleanála do Thithíocht Inbhuanaithe Thuithe a d'eisigh an Roinn in 2005. Ní mór d'údarais phleanála deimhin a dhéanamh de go ndéantar measúnú cuí oiriúnachta ar fhorbairtí i gceantair neamhshéaraithe agus go bhfuil an suíomh féin agus an córas cóireála ar-suíomh atá le suiteáil araon cuí agus go ngéilleann siad do na caighdeáin a éilítear.

Tá sé ar intinn ag an Roinn chomh maith leasú a dhéanamh ar an Doiciméad Traenála Teicniúil a thacaíonn le Rialachán Tógála 1997 (SI 497 de 1997) maidir le caighdeáin do "draenáil agus diúscairt fuíolluisce" (TGD-H de 2005). Cuimseoidh seo ionchorprú ar threoir nua agus breise bunaithe ar a Chód Cleachtais nua na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Eiseoidh an Roinn Imlitir chomh maith do na húdarais Uile Áitiúla um Rialáil Tógála ag díriú a n-aird ar an doiciméad treorach leasaithe.



Maidir le maoinne neamhshéaraithe atá ann cheana féin, tá feabhsuithe á n-éileamh maidir le feidhmíocht oibriúcháin, socruithe cothabhála agus monatóireachta dhabhcha múnlaigh agus córais eile cóireála fuíolluisce ar-suíomh a fhreastalaíonn ar mhaoine den chineál sin. Mar fhreagra, tá sé i gceist ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil moltaí a thabhairt chun cinn agus comhairliúchán a chur ar bun do reachtaíocht i rith 2010. Tá sé i gceist an reachtaíocht seo a bheith ann faoi ráithe 3 de 2010. Soláthróidh an reachtaíocht atá beartaithe caighdeáin d'fheidhmíocht, oibriúcháin agus cothabháil dabhcha múnlaigh agus córas eile chóireála fuíolluisce dá leithéid ar-suíomh le deimhin a dhéanamh de ghéilliúntas do na caighdeáin cháilíochta comhshaoil a bunaíodh faoi na rialacháin um screamhuisce agus uisce dromchla a thras-suíonn an Chreat-Treoir Uisce. Déanfaidh sé foráil chomh maith do mhonatóireacht agus do chigireacht ar fheidhmíocht a leithéid de chórais agus leagfaidh amach freagrachtaí na dteaghlach ar a bhfreastalaíonn na córais sin, éileamh ar ghníomhaíochtaí leighis a chomhlíonadh san áireamh mar is gá.

5.2.3 Rialú ar fhoinsí talmhaíochta truailitheacha

Tá rialú truailithe ó thalmhaíocht ina dhúshlán suntasach i gcónaí maidir le cáilíocht ardchaighdeáin uisce a bhaint amach in Éirinn. Tá measta ag An nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil foinsí talmhaíochta freagrach as 31% de na teagmhais truailithe. Is é is príomhbheartas le haghaidh a thabhairt ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta na Rialacháin um Dhea-chleachtas Talmhaíochta (IR 101 de 2009), ar a dtugtar de ghnáth "na Rialacháin Níotráite". Tugann na Rialacháin seo éifeacht chomh maith do mhórán eile de Threoracha AE, ina measc iad sin a bhaineann le: substaintí dainséaracha in uisce, bainistíocht dramhaíola, cosaint ar screamhuisce, rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt ar pholasaí agus polasaí uisce (an Chreat-Treoir Uisce). Is iad na Rialacháin Níotráite an phríomhuirlis le rialú a dhéanamh ar thruailliú ó thalmhaíocht, ag solathar tacaíochta reachtúla do dhea-chleachtas talmhaíochta le huiscí a chosaint ar thruailliú. Tá feabhsuithe suntasacha déanta ar rialú ar thruailliú talmhaíochta ó tugadh isteach na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta in 2006. Éilíonn na Rialacháin "Clár Gníomhaíochta Náisiúnta" de bheartais dírithe ar uiscí a chosaint ar thruailliú, agus thug siad isteach cód ceangailteach deachleachtas talmhaíochta, atá infheidhmithe do na feirmeoirí uile. Tá tacaíocht tugtha do na rialacháin ag infheistíocht shuntasach i mbainistíocht dramhaíola feirme (€2 bhilliún ó 2006).

Buncheanglas de na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta is ea monatóireacht agus luacháil ar an gClár Gníomhaíochta Náisiúnta. Tá seo comhdhéanta de;

- bailiú sonraí bunlíne cruinne,
- feidhmiú beartas an Chláir Gníomhaíochta,
- bailiú sonraí thar an tréimhse monatóireachta, agus
- luacháil éifeachta trí chomparáid sonraí a bailíodh tar éis feidhme a thabhairt do na sonraí bunlíne, leibhéal na sprioc agus na dteorainneacha.

Tá monatóireacht ar cháilíocht uisce chun críche an Chláir Gníomhaíochta Náisiúnta comhtháite sa chlár monatóireachta a rianaíodh cheana féin sa chlár Náisiúnta monatóireachta uisce a bunaíodh in 2007 faoin Chreat-Treoir Uisce agus comhlíonann na húdarás áitiúla agus An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil é.

Ainneoin na bhfeabhsuithe i rialú truailithe talmhaíochta le blianta beaga anuas, is gá a thuilleadh oibre a dhéanamh le deimhin a dhéanamh de lánghéilliúntas. Cé go bhfuil na Rialacháin i gcéad chéim a bhfeidhmithe, is léir gur gá réimeas éifeachtach cigireachta agus forfheidhmithe le lánghéilliúntas a chinntiú.



Tá forfheidhmiú na Rialacháin Níotráite ina chúram go príomha ar na húdarás áitiúla ag gníomhú faoi mhaoirseacht dhíreach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá dualgas ar na húdarás áitiúla faoi na Rialacháin, na clár cigireachta is gá a thionscnamh le measúnú a dhéanamh ar leibhéal an ghéilliúntais do na Rialacháin. Tá na cigireachtaí seo le comhordú leis na cigireachtaí a dhéanann údarás eile poiblí mar an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.

Ar lorg plé idir an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus na húdarás áitiúla tá comhaontú déanta, ag tosú in 2010, go gcomhlíonfaidh cigirí ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia, thar ceann na n-údarás áitiúla clár córasach cigireachta chun críche seiceála ar ghéilliúntas do na Rialacháin Níotráite. Leanfaidh na húdarás áitiúla dá bhfreagracht as dul i mbun imfhiosruithe bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla ag teacht lena ndualgas faoi lánscóp na reachtaíochta cáilíochta uisce agus ag teacht lena gcuid pleananna cigireachta comhshaoil ar leith a ullmhaíodh ag teacht le Moladh an Aontais Eorpaigh ar Íoschritéir

do Chigireachtaí Comhshaoil (MÍCC). Is aidhm don chur chuige seo a chinntiú go mbaintear an éifeacht is fearr is féidir as úsáid comhacmhainní an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus na n-údarás áitiúla agus go seachnaítear dúbláil ar chigireacht ar feirm.

Roghnófar feirmeacha do chigireacht ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia bunaithe ar mheasúnú ar riosca ag cur san áireamh leibhéal na mbrúnna talmhaíochta, goilliúnacht do bharcheantar agus na spriocanna cáilíochta uisce a bunaíodh faoi na Pleananna Bainistíochta Abhantraí. De dhroim an tsocrú seo, in éineacht le cigireachtaí ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia chun críche trasghéilliúntais, déanfar cigireacht ar thart ar 3,000 feirm go náisiúnta in aghaidh na bliana. Má fhaightear amach go bhfuil feirm neamhghéilliúil is féidir go mbeadh sí faoi réir ag pionós faoin scéim na haoníocaíochta feirme agus beidh cigireachtaí leantacha agus gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin ina gcúram ar na húdarás áitiúla. Mar a luadh thuas, leanfaidh na húdarás áitiúla dá gcuid cid cigireachtaí, bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla, mar a éilítear faoi lánscóp na reachtaíochta um cháilíocht uisce.

Tá Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta (CDT) ina chomhdhéantasach tábhachtach den Chlár Gníomhaíochta Náisiúnta. Is é a phríomhchuspóir ná luacháil eolaíoch a sholáthar ar éifeacht an Chláir Gníomhaíochta Náisiúnta agus mar is gá neartú a dhéanamh ar an mbonn d'aon leasú a bheadh le déanamh ar na beartais a fheadfadh a bheith ag teastáil le cuspóirí cáilíochta uisce na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. Clár taighde agra-chomhshaoil agus socheacnamaíoch is ea an CDT ar scála an do bharcheantair ag a bhfuil tacaíocht ó fhoireann eolaithe, comhairleoirí agus teicneoirí ar a ndéanann Teagasc bainistiú. Sa chéad dul síos mairfidh sé ar feadh tréimhse de cheithre bliana (2008 –2011). Tá dianbhainistíocht agus monatóireacht náisiúnta á ndéanamh ar shé dhobharlach talmhaíochta. Níl aon cheann díobh seo suite i CAI an Iarthuaiscirt. Roghnaíodh na do bharcheantar le hionadaíocht a dhéanamh ar chineálacha éagsúla frontar tipiciúla talmhaíochta agus rioscaí tipiciúla comhshaoil do screamhuisce agus uisce dromchla. Tá cion mór curadóireachta in dhá cheann de na do bharcheantar seo. Tá ceann díobh seo suite ar ithreacha saordhraenála inarbh é an riosca is mó ná cailteanas nítrigin trí leáiste agus tá an ceann eile suite ar ithreacha níos troime mar is dóichí cailteanas fosfair trí rith le sruth ón dromchla. Is ann do cheithre do bharcheantar ina bhfuil talamh féarach ceannasach. Tá ardriosca cailteanais nítrigine ar cheann díobh seo, agus tá na trí cinn eile den chuid is mó faoi riosca cailteanais fosfair (le leibhéal éagsúla riosca ar chailteanas nítrigine).

Tá an CDT ceaptha leis na dúshláin i bhfeidhmiú an Chláir Gníomhaíochta Náisiúnta a aithint agus soláthrú sé bonn do leasuithe ar an gclár agus/nó moltaí ar bheartais nua talmhaíochta do chosaint uisce, mar is gá. (Tá a thuilleadh faisnéise ar fáil ag: <http://www.teagasc.ie/agcatchments/>).

Céim mhór chun cinn is ea na Rialacháin Níotráite maidir le cosaint uiscí ar fhoinsí truaillithe ó thalmhaíocht agus meastar go ndéanfaidh siad seachadadh ar fheabhsúchán suntasach i gcáilíocht uisce nuair a bheidh siad ag feidhmiú le hiomlán éifeachta. Tá le tuiscint ón bhfianaise áfach, nach leor iad le héileamh uile na Creat-Treorach Uisce a sheachadadh in gceantair áirithe den tír, mar shampla:

- Tá patrúin áirithe atá léirithe ag an gclár monatóireachta Náisiúnta ina gcúis imní. Tá tiúchana arda níotráite feicthe go seasta in oirthear agus in oirdheisceart na tíre i screamhuisce agus in uiscí dromchla araon (GCC, 2008 agus 2009). Meastar gur dianchleachtas talmhaíochta ar ithreacha saordhraenála san oirthear gur foinsí leata talmhaíochta is cúis leis na tiúchana arda níotráite. Ina theannta sin fuarthas amach gurb iad na hinbhir san oirdheisceart agus i ndeisceart na tíre, mar an tSláine, an Dubhabhainn agus an Abhainn na Bandanna cinn is measa eotrófaíthe. Tá amhras ann go bhfuil ualaí nítrigin ó dhobharlacha suas an tsrutha ina bhfachtóir suntasach ag cur leis mar is é nítrigin an príomhchothaitheach a theorannaíonn fás i sáile.
- Is féidir gurb é nádúr íogair na h-uiscíoch charst aolchloiche san Iarthar (Gaillimh, Muigh Eo agus Ros Comáin) is cúis le tiúchan arda fosfaite sa screamhuisce. Is féidir go bhfuil an screamhuisce ag cur le heotrófu in aibhneacha agus i lochanna sna ceantair sin. Tig le fosfar a leagadh mar leaseachán orgánach nó ceimiceach ar ithreacha éadomhaine thar charst aolchloiche scoilte dul isteach i screamhuisce gan dua agus dul isteach in aibhneacha ina dhiaidh sin trí fhuarain. Aolchloch carstaithe is ea thart ar 20% d'achar na hÉireann.
- Tá leibhéal ardaithe fosfair tugtha faoi deara chomh maith i gceantair atá clúdaithe ag ithreacha troma gléireacha le hardmhéid fosfair (Innéacs 4) ar a n-áirítear coda de chontaetha an Chabháin agus Mhuineacháin i CAI an Iarthuaiscirt.
- I gcuid de na suíomhanna ardstádais atá luaite i Rannán 2.2.1 thuas.

Cruthaíonn na trí chás ar a bhfuil cur síos thuas, deacrachtaí ar leith do bhainistíocht ar cháilíocht uisce agus ar earnáil na talmhaíochta sna ceantair atá luaite. Fiú amháin le lánfheidhmiú Rialacháin Níotráite agus an Clár Gníomhaíochta Náisiúnta ní dócha go mbainfeadh amach an sprioc de stádas maith do screamhuisce nó d'uisce dromchla faoin spriocdháta 2015 sna ceantair sin agus éireoidh gá le beartais fhorlíontacha. Déanfar lé ar nádúr agus méid na mbeartais sin nuair a bheidh torthaí an CDT ag tosú ar a bheith ar fáil in 2012. Ar na dúshláin tá rátaí malla nádúrtha athshlánaithe ar cháilíocht uisce, rud a fheadfadh leanúint ar feadh suas le 20 bliain, agus coinníollacha áirithe (hidrigeolaíochta agus tréithíochta ithreach), a dhéanann do bharcheantar screamhuisce íogair maidir le truaillíú ó ionchur cothaitheach ó gníomhaíochtaí talmhaíochta. Tá sínte ama curtha i bhfeidhmiú do bhaint amach spriocanna cáilíochta uisce d'uiscí i gceantair mar iad seo d'fhonn soláthar a dhéanamh do go leor ama le himfhiosrú a dhéanamh ar mhéid na dtionchar, le beartais chúil bainistíochta a aithint agus a fheidhmiú agus am a cheadú d'athshlánú cáilíochta an uisce.

5.2.4 Polasaí Praghsála Uisce



Tá sé i gceist leis an gCreat-Treoir Uisce go bhfeidhmeadh polasaí praghsála uisce mar dhreasacht i dtreo úsáid éifeachtach a bhaint as uisce d'fhonn "cuidiú le cuspóir comhshaoil na treorach" agus le haisghabháil a dhéanamh ar "leor chion tairbhe" de chostais na seirbhísí uisce ó na príomhghrúpaí úsáideoirí, ar a n-áirítear tionsclaíocht, talmhaíocht agus teaghlaigh.

Ó 1998 b'é Polasaí Náisiúnta Praghsála Uisce an Rialtais é muirear ar uisce a chur ar chustaiméirí neamh-thí ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce agus lánchostas soláthair a leithéidí de sheirbhísí do na custaiméirí seo a aisghabháil. Tá méadrú ar na húsáidí uile neamh-thí mórán críochnaithe. Déanann suiteáil méadar ar sholáthar chustaiméirí neamh-thí áisiú ar pholasaí praghsála cothrom, trédhearcach agus éifeachtach a fheidhmiú.

Maidir leis an earnáil tí, tá costas caipitil, oibriúcháin agus cothabhála seirbhísí uisce á n-íoc go hiomlán ón Státchiste ó 1997 i leith. Ar lorg cinneadh Rialtais le déanaí, tá reachtaíocht le tabhairt isteach ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht

agus Rialtais Áitiúil le húdaráis áitiúla a chumasú le muirear a chur ar úsáideoirí tí ar sheirbhísí uisce ar bhealach a sholáthraíonn dreasachtaí d'úsáid éifeachtach uisce agus a dhéanann aisghabháil ar leorchuid den chostas ar sheirbhísí uisce. Tabharfar moltaí chun cinn chomh maith do chlár méadaraíthe d'úsáideoirí tí.

5.2.5 Pleananna bainistíochta agus cláir bheartas fo-abhantracha chun críche cuspóirí um cháilíochtaí uisce a bhaint amach do shuíomhanna Natura 2000 atá sainithe do chosaint Pobal de Dhiúilicíní Péarla Fíoruisce

Faoi chuspóirí Rialacháin chomhshaoil na gComhphobal Eorpacha (Diúilicíní Péarla Fíoruisce), 2009 (IR 296 de 2009) tá r ann Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil pleananna bainistíochta fo-abhantracha le cláir de bheartais a chur dá n-ullmhú le cuspóirí um cháilíocht uisce comhshaoil atá bunaithe do shuíomhanna Natura 2000 atá sainithe do chosaint pobal de Dhiúilicíní Péarla Fíoruisce, a bhaint amach.

Tá seacht bpobal is fiche sainithe liostáilte sna Rialacháin, tá sé chinn díobh seo suite i CAI an Iarthuaiscirt. Tá sé chinn den na seacht bpobal is fiche atá sainithe ag teip ar stádas maith éiceolaíochta de dheasca coinníollacha neamhleora uisce. Is gá plean bainistíochta fo-abhantraí do gach dobharcheantar ina bhfuil pobal sainithe diúilicíní péarla fíoruisce. Tá pleananna á n-ullmhú i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus meastar o mbeidh siad ullamh faoi lár 2010. Ní mór do gach plean bainistíochta fo-abhantraí:

- spriocanna agus cuspóirí comhshaoil a shonrú;
- soláthar a dhéanamh d'ímfhiosrú ar fhoinsí brúnna as a dtagann stádas neamhfabhrach caomhantais am diúilicíní péarla fíoruisce;
- clár de bheartais a bhunú, ag áireamh creat-ama, do laghdú ar na brúnna is cúis le stádas neamhfabhrúil caomhantais;
- clár mioninste monatóireachta a leagan síos le feidhmiú d'fhonn luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas agus an dul chun cinn atá déanta i dtreo stádas fabhrúil caomhantais a athbhunú.

leagtar dualgas ar gach údarás poiblí cibé céimeanna is gá a ghlacadh, i gcomhthéacs a gcuid feidhmeanna, leis na beartais a aithnítear sna pleananna fo-abhantraí a fheidhmiú. Tá na beartais a áirítear i bpleananna bainistíochta fo-abhantraí comhlántach agus de bhreis ar bheartais i bplean bainistíochta abhantraí a d'ullmhaigh údaráis áitiúla. Ní mór pleananna bainistíochta fo-abhantraí a athbhreithniú gach sé bliana agus a athchóiriú mar is gá.

5.2.6 Cláir um laghdú ar thruailliú chun críche caighdeáin cháilíochta uisce a bhaint amach d'uisce sainithe sliogéisc

Faoi rialacháin na gComhphobal Eorpacha (cáilíocht uisce sliogéisc) (2006-2009) ní mór don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Cláir um Laghdú Thruaillithe (CLT) a chur dá ullmhú do gach uisce ar leith sainithe sliogéisc. Is cuspóir do gach clár céimeanna réasúnta praiticiúla a ghlacadh le cosaint agus, mar is gá, feabhas a chur ar cháilíocht an uisce sna ceantair shainithe fáis do sliogéisc d'fhonn na caighdeáin cháilíochta atá bunaithe dóibh a bhaint amach. Is ann do seasca a ceathair uisce sainithe sliogéisc, agus tá dhá cheann déag díobh suite i CAI an Iarthuaiscirt. Ar lorg comhairliúcháin leis na húdaráis phoiblí ábhartha na PLTanna uile sliogéisc agus críochnaíodh Measúnuithe Straitéiseacha Comhshaoil (MSC) gach ceann díobh, faoi Eanáir 2010. Tá tosaithe ar an bhfeidhmiú anois.

Tá an PLT do gach ceantar fáis do shliogéisc comhdhéanta de thréithriú ar an dobharcheantar máguaird agus brúnna a fheádfadh éifeacht a bheith acu ar cháilíocht uisce (mar shampla scaoilte aitheanta fuíolluisce agus cineál gníomhaíochtaí talmhaíochta), measúnú ar cháilíocht uisce sa cheantar agus sceideal de phleananna gníomhaíochtaí mioninste atá beartaithe ar leibhéal abhantraí le rialú a dhéanamh ar fhoinse aitheanta truaillithe.

Tá ar na húdaráis phoiblí ábhartha uile a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach, chomh fada agus atá praiticiúil, a chuirfidh géilliúntas do na caighdeáin cháilíochta a bunaíodh d'uiscí sainithe sliogéisc chun cinn. Tá an Institiúid Mhuirí i mbun cláir mhonatóireachta le measúnú a dhéanamh ar staid uiscí sa cheantar fáis do shliogéisc le géilliúntas a dheimhniú, nó a mhalairt le caighdeáin cháilíochta uisce. The Marine Institute will submit a report on water quality in each designated area to the Minister each year, including any non-compliances with water quality standards to enable investigation to be undertaken. Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar na PLTanna ag tréimhsí nach mó ná trí bliana, agus déanfar uasdátú agus leasú orthu mar is gá ó thráth go chéile.

Aithníonn sceideal ghníomhaíochtaí an PLT na beartais is gá, scálaí ama agus an t-údarás áitiúil atá freagrach as dul i mbun na gníomhaíochta. Tá na beartais comhlántach agus ina mbreis ar bheartais i bplean bainistíochta abhantraí ag díriú ar bhrúnna atá ag feidhmiú ar gach uisce sliogéisc sainithe ar leith.

5.2.7 Rialú ar thionchair chomhshaoil ó fhoraoiseacht

Léiríonn Fardal Náisiúnta Foraoiseachta na hÉireann go bhfuil 10% den achar iomlán talún na hÉireann faoi fhoraoise anois; tá 57% den bhforaois in úinéireacht phoiblí agus 43% príobháideach. Cónaiféir is ea 74% den stoc iomlán. Meastar go bhfuil 43% den eastát iomlán foraoise feidhmí ar ithir de chineál móna. Tá na fáischoillte seo á mbaint d'earnáil adhmaid na hÉireann faoi láthair. Tá os cionn 77,000 heicteár d'fhoraoiseacht phoiblí agus príobháideach i CAI an Iarthuaiscirt. 40 bliana an saolré tipiciúil d'fháschoillte cónaiféara; tá saolré níos faide ag crainn leathanduilleacha.

Tá taighde ar an hidirghníomhaíocht idir fhoraoiseacht agus uisce ar leanúint ó na 1980aidí agus tá na torthaí comhtháite i dtreoir agus i gcóid chleachtais na Seirbhíse Foraoise. Cé go bhfuil mórán buntáistí dearfacha ag foraoisí, mar fheabhsú bithéagsúlachta trí chrainn leathanduilleacha a chur, aithníodh an áirithe sin brúnna ionchasacha diúltacha thrí thaighde a rinneadh le déanaí. Ar na brúnna sin tá:

- aigéadú saorga ar uiscí de bhun foraoiseachta buaircíneacha ar ithreacha íogaireacha maidir le haigéad. Ní bhíonn éifeacht aigéadaithe ag foraoiseacht ar ithreacha mianracha aigéadacha le maoláin mhaithe. Tá 5% éigin de na ceantar stocáilte náisiúnta suite i gceantair le hithreacha íogaireacha maidir le haigéad a fhéadfadh éifeacht aigéadaithe a bheith acu ar uiscí
- Tionchair ar shaibhriú cothaitheach agus a dríodaraithe ag eascairt as oibreacha foraoiseachta (go príomha ardleibhéal ghníomhaíochta leagan) in abhantracha le clúdach foraoise os cionn 50% ar ithreacha móna. Ba lú go suntasach na tionchar a tugadh faoi deara ar chlampaí foraoise ar ithreacha mianracha ná orthu siúd ar ithreacha móna. Tá 1% éigin de na clampaí foraoise in a leithéid de shuíomhanna.

Tá léirithe ag taighde gur bhain na fadhbanna seo go ginearálta le clampaí foraoise a cuireadh roimh 1990, an bhliain inar tosaíodh ar Threoirlínte na Seirbhíse Foraoise a thabhairt isteach le rialú a dhéanamh ar fhoraoiseacht. Tá seo suntasach mar is féidir go bhfuil líonraí draenála ag na seanchlampaí foraoise seo ceangailte go díreach de líonraí na n-aibhneacha agus plandáladh iad de ghnáth síos amach go himeall an tsrutha. Tá béim curtha ag taighde ar nádúr casta na hidirghníomhaíochta idir fhoraois, ghníomhaíochtaí foraoiseachta agus uisce. Tá an áirithe sin tionscadal taighde foraoiseachta ar siúl faoi láthair ag imfhiósú beartas praiticiúla maolaithe le haghaidh a thabhairt ar na brúnna is féidir a bheith ar dhobharlacha ó fhoraoisí agus ó oibríochtaí foraoiseachta². The Environmental Protection Agency is also considering additional future research needs to investigate the effectiveness of pollution control measures to address problems of acidification, siltation and nutrient enrichment from fertilisation. Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag féachaint freisin ar bhreis riachtanais taighde don todhchaí le himscrúdú a dhéanamh ar éifeacht na gcéimeanna rialaithe truaillithe le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le haigéadú, sioltachán agus saibhriú cothaitheach fosfáite ó thoirchiú. Déanfaidh an tSeirbhís Foraoiseachta athbhreithniú ar na Treoirlínte um Fhoraoiseacht agus Cháilíocht Uisce (a foilsíodh, Iúil 2000) le linn an chéad timhriall de na pleananna bainistíochta abhantraí lena chinntiú go dtagann siad leis na cuspóirí agus leis na caighdeáin nua do cháilíocht uisce.



²Tá tionscadal HYDROFOR arna chistiú ag EPA-COFORD (le críochnú in 2013) ag imfhiósú tionchair fhoraoisí agus oibríochtaí foraoiseachta ar éiceolaíocht uisceach na hÉireann.

Tá tionscadal EFFECT arna chistiú ag an GCC (le críochnú in 2011) ag measúnú tionchar POManna ar cháilíocht uisce srutha, ag díriú ar cheantair fhoraoise bhuaircíneacha, ag féachaint go háirithe ar an mbealach ina mbíonn éifeacht ag beartais bhainistíochta ar bhitheolaíocht an tsrutha;

Déanfaidh tionscadal SANIFAC arna chistiú ag COFORD (le críochnú in 2010) atá ag féachaint ar éifeachtaí glanleagan ar hidreolaíocht, ceimiceacht agus bitheolaíocht na huiscí glactha ar a ndéanfar monatóireacht roimh agus i ndiaidh glanleagan;

Tionscadal FORFLUX arna chistiú ag COFORD (le críochnú in 2010) ag breathnú ar thuiscint ar impleachtaí fadtéarmacha na hidirghníomhaíochta idir an fhoraois agus an atmaisféar, an chéad agus uiscí dromchla.

Go dtí seo bhí foraoiseacht in Éirinn á rialú faoi Acht Foraoiseachta 1946 agus trí chóras tacaíochta deontais á riaradh ag Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia tríd a doiciméid treorach agus a cóid chleachtais. Le bainistíocht inbhuanaithe foraoiseachta a neartú tá dréachtú déanta ar Bhille nua Foraoiseachta in ionad Acht Foraoiseachta 1946. Tá tábhacht ar leith ag baint le roinnt forálacha maidir le huisce a chosaint, is iad sin:

Caithfear gach oibríocht fhoraoiseachta, pé ceadúnaithe, faofa nó díolmhaithe, a dhéanamh de réir na dtreoracha agus na rialachán a eisíonn an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia. Is cion a bheidh i gceist le neamhchomhlíonadh na dtreoirínte, na gcód cleachtais, na gcoinníollacha nó na rialachán a eisíonn an tAire.

Tá sé ar intinn níos mó solúbthachta agus soiléire a bheith i gceist le hathphlandú éigeantach tar éis leagain. Tá sé molta athrú ar úsáid talún a cheadú ó fhoraoiseacht go húsáid eile oiriúnach. Moltar cumhacht a thabhairt don Aire an oibleagáid athphlandaithe a chur i leataobh i gcúinsí áirithe teoranta (mar shampla tionscadail infreastruchtúir, forbairt choillearnaí, ar a n-áirítear éiceachnuasaigh, tithíocht agus áineas teoranta, ceantair a bhfuil íogaireacht timpeallachta ag baint leo maidir le foraoiseacht tráchtála etc., a bhíonn “chun leasa an phobail”).

Ina theannta sin tugadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú ón Aer) 2006-2007 isteach le rialú a dhéanamh ar thruailliú chothaitheach fosfáite ó leasacháin a chur ar fhoraoiseacha ón aer. Le leasacháin a chur ar fhoraois ón aer caithfear Ceadúnas Leasacháin ón Aer a fháil ar dtús ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia. Leagann na Rialacháin roinnt coinníollacha síos a chaithfear a chomhlíonadh sara dtugann an tAire ceadúnas. Sonraíonn siad roinnt criosanna áirithe eisiamh.

I Márta 2008 d'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirínte le suíomhanna Natura 2000 atá sonraithe chun cosanta an Diúilicín Péarla Fionnuisce a chosaint ar ghníomhaíochtaí foraoiseachta. Is é atá ar intinn leis na treoirínte a chinntiú go mbíonn oibríochtaí mar fhoraoiseacht, bóithre foraoise a thógáil, buainteoireacht agus pleanáil foraoise ag teacht le cosaint an speiceas seo a bhfuil íogaireacht ar leith ag baint leis. Tugann na treoirínte cur síos ar réimse céimeanna a ceapadh le laghdú a dhéanamh ar aon drochthionchar a fhéadfadh a bheith ar an speiceas mar thoradh ar na hoibreacha foraoiseachta. Tagann siad leis na Treoirínte Seirbhíse Foraoiseachta, na Cóid Dea-Chleachtais agus na rialacháin eile go léir. Tá feidhmiú na dtreoirínte éigeantach.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar fhadhb an aigéadaithe in uisce d'hoibreacha a bhfuil íogaireacht ag baint leo maidir le haigéadú, aontaíodh prótacal idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Foraoiseachta, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus COFORD i 2001 le déileáil le hiarratais ar dheontais i gceantair a bhfuil íogaireacht ag baint leo maidir le haigéadú. Seiceáiltear gach iarratas a fhaigheann an tSeirbhís Foraoiseachta ar chúnamh deontais i gceantar a aithnítear a bheith íogair ó thaobh aigéadaithe de maidir le hacmhainn mhaolaithe aigéide a shocraítear de réir leibhéil alcaileachta in uisce a théann chun srutha. Déantar ithreacha le meánacmhainn mhaolaithe a thagairt chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le moladh a fháil maidir le cúnaimh deontais. Ag brath ar leibhéil alcaileachta:

- Is féidir cúnaimh deontais a thabhairt d'fhoraoiseacht i gceantair ina bhfuil íosmhéid na halcaileachta san uisce a théann chun srutha níos mó ná $15\text{mg CaCO}_3\text{ l}^{-1}$ (carbónáit chailciam).
- Nuair a bhíonn an t-íosmhéid alcaileachta in uisce chun srutha sa réimse $8\text{--}15\text{mg CaCO}_3\text{ l}^{-1}$, is féidir go gceadófaí roinnt foraoiseachta, foraoiseacht iomlán nó nach gceadófaí aon fhoraoiseacht tar éis plé agus comhaontú idir an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an tSeirbhís Foraoiseachta.
- Ní thugtar cúnaimh deontais i gceantair nuair a bhíonn an t-íosmhéid alcaileachta san uisce a théann chun srutha níos lú ná $8\text{mg CaCO}_3\text{ l}^{-1}$.

Críochnófar rialacháin nua, le huasdátú a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2001 (IR 538 de 2001) i mbliana. Beidh soláthar sna rialacháin nua do sciathadh reachtúil MTT do gach foraoiseacht agus forbairt bóthair foraoise fo-thairsigh (ach a fhágann rochtain ar bhóithre poiblí a mbeadh cead pleanála agus MTT ag teastáil dóibh as an áireamh, más gá é). Déanfaidh sé trasú freisin ar an Treoir um Rannpháirtíocht Phoiblí fad a bhaineann le foraoiseacht agus tabharfaidh sé pionóis i gceist d'fhorbairt neamhúdraithe.

5.2.8 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta d'úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí

Tá an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia ag forbairt Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta faoi láthair d'úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí i gcomhairle le páirtithe eile leasmhara. Is riachtanas é an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de Threoir 2009/128/CE (ag bunú frámaíochta do ghníomhaíocht Phobail go mbainfí úsáid inbhuanaithe as lotnaidicídí amach) agus caithfear sin a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit faoin 14 Nollaig 2012. Tá an Treoir dírithe ar úsáid níos inbhuanaithe as lotnaidicídí a chinntiú, ag laghdú dá réir ar thionchar na lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an timpeallacht (ar a n-áirítear an timpeallacht uisceach).

Áireofar sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta spriocanna cainníochtúla le baol agus tionchar úsáid lotnaidicídí ar an timpeallacht a laghdú. Tabharfaidh an plean aghaidh ar réimsí mar oiliúint agus teastasú úsáideoirí, dáileoirí agus comhairleoirí lotnaidicídí, calabhrú agus teastasú trealaimh feidhmithe lotnaidicídí, agus teicnící comhtháite bainistíochta lotnaidí. Beidh fócas ar leith ag an bplean ar

chosaint na timpeallachta uiscí agus ar an soláthar uisce óil ar na tionchair a fhéadfadh a bheith ag úsáid lotnaidicíde, agus tabharfar aghaidh go sonrach ar cheisteanna na gcrios cosanta timpeall ar phointí astarraingte uisce.

Táthar le hathbheithniú a dhéanamh ar Shubstaintí Tosaíochta an Chreat-treoir Uisce faoin 13 Eanáir 2011. Moltar go dtógtar sé shubstaint déag, ar a n-áirítear an lotnaidicíd cypermethrin, ar aghaidh do dhíorthú caighdeánach ar cháilíocht na timpeallachta.

5.2.9 Líonadh Talún agus tailte fabhtaithe



Thug na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Deimhniú ar Dhiúscairt Stairiúil Dramhaíola agus ar Ghníomhaíocht Athsholáthair) 2008 (IR 524 de 2008) riachtanas reachtúil isteach go gcláródh údarais áitiúla gach líonadh talún a bhíonn dúnta, faoi mar atá sainithe faoi na rialacháin, faoin 30ú Meitheamh 2009; tá 321 láthair cláraithe ar fud an Stáit.

Tá beagnach gach measúnú tosaigh riosca Shraith 1 (staidéar deisce agus siúlóid suímh) críochnaithe do gach suíomh. Cuireadh measúnaithe níos doimhne Shraith 2 (monatóireacht ar an láithreán) i bhfeidhm ar 18 suíomh faoi thionscadal píolótach ar cuireadh tús leis i nDeireadh Fómhair 2009, agus é maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Fógraíodh an dara tionscadal píolótach le tacú le feidhmiú mheasúnaithe riosca Shraith 3 (imscrúduithe níos doimhne suímh) i Márta 2010.

Caithfidh an GCC údarú a dhéanamh ar gach suíomh. Tabharfaidh an t-údarú, ar a dtugtar Deimhniú ar Údarás (DAÚ), sonrú ar na céimeanna iomchuí bainistíochta a chaithear a chur i bhfeidhm ag

gach suíomh ar bhonn gach cáis ar leith. Beidh ar an GCC ceann a thógáil de na caighdeáin cháilíochta timpeallachta a socraíodh i rialacháin 2009 maidir le hUiscí Dromchla agus rialacháin 2010 maidir le Screamhuisce, agus a himscrúduithe á ndéanamh aici agus na céimeanna iomchuí bainistíochta chun críche na rialachán seo a shonrú.

Maidir le mianaigh stairiúla, críochnaíodh fardal agus measúnú riosca i Márta 2010 mar fhreagra ar Threoir (2006/21/CE) maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha. Ba chomhthionscadal é Tionscadal Suíomhanna Stairiúla na Mianach – Fardal agus Rangú Riosca (HMS-IRC) ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (ROCFA).

Ba iad cuspóirí an tionscadail ná:

- aon bhaol suntasach ar an gcomhshaoil a aithint, ar a n-áirítear baol ar dhaoine agus ar ainmhithe, agus suíomhanna stairiúla na mianach seo, i dtreo is gur féidir na rioscaí seo a smachtú i ndeireadh thiar agus na suíomhanna a bheith sábháilte;
- pleanáil don Treoir an AE 2006/21/CE maidir le Dramhaíl ó na Tionscail Eastóscacha a Bhainistiú atá le teacht.

Déanadh imscrúdú ar 32 suíomh agus ceantar mhianaigh. Díobh seo déanadh 27 suíomh/ceantar mianaigh (ag tiomsú 82 suíomh indibhidiúil) a mharcáil i gcoibhneas lena chéile chun críche gníomhaíochtaí sa todhcháí.

Mar thoradh ar an tionscadal déanadh an fardal is cuimsithí ar mhianaigh stairiúla in Éirinn ar a n-áirítear mionanailís gheoiceimiceach. Bailíonn sé le chéile an t-eolas ar fad atá ann ar suíomhanna na mianach stairiúil in Éirinn in éineacht le heolas nua suntasach a fuarthas ó imscrúduithe suímh a threoríodh obair athshlánaithe ar mhianaigh in Éirinn sa todhcháí. Tógfar ceann sna hoibreacha athshlánaithe de na caighdeáin cháilíochta timpeallachta a bunaíodh sna rialacháin ar Uisce Dromchla 2009 agus na rialacháin ar Screamhuisce 2010.

5.2.10 Dobharshaothrú

Tá dobarshaothrú iasc eite ceadúnaithe ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia faoi Acht lascaigh (Leasú), 1997. Leagann na ceadúnais a eisítear faoin Acht síos teorainn le líon na n-iasc is féidir a fhás chomh maith le húsáid ceimiceán agus leigheasra ag an áis. Leagann ceadúnais síos riachtanais do mhonatóireacht, ar a n-áirítear monatóireacht bheantach, monatóireacht ar cháilíocht uisce agus monatóireacht ar mhíolta farraige. Déantar monatóireacht bheantach gach bliain agus áirítear inti amharcscrúdú ar ghrinneall na farraige faoi bhun na gcliabh, chomh maith le hanailís do charbón orgánach agus ocsdí.

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Substaintí Contúirteacha i nDobharshaothrú) 2008 (IR 466 de 2008) feidhm do Threoir 2006/11/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar thruailliú a chruthaíonn substaintí áirithe contúirteacha sa timpeallacht uisceach sa mhéid is go mbaineann an Treoir le huiscí i dtimpeallacht mhianaigh a chosaint ar ghníomhaíochtaí dhobharshaothraithe.

Éilíonn na Rialacháin inter alia go gcaithfidh an leibhéal díluchtaithe astaíochta a shocraíonn údarás ceadúnaithe a bheith bunaithe ar chaighdeán iomchuí cáilíochta timpeallachta nó ar chuspóirí a bhíonn leagtha síos ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil de réir an Chreat-treoir Uisce.

Déanfar athbhreithniú ar gach ceadúnas lena chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí an CTU (mar a leagadh síos i Rialacháin um Uisce Dromchla 2009) dhobharlaigh ghlaictha, ag tógáil ceann d'acmhainn chomhshamhlaithe na n-uiscí glaictha.

5.2.11 Céimeanna le haghaidh a thabhairt ar bhrúnna ar uiscí cósta

Tá mórán brúnna ar chríos an chósta ó chleachtas áirithe iascaireachta go brúnna áineasa, ó fhorbairt cois cósta, ó ghníomhaíochtaí dreidireachta agus ó dhumpáil sa bhfarrage, ó astarraingt chomhbhailiúcháin mhara agus fhuíollábhair mhara agus bhruscair. Is ábhar mór imní é tionchar shaibhriú cothaitheach fosfáite agus próiseas eotróifithe i dtimpeallacht na mara; tá measúnú bunaithe go príomha ar shonraí a bhailigh an GCC. Tá Rialacháin Náisiúnta le treoracha an AE a chur i bhfeidhm ar chóireáil fuíolluisce agus níotráití ó fhoinsí talmhaíochta ar na céimeanna is tábhachtaí atá ann le tabhairt faoi eotrófú. Tá Éire tar éis treoir an AE maidir le níotráití a chur i bhfeidhm ar fud na críche ar fad agus sonrú déanta ar na huiscí iomchuí inbhearacha mar 'fogair' nuair is gá sin a dhéanamh faoin Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Tá gá le laghdú cothaitheach ag na ceirtleáin móra uirbeacha ag urscaoileadh isteach in uiscí atá fogair.

Ba é conclúid na hoibre a déanadh chun críche mheasúnachtaí riosca Airteagal 5 den CTU go bhfuil 35% de dhobharlaigh trasdultacha agus 18% de dhobharlaigh cois cósta 'i mbaol' nó 'go dócha go bhfuil siad i mbaol' teip maidir le freastal ar chuspóir dea-stádas an CTU de bharr athruithe fisiciúla. Ar na brúnna moirfeolaíochta ar an mhuirthimpeallacht tá cosaint chósta, struchtúir thógtha (uirbiú agus calafoirt agus cuanta) agus dreidireacht.

Soláthróidh an leasú atá molta ar an gcreat reachtach, le leasú a dhéanamh ar athruithe fisiciúla a mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht uisceach (Alt 5.1), inter alia, meicníocht fhoirmeálta dlíthiúil le haghaidh a thabhairt ar na brúnna seo ar an muirthimpeallacht, ar a n-áirítear forálacha díolúine a sholáthar d'Airteagal 4(7) den CTU nuair a bhíonn sin coir laistigh de rialacha na Treorach. Beidh na rialacháin atá molta faoi réir réamhchomhairliúchán poiblí agus iad ann ar a dhéanaí faoi dheireadh 2012.

Déanfar céimeanna breise a fhorbairt le haghaidh a thabhairt ar bhrúnna eile i gcomhthéacs bhainistú comhtháite ar chríos cois cósta.

5.2.12 Speicis Choimhthíochta Ionracha

Tabharfar rialacháin isteach i 2010 le srian a chur le trádáil speicis choimhthíochta ionracha, ar a n-áirítear cosc a chur le speicis áirithe atá toirmiscthe. Tá sé ar intinn go gcuirfeadh na rialacháin atá beartaithe cosc ar sheilbh speiceas a bhíonn liostáilte 'le díol nó le dáileadh nó leis an speiceas a aistriú ó háit go chéile laistigh den tír'. Nuair is ann d'fhadhb cheana féin maidir le speicis choimhthíochta ionracha, soláthróidh na rialacháin cumhachtaí Aireachta le plean mar fhreagra ar bhagairt a dhéanamh agus do chumhacht le hiallach a chur ar na húdaráis iomchuí poiblí aghaidh a thabhairt ar an mbagairt. Cuirfeadh na rialacháin amach le haghaidh chomhairliúcháin phobail gan mhoill.

Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann tar éis maoiniú a dhéanamh ar shraith tionscadal ar speicis ionracha agus tá siad ag cur i bhfeidhm mholtaí an bhun tuarascála. Tá measúnachtaí riosca déanta ar speicis ionracha ardriosca agus tá meicníochtaí tapaigh, méadú ar rannpháirtíocht pháirtí leasmhar agus treoirilínte deachleachtas á n-ullmhú.

5.2.13 Baint móna

Is féidir le móin a bhaint tionchar a bheith aici ar cháilíocht uisce trí chothaitheach a scaoileadh (fosfar ach go háirithe) ag cur le heotrófú agus ag dul isteach sna haibhneacha trí shiolta móna agus tionchar aige ar bheathra uisceach. Tá sábháil móna ar cheann de na brúnna a chuireann le ceantair ardcháilíochta agus cosanta a chailliúint.

Caithfidh ceadúnas a bheith ann do gach tochairt móna in achair os cionn 50 heictéar faoi réimeas an CRCT agus tabharfaidh an GCC táirgeoirí príobháideacha móna a thagann faoin gcatagóir seo, agus nach bhfuil ceadúnas acu cheana féin, isteach i gcóras an CRCT.

Faoi bhun an tairsigh seo, tá reachtaíocht phleanála i bhfeidhm agus rinne na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Leasú) 2001 laghdú ar an tairseach phleanála do bhaint móna ó 50 go 10 heictéar. Rinne Rialacháin 2001 an MTT laghdú ar an tairseach do MTT éigeantach ó 50 go 30 heictéar agus cuirfear an fhoráil seo i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar an Acht Pleanála agus Forbartha lena chinntiú go mbíonn forfheidhmiú éifeachtach in aghaidh baint neamhúdaraíthe móna is cuma cathain a tosaíodh ar an mhóin a bhaint. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil tar éis maoiniú a dhéanamh ar thaighde ar chianbhraiteacht a úsáid le fianaise a aithint agus a bhailiú maidir le baint neamhúdaraíthe móna.

Ba choir a thabhairt faoi deara, maidir le hurscaoileadh ó fhiontraíochtaí beaga príobháideacha, go bhfuil rogha ag na húdaráis áitiúla an ghníomhaíocht a cheadú faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus ba choir go nglacfaí leis an rogha se oar bhonn mheasúnaithe riosca, d'fhonn cuspóirí cáilíochta uisce an CTU a bhaint amach.

5.3 Spriocthaighde le tacú leis an bplean

Tá forbairt an phlean tar éis roinnt réimsí tosaíochta a aithint mar a bhfuil gá le taighde le feabhas a chur ar fhaisnéis agus le cabhrú le céimeanna iomchuí a aithint le níos mó cosanta a dhéanamh agus le feabhas a chur ar cháilíocht uisce. Maidir le talmhaíocht, tá imlíne tugtha thuas ag 5.2.3 ar mhórthionscadal taighde.

Maidir le hearnálacha eile agus na ceisteanna a aithníodh, tá na tionscadail seo a leanas ar bun ó déanfar coimisiúnú orthu i 2010:

- Dúradh i dTuarascáil maidir le Táscairí 2009 an GCC go raibh laghdú suntasach ar líon na suíomhanna ardcháilíochta tar éis titim amach le 20 bliain anuas (féach Rannán 2.2.1 thuas) Tosófar ar thionscadal taighde 2010 leis na cúiseanna atá leis an gcailliúint seo a aithint agus le straitéisí bainistíochta a mholadh le haghaidh a thabhairt ar an gceist agus é le bheith críochnaithe go luath i 2011.
- Tosaíodh SIOMBÓIS, mór thionscadal 4 bliana dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar dhobharshaothrú ar bhithéagsúlacht na mara, in Aibreán 2008 agus tá sé le bheith críochnaithe i 2012. Áirítear sa tionscadal seo forbairt ar chur chuige nuálach le tionchar a laghdú.
- Áireofar staidreamh scóipe deisce, dírithe ar mheasúnú agus ar bhainistiú shárú thruailléan ar Leith, tosaíocht agus substaintí contúirteacha in uiscí dromchla agus cosc agus teorainn a chur le substaintí contúirteacha agus neamhchontúirteacha a chur i screamhuisce, sa ghairm tograí i 2010.
- Áireofar staidéar le measúnú a dhéanamh ar roghanna imscaoilte d'fhiolluisce cóireáilte ó thithe aonair in ithir/fo-ithir íseal-tréscailteachta sa ghairm tograí i 2010.

5.4 Céimeanna eile a bhfuiltear ag féachaint orthu

Tugtar imlíne thíos ar réimse de chéimeanna eile a bhfuiltear ag féachaint a fhéadfaí a úsáid ach a bhfuil tuilleadh forbartha de dhíth orthu. Is féidir céimeanna comhaontaithe ar na ceisteanna seo a thabhairt isteach trí uasdhátú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta an Aonaid Bhainistíochta Uisce le linn an phróisis fhorfheidhmithe:

- Uiscí ardcháilíochta a chosaint: Is féidir go mbeadh gá le céimeanna breise leis na ceantair íogair seo a chosaint agus a athshlánú agus go háirithe le tionchar forbartha, foraoiseachta agus feirmeoireachta a laghdú.
- Mianaigh agus Suíomhanna Fabhtaithe: B'fhéidir go mbeidh gá le céimeanna breise d'fhonn aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chruthaíonn mianaigh agus suíomhanna fabhtaithe. B'fhéidir go mbeidh gá le tuilleadh taighde d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais.
- Tionchar fisiciúil chainéalú ar stádas abhann: Tá gá le tuilleadh monatóireachta d'fhonn a aithint cá bhfuil tionchar ag draenáil artaireach ar an stádas éiceolaíoch. Is féidir go mbeadh gá le céimeanna feabhsúcháin.
- Bainistíocht inbhuanaithe ar thuille: Deirtear in Alt 6.1.2 go gcaithfear comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú an Treoir maidir le Tuille agus an Chreat-treoir Uisce. Tá buntáistí cúntacha ag céimeanna bainistíochta inbhuanaithe tuile mar mhíntíriúchán agus athchóiriú tuilemhá, d'oiriúnú athrú aeráide, do bhithéagsúlacht agus do thanúchán chothaitheach agus tá ról tábhachtach acu i bpleanáil bainistíochta baol tuile.

5.5 Pleananna gníomhaíochta an Aonaid Bhainistíochta Uisce

Tá eolas ar stádas, cuspóirí agus céimeanna IRBD An Iarthuaiscirt curtha le chéile do cheantair gheografacha níos lú agus níos inlámhsithe ná na ceantair abhantraí, ar a dtugtar pleananna gníomhaíochta an aonaid bhainistíochta uisce. Tá naoi gcinn déag

d'aonaid bhainistíochta uisce (ABUanna) in CA An Iarthuaiscirt (Mapa 5.1). Tugann na haonaid seo ionadaíocht do na haibhneacha beaga agus lochanna imchuach mar a mbeidh bainistiú na mbrúnna, imscrúduithe agus céimeanna fócasaithe agus snoite le linn fhorfheidhmithe an phlean seo. Ina theannta sin, ullmhaíodh pleananna gníomhaíochta ag díriú ar screamhuisce agus ar bhainistíocht uisce trasdultach agus cósta, do CA An Iarthuaiscirt. Tá tacar iomlán de mhionphleananna gníomhaíochta an aonaid bhainistíochta uisce ar fáil i ndoiciméid chúlra an phlean ghníomhaíochta atá in éineacht leis an bplean deireanach seo (agus iad ar fáil freisin ar líne ag www.wfdireland.ie).

Is príomhdhoiciméad cúlra don phlean iad pleananna gníomhaíochta ABU. Déanann said:

- mapáil ar an gceantar geografach áitiúil ag taispeáint príomh-phoncfoinsí na dtruailléan;
- cur síos, mapáil agus táblú ar stádas uisce;
- Measúnú ar ualach fosfair ó fhoinsí éagsúla ;
- achoimriú ar na rioscaí maidir leis na príomhcheisteanna bainistíochta uisce;
- na príomhchéimeanna a aithint le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo (bainte as an gclár céimeanna)
- táblú ar chuspóirí, ag aithint láthair na gceantar cosanta agus cásanna mar ar roghnaíodh malairt chuspóirí.

Pleananna gníomhaíochta ABU atá mar bhonn le mionchláracha forfheidhmithe, a thabharfaidh treoir agus a dhéanfaidh monatóireacht ar dhul chun cinn forfheidhmithe idir 2009 agus 2015. Ar na príomhchéimeanna a aithníodh i bpleananna gníomhaíochta ABU le haghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna in IRBD An Iarthuaiscirt tá:

- ceadúnú díluchtaithe fuíolluisce ionaid chóireála agus tosaíocht d'uasghrádú agus d'fheabhsú feidhmíochta roinnt ionad;
- athbhreithniú agus forfheidhmiú maidir le gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus doirteadh tráchtála;
- cigireachtaí feirme agus forfheidhmiú faoi na Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta;
- Monatóireacht, scrúdú agus forfheidhmiú ar chaighdeáin maidir le feidhmiú chóras chóireála fuíolluisce réadmhaoine neamhshéaraithe;
- comhlíonadh na gcód cleachtais agus Phrótocal na Seirbhíse Foraoiseachta san earnáil foraoiseachta;
- pleananna fo-abhantraí don Diúilicín Péarla Fionnuisce (ar fáil ag www.wfdireland.ie) do na sé cheantar seo a leanas: An Leainn, Glaskeelan, Clóidigh, Abhainn Choradh, Abhainn Fhia agus Eske;
- ag cur i bhfeidhm Chlár Laghdaithe Truailithe Uiscí Sliogéisc (ar fáil ag www.wfdireland.ie) don dá láthair déag seo a leanas: Bá Dhún na nGall, Bá Inbhir, Bá Mhic Suibhne, Gaoth Luacharóis Beag, Béal an Bheara, Trá Éanach, An Clochán Liath, Bá Gaoth Dobhair, Cuan na gCaorach, Loch Súilí, Trá Bhréige agus An Mhaoil Rua;
- rialú iomchú ar ghníomhaíochtaí sa todhcháil mar scéimeanna astarraingte nó scéimeanna athraithe fisiciúla;
- Comhordú ar ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí agus gníomhaíochtaí oideachais agus feasachta nuair is cuí le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ar bhealach comhoibríoch agus réamhghníomhach;
- clár taighde comhshaoil agus imscrúduithe ar a n-áireofaí: deimhniú ar thionchar ar roinnt uiscí agus roinnt céimeanna nua bainistíochta a aithint agus a phíolótú.

Agus an plean forfheidhmithe á chur le chéile, déanfar athbhreithniú ar phleananna gníomhaíochta ABU mar a mbíonn curtha leis an spriocdháta do dhobharlach, déanfar an dotharlach a ainmniú agus an chúis nó na cúiseanna leis an síneadh ama leagtha amach go soiléir. B'fhéidir go mbeadh measúnú eacnamaíoch ag teastáil i gcásanna áirithe agus rogha á dhéanamh idir chéimeanna éagsúla agus nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar pé céim ar leith ba chóir a chur i bhfeidhm. Tá treoir agus measúnú eacnamaíoch agus tuarascáil bhonnlíne ar an anailís eacnamaíochta ar úsáid uisce in Éirinn ar fáil mar dhoiciméid chúlra eacnamaíochta ar www.wfdireland.ie. Tá tús curtha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar roinnt oibre breise maidir le cainníochtú a dhéanamh ar leasa na timpeallachta uisceach. Tá meastachán déanta ar chostais díluchtaithe fuíolluisce agus ar chéimeanna na gcóras ar an láthair in IRBD an Iarthuaiscirt. Níor úsáideadh anailís eacnamaíochta mar chúis le céimeanna a chur ar athlú nó le síneadh a chur le cuspóirí sa cheantar.

5.6 Clár achomair céimeanna do IRBD an Iarthuaiscirt

Soláthraíonn Tábla 5.1 achoimre ar na príomhchéimeanna atá le cur i bhfeidhm ag na hAonaid Bhainistíochta Uisce in IRBD an Iarthuaiscirt.

³Rinneadh meastachán ar ualach fosfair ag úsáid modhanna ó Guidelines for Harmonised Quantification and Reporting Procedures for Nutrients OSPAR. Ní mór a thabhairt faoi deara gur meastachán ar fhoinsí cothaitheach iad seo agus nach bhfuil impleacht iontu ar cháilíocht uisce.

Tábla 5.1 Achoimre ar chlár na mbeartas do CAI an Iarthuaiscirt

Aonaid Bhainistíochta Uisce																				
	An Chranach	Bá Dhún na ngall	An Éirne Thoir	An Éirne Láir	An Éirne Thiar	Iascaigh	Finne/Derg/Feabhail	Béal an Bheara	An Leanainn/Clóidigh/Abhainn/Choradh/Feabhail	Loch Feabhail	Loch Meilbhe	Loch Suile	An Mhaoil Rua	Abhainn Fhia	Abhainn Ráithe	Ceann Ros Eoghain	Súile	Inis Eoghain Thoir	Ath na Colle	
Rialú ar scaoilte fuíolluisce uirbigh																				
Fearais chóireála gur gá dóibh oibreacha caipitil	4	2	2	1	1	0	7	0	4	1	3	1	2	0	0	1	2	3	2	
Fearais chóireála gur gá dóibh a thuilleadh imfhoisruithe	1	1	3	0	0	0	0	0	0	0	1	1	1	0	0	0	0	0	1	
Fearais chóireála gur gá féachaint chucu le leacht le PLIanna uisce Slogéisc	2	1	0	0	0	0	0	0	3	0	0	1	2	0	0	0	2	0	0	
Fearais chóireála gur gá dóibh feabhsuithe i bhfeidhmíocht oibreachta	0	0	5	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	2	
Ceirteáin uirbeacha gur gá dóibh imfhoisú CFSanna	0	0	2	2	0	0	1	0	0	0	0	0	0	1	0	2	0	0	2	
Ceirteáin gur gá dóibh bainistíocht forbartha	0	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	2	
Maoine a bheidh faoi réir ag feidhmíocht, caighdeán oibreachta agus cothabháil do chórais chóireála fuíolluisce ar-suíomh	lomlán: 4163 Faoi Phriacal: 1082	lomlán: 6104 Faoi Phriacal: 1114	lomlán: 9679 Faoi Phriacal:	lomlán: 3981 Faoi Phriacal: 1546	lomlán: 2107 Faoi Phriacal: 167	lomlán: 830 Faoi Phriacal:	lomlán: 8746 Faoi Phriacal: 1087	lomlán: 4905 Faoi Phriacal: 726	lomlán: 4332 Faoi Phriacal: 1477	lomlán: 3785 Faoi Phriacal: 340	lomlán: 2250 Faoi Phriacal: 173	lomlán: 1321 Faoi Phriacal: 222	lomlán: 4769 Faoi Phriacal: 397	lomlán: 766 Faoi Phriacal: 353	lomlán: 4225 Faoi Phriacal:	lomlán: 3538 Faoi Phriacal: 129	lomlán: 5785 Faoi Phriacal: 2184	lomlán: 5368 At risk: 994	lomlán: 10545 At risk: 6025	
Pleananna fo-abhantraí do láithreán Natura 2000 atá sainithe do chosaint daonraí diuiliúcháin péarla foruisce	0	0	0	0	0	1	0	0	4	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	
Clár Laghdúcháin Truaillithe d'uisce sainithe sliogéisc	1	3	0	0	0	0	0	4	0	0	0	1	3	0	1	2	1	2	0	
Ceadúnais RCCT do scaoilte le huiscí nach mór a athbheithníú	0	0	5	4	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	5	
Ceadúnais do scaoilte le huiscí faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce nach mór a athbheithníú	2	3	16	4	5	0	4	2	6	1	2	1	4	1	3	2	2	0	13	
Cigireachtaí pleanáilte talmhaíochta a rinneadh faoi na Rialacháin um Dhea-chleachtas talmhaíochta																				

Níl sé indéanta ag an bpointe seo briseadh síos a sholáthar ar na cigireachtaí atá le déanamh i ngach aon WMU don CAI an Iarthuaiscirt. Tá sé comhaontaithe go ndéanfaidh cigirí ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cigireacht ar fheirmeacha chun críche seiceála ar ghéillúntas do Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Dea-Chleachtas Talmhaíochta do Chosaint Uisce) 2009 (IF 101 de 2009). Lena chois sin, leanfaidh na húdaráis áitiúla dá bhfreagracht as duí i mbun imfhoisuithe ar thruailliú bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla ag teacht lena n-uaireas faoi raon de reachtaíocht comhshaoil ag teacht lena gcuid pleananna cigireachta comhshaoil ar leith a ullmháil ag teacht le Moladh an Aontais Eorpach ar loschníteir do Chigireachtaí Comhshaoil (MICC).



Mapa 5.1 Aonaid Bhainistíochta Uisce i CAI an Iarthuaiscirt

6 Comhtháthú pleananna agus cláir

6.1 Réamhrá

D'fhonn cosaint éifeachtach a dhéanamh ar ár gcuid uisce tá sé tábhachtach go ndéanfaí na Pleananna Bainistíochta Abhantraí a chomhtháthú le pleananna eile mar:

- Pleananna úsáide agus spásúlachta talún;
- pleananna caomhantais: pleananna cosanta gnáthóg agus speiceas (ag áireamh pleananna fo-abhantraí im diúilicíní péarla fforuisce);
- pleananna straitéiseacha do sheirbhísí uisce;
- pleananna agus cláir laghdúcháin truaillithe (ag áireamh pleananna laghdúcháin ar thruailliú uisce dromchla, rialaitheoirí screamhuisce, scéimeanna cosanta screamhuisce, an Clár Gníomhaíochta Náisiúnta, cláir údaraithe scaoilte faoina hAchtanna um Thruailliú Uisce agus an Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, pleananna um uisce sliogéisc agus uisce snámha;
- pleananna bainistíochta dramhaíola;
- Pleananna um Bainistíocht Shloda;
- pleananna éigeandála mórthimpiste;
- pleananna bainistíochta foraoise;
- pleananna bainistíocht um riosca tuile.

6.1.1 Pleanáil um úsáid talún

Is féidir maolú a dhéanamh ar aon tionchair ionchasacha ó fhorbairt ar uiscí amach anseo trí ionchorprú cuí na gcuspóirí a bhunaítear sa phlean seo sna pleananna forbartha le forbairt inbhuanaithe a dheimhniú. Ar leibhéal straitéise tá Straitéis Spásúlachta na hÉireann agus eilimintí den bPlean Forbartha Náisiúnta ina mbunmheicníochtaí le deimhin a dhéanamh de chothromaíocht idir riachtanais shóisialta, eacnamaíochta agus forbartha. Ar leibhéal réigiúnacha agus áitiúla, beidh na rioscaí ionchasacha do chuspóirí uisce ó fhorbairtí amach anseo faoi réir ag Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus treoirlínte reachtúla pleanála agus pleananna forbartha pleanála á n-ullmhú, leithéidí

- treoirlínte réigiúnacha pleanála;
- pleananna contae agus cathrach agus pleananna ceantair áitiúla;
- scéimeanna pleanála do chreasa straitéiseacha forbartha.

Lena chois sin, ní mór d'údaráis phleanála ceann a thógáil de na rioscaí ionchasacha d'uisc le linn céimeanna mionfhorbartha an mholta ag úsáid cur chuige an Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta.

Éilíonn Regional treoirlínte réigiúnacha pleanála go gcuimseodh pleananna forbartha cuspóirí uisce mar a bunaíodh sna pleananna bainistíochta abhantraí. Is aidhm don mBille Pleanála agus Forbartha 2010 bonn dlíthiúil treoirlínte pleanála trína éileamh go leagfadh pleananna forbartha amach croístraitéis a léiríonn go bhfuil na cuspóirí forbartha sa bhforbairt ag teacht, chomh fada agus is praiticiúil, leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta agus leis na treoirlínte réigiúnacha pleanála. Is gá d'údarás pleanála a chinntiú, agus plean forbartha á dhéanamh, go bhfuil an plean i gcoimhréir le haon treoirlínte réigiúnacha pleanála atá i bhfeidhm dá cheantar.

Déanfar athbhreithniú ar phleananna bainistíochta abhantraí in 2015 agus 2021. Tá na treoirlínte réigiúnacha pleanála uile á n-athbhreithniú faoi láthair agus déanfar iad a athbhreithniú gach sé bliana as seo suas. Éilítear go dtógfadh na pleananna uile forbartha agus na pleananna áitiúla ceann de na treoirlínte réigiúnacha seo agus ní mór iad a aithbhreithniú gach sé bliana. Eiseoidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoir ar chomhtháthú pleanála forbartha agus pleanáil abhantraí in am tráth.

6.1.2 Pleananna bainistíochta um riosca tuile.

Leag Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Polasaí Tuile na hÉireann 2004 polasaí nua amach ar bhainistíocht rioscaí tuile atá ag teacht leis na Treoir nua um Thuilte (2007/60/CE). Cuimsíonn seo ullmhú Pleananna Bainistíochta Tuile do bharcheantar-bhunaithe

a leagfaidh amach an straitéis fadtéarmach agus tacar tosaíochtaí de bheartais do bhainistíocht rioscaí tuile, struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha aron. Tá rialacháin ag tras-suí na Treorach Tuilte déanta (IR 122 de 2010). Tá feidhmiú na Creat-Treorach Uisce agus na Treorach um Thuilte le comhordú. Is iad príomhéilimh na Treorach um Thuilte ná:

- dul i mbun reamh-mheastacháin riosca tuile (faoi 2011);
- mapaí ar ghuais agus riosca tuile a ullmhú (faoi 2013);
- pleananna bainistíochta riosca tuile a ullmhú (faoi 2015);
- comhordú leis an gCreat-Treoir Uisce;
- comhoibriú idir bhallstáit maidir le habhantracha trasteorann;
- rannpháirtíocht an phobail, comhairliúchán agus leathadh faisnéise agus torthaí.



6.1.3 Pleanáil d'athrú aeráide

Déanann bainistíocht abhantraí soláthar ar mheicníocht éifeachtach le hullmhú agus le hoiriúnú d'athrú aeráide trí oiriúnú a ionchorprú sa chlár de bheartais. Ar a shon sin, de dhroim ardleibhéal na neamhchinnteachta sna réamh-mheastacháin um athrú aeráide faoi láthair, tá cur chuige solúbtha de dhíth. Tá an plean abhantraí in oiriúint d'athrú aeráide sa mhéid is go bhfuil na gníomhaíochtaí “gan chathú”; is é sin le rá, gur fiú iad cibé méid a bheidh in athrú aeráide amach anseo. Baileoidh clár monatóireachta na Creat-Treorach Uisce faisnéis a fheabhsaíonn tuiscint ar athrú aeráide. Ag teacht le treoir AE, tugtar faisnéis sa rannán seo den phlean seo ar threochtaí agus tionchair athrú aeráide, ag réiteach an bhealaigh do ghníomhaíocht eile i dtimthrialla níos déanaí abhantraí. Tá doiciméid chúlraídeacha ar athrú aeráide, a ndéantar tagairt dóibh sa rannán seo, ar fáil ag www.wfdireland.ie.

Tá achoimre de thionchair réamh-mheasta aeráide i roinnt foilseachán le déanaí, ina measc Projected climate impacts have been summarised in a number of recent publications including “A Summary of the State of Knowledge on Climate Change Impacts for Ireland” (GCC), agus “Climate Change: Meeting the Challenge of Adaptation”, (Acadamh Innealtóireachta na hÉireann). Soláthraíonn siad seo sainléirmheasanna ar thionchair agus ar mholtaí atá ábhartha do bhainistíocht ar cheantar abhantraí. Tuarann siad raon fairsing d'athruithe suntasacha, go háirithe ardú teochta, breis frasaíochta, ardú ar leibhéal na farraige, borradh níos mó stoirme, geimhrí níos fliche agus samhrai níos tirime; táthar ag súil le hathruithe eile ar rith chun srutha i screamhuiscí agus in uiscí dromchla agus le hardú ar theochtaí fíoruisce dromchla. Dá dhroim seo tiocfaidh breis imghalaithe ó ithreacha agus galaithe í uiscí.

Beidh tionchar ag mórán de na hathruithe seo ar éiceachórais uisceacha agus ar bhainistíocht uisce. Mar shampla, b'fhéidir dóibh gluaiseacht thruailleán leata a athrú, agus an fhreagairt séasúrach do theocht, mar shampla, bhrostódh teagmhais fearthainne gluaiseacht chleití truaillithe trí ithreacha agus uiscíoch isteach i ndobharlacha, le níos lú ama chun cóireála nádúrtha laistigh den ithir, nó b'fhéidir gur ghá tráth séasúrach leata talmhaíochta a leasú de réir mar a athraíonn báisteach agus teochtaí. Tá aistriú ó thuaidh i leathadh speiceas tugtha faoi deara ar fud na hEorpa. Tig le méaduithe leanúnacha ar speicis ionracha éifeacht a bheith acu ar speicis leochaileacha dhúchais sa cheantar abhantraí, rud a athródh an bhithéagsúlacht nádúrtha agus a éileodh beartas speisialta cosanta.

Beidh gá le cur chuige inbhuanaithe ceantar abhantraí-bhunaithe do bhainistíocht tuile agus triomach go mbeidh an dá cheann acu níos tábhachtaí faoi chúinsí athruithe aeráide. Is féidir go mbeidh ról tábhachtach ag beartais le athcheangal a dhéanamh idir bhogaigh agus éiceachórais abhann le cainéil abhann, is é sin, i dtéarmaí stórála uisce, tanú cothaitheach agus tig leo cuidiú le gnáthóga a sholáthar do na speicis dhúchasacha.

Tá na tionchair is dóichí ó athruithe aeráide béimnithe ag staidéir mar iad seo thuas.

Mar chuid de phróiseas le freagairt náisiúnta a thabhairt ar athruithe aeráide is gearr go dtosóidh an GCC ar thionscadal a thabharfaidh le chéile an fhaisnéis uile atá ar fáil ar íogaireachtaí ar bhonn earnála i ndiaidh a chéile. Meastar go mbeidh an t-ábhar seo ar fáil faoi dheireadh 2010; cuideoidh seo le measúnú a dhéanamh ar riosca athraithe aeráide agus le tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí oiriúnaithe.

De bhun tiomantais atá tugtha sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi láthair ag gabháil d'fhorbairt ar Chreat-Oiriúnaithe Náisiúnta um Athrú Aeráide. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh bonn le bonn le forbairt an Bhille um Athrú Aeráide ina mbeidh sainfhorálacha maidir le oiriúnú ar leibhéal náisiúnta, earnaí agus áitiúla.

Is cuspóir don >Bhille bonn reachtúil a sholáthar do phríomhpholasaithe agus beartais náisiúnta ar athrú aeráide, ag áireamh spriocanna náisiúnta um laghdú eisilte do 2020 agus 2050 agus Coiste um Athrú Aeráide le comhairle a chur ar an Rialtas. Soláthróidh an Bille an fhrámaíocht reachtúil inar féidir polasaí náisiúnta ar aistriú go sochaí ísealcharbóin, athléimneach agus inbhuanaithe comhshaoil a chur chun cinn mar thosaíocht náisiúnta.

Foilseofar Cinn Bille agus an Chreat Oiriúnaithe a luaithe agus is féidir.

Agus ceann mar is cuí á tógáil d'éiginnteachtaí múnlaí réamh-mheasta aeráide, tá "seiceáil aeráide" déanta ar na gníomhaíochtaí sa phlean seo, is é sin le rá go bhfuil machnamh déanta ar a n-athléimneacht. Deir an tuarascáil 'Adapting the Plan to Climate Change', atá ar fáil ag www.wfdireland.ie gur féidir go mbeadh ceisteanna aeráide suntasach dó bheartais agus do ghníomhaíochtaí maidir le:

- bithéagsúlacht agus cheantair faoi chosaint;
- asbhaintí;
- moirfeolaíocht abhann agus mara.

Ní mór do na beartais atá sa phlean seo, agus don chlár monatóireachta, ceann a thógáil d'athruithe teochta, de shreabhanna screamhuisce agus uisce dromchla, agus do ghluaiseacht dríodraigh, agus ceadú dá nasc le hathruithe ar ghnáthóga agus ar speicis, go háirithe réabhadh gnáthóige agus speicis choimhthíocha.


D'fhonn úsáid inbhuanaithe uisce a choinneáil, beidh ar rialuithe asbhainte ceann a thógáil d'athruithe i bpatrúin bháistí amach anseo agus na tionchair a bheidh acu ar infhaighteacht foinsí uisce. Cuirfidh clár chaomhantais uisce agus méadú ar acmhainn stórais le hathléimneacht aeráide. Tá creasa maoláin thart ar dhobharlacha ina mbeartas buacacha ar gach aon bhealach, ag cinntiú go dtig le gnáthóga feidhmiú níos fearr agus gluaiseacht le coinníollacha athraitheacha aeráide, agus i gcaitheamh an ama ag feabhsú coinneála uisce in ithir agus i bhfo-ithir.

Chuir an seiceáil aeráide béim chomh maith ar cheisteanna níos ginearálta aeráide. Mar shampla, is gá caighdeán dearaidh d'infreastruchtúr criticiúil (mar fhorsceite comhshéaracha) a chur in oiriúint le déileáil le borrthaí níos minice stoirme.

Go hachomair, beidh ar an gclár beartas bheith athléimneach do thionchair athraithe aeráide. Tá seo thar a bheith tábhachtach d'infheistíochtaí costasacha fadtéarmacha mar thionscadail mhóra infreastruchtúr. Méadóidh chomh maith ar thábhacht na pleanála do cheantair faoi chosaint, triomaigh, ganntanas uisce agus cosc tuile. Le linn tréimhse an phlean seo, déanfar ullmhúchán do dhíonadh aeráide níos mioninste sa chéad phlean eile.

6.1.4 Measúnú Straitéiseach Chomhshaoil agus Measúnú Cuí do láithreáin Natura 2000

D'fhonn a chinntiú nach mbeidh droch éifeacht ag an bplean ar an gcomhshaoil níos leithne (seachas a fhócas ar uisce), ullmhaíodh Tuarascáil Chomhshaoil mar chuid den Mheasúnú Straitéiseach Chomhshaoil (MSC) den phlean bainistíochta abhantraí agus san chlár de bheartais do CAI an Iarthuaiscirt ag teacht leis an reachtaíocht náisiúnta agus AE. Ar an gcaoi chéanna rinneadh Measúnú Cuí (MC) do láithreáin Natura 2000 maidir le haon tionchair a bheadh ar Cheantair faoi Chosaint agus ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (RTN). Rinneadh comhairliúchán reachtúil faoi na measúnuithe seo leis na comhlachtaí ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon (Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaiscirt Éireann, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, am Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha). Lorgaíodh tuairimí ar an Tuarascáil Chomhshaoil, an Tuarascáil um Mheasúnú na Treorach Gnáthóg agus an dréachtphlean



chomh maith le linn tréimhse comhairliúcháin ó Nollaig 2008 go Meitheamh 2009. Baineadh feidhm as na tagairtí a rinneadh ar na haighneachtaí a fuarthas ar na trí dhoiciméad le beachtú agus leasú a dhéanamh ar a raibh sa phlean deiridh; tá a n-éifeacht faoi chaibidil go mion sa Ráiteas MSC. Tá na tuarascálacha uile MSC agus MC, an Ráiteas MSC san áireamh ar fáil leis na doiciméid chúlraíde chomhshaoil ag www.wfdireland.ie.

Phléigh an MSC trí rogha:

- Gnó mar is gnách: feidhmiú na mBunbheartas;
- Gnó nar is gnách: mar atá thuas ach le Bunbheartais eile lena chois;
- Beartais bhreise Indibhidiúla nó Forlíontacha.

Tástáladh na roghanna in aghaidh Cuspóirí sainithe MSC, agus clúdaíonn gach ceann díobh sraith de cheisteanna toipice MSC ón reachtaíocht. Thóg na spriocanna ceann de stádas reatha an chomhshaoil, aiseolas a fuarthas agus pleananna, chlár agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus AE.

Ceist Toipice	Cuspóir
Bithéagsúlacht, flóra & fána	Cosc ar dhamáiste bithéagsúlachta talún, uisceach agus ithreach, go háirithe láithreáin sainithe AE agus speicis faoi chosaint.
Daonra	Cuidiú le forbairt inbhuanaithe.
Sláinte daonna	Cosaint agus laghdú ar riosca do shláinte daonna i ndul i mbun gníomhaíochta bainistíochta uisce.
Ithir	Damáiste d'fheidhm agus do cháilíocht na hacmhainne ithreach sa cheantar a sheachaint.
Uisce	Cosc a dhéanamh ar mheath stádas uiscí maidir le cáilíocht, cainníocht agus feabhas a chur ar stádas aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus cósta agus screamhuiscí go stádas maith ar a laghad, mar is cuí don Chreat-Treoir Uisce.
Cáilíocht Aeir	Íoslaghdú astuithe go haer de bhun gníomhaíochtaí an phlean.
Fachtóirí Aeráide	Íoslaghdú ar chion d'athrú aeráide trí astuithe gháis cheaptha teasa a bhaineann le feidhmiú an phlean.
Sócmhainní ábhartha 1	An leibhéal cosanta atá á sholáthar ag an infreastructúr reatha a choimeád, i. cosaintí um thuile, bacainní cósta, grádanna..
Sócmhainní ábhartha 2	Infreastructúr nua bainistíochta uisce agus uasghrádú ar an gceann reatha a sholáthar le cosaint a dhéanamh ar shláinte daonna agus ar stádas éiceolaíochta dobharlacha.
Sócmhainní ábhartha 3	Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta laistigh den cheantar gan dul in aghaidh chuspóirí na Creat-Treorach Uisce.
Sócmhainní ábhartha 4	Uisce a chosaint mar acmhainn eacnamaíochta.
Oidhreacht chultúrtha	Damáiste d'acmhainní oidhreachta cultúrtha sa cheantar a sheachaint.
Tírdhreach	Damáiste do thírdhreacha sainithe sa cheantar a sheachaint.

Déanann an Ráiteas MSC doicimeádú ar an mbealach ina raibh éifeacht ag na moltaí sa Tuarascáil Chomhshaoil agus i Ráiteas Tionchair Natura araon, chomh maith le tuairimí na gcomhairleacha reachtúla agus aighneachtaí eile a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, ar phlean deiridh agus ar chlár bheartas CAI. Soláthraíonn sé faisnéis chomh maith ar na socruithe atá déanta le monatóireacht agus maolú a dhéanamh ar aon éifeachtaí suntasacha comhshaoil ag feidhmiúchán an phlean.

Tá comhtháthú ar chuspóirí comhtháithithe inbhuanaitheachta sa phróiseas déanta cinnidh ceadaithe ag an MSC. Tá maolú luachmhar curtha isteach ag an MSC a aithníonn na hilpháirtithe leasmhara sa cheantar agus tá clár fócasaithe aige le cuidiú le cothromaíocht a bhaint amach idir úsáidí talún nach i gcónaí a bhíonn siad comhoiriúnach dá chéile.

Tá mórliosta de bheartais mhaolaithe san áireamh mar chuid de phlean CAI an Iarthuaiscirt. Tá achoimre de bheartais mhaolaithe MSC ar an www.wfdireland.ie. Tá iomlán de 84 beartas maolaithe molta, ina measc an áirithe sin beartas a aithníodh le linn an Mheasúnaithe Cuí do Láithreáin Natura 2000. Tá catagóiríú garbh déanta orthu mar:

- riachtanas do Mheasúnú Comhshaoil ar leibhéal an tionscadail mar a measadh go mbeadh tionchar ag beartais ar shuíomhanna sainithe AE agus ar an oidhreacht thógtha go háirithe;
- moltaí ar athruithe do phleanáil úsáide talún;
- moltaí d'fheachtais oideachais agus feasachta le páirtithe leasmhar a chur ar an eolas ar an mbealach ina bhfuil siad ag dul i bhfeidhm ar ár gcuid uiscí agus cad is féidir leo a dhéanamh lena dtionchair a laghdú;
- treoir mar chúnamh d'athruithe sainearálacha;
- riachtanas le ceann a thógáil de thionchair charnacha i bpleanáil chothaithe agus ualaithe;
- beartais le cuidiú le maolú athraithe aeráide ag áireamh úsáid a bhaint as fuinneamh inathnuaite;
- a aithint gur cheart cosáin truaillithe seachas uisce a chur sa mheá; agus
- a thuilleadh staidéir le bearnaí faisnéise a eolasú agus le cuidiú le monatóireacht.

Tá spriocanna agus Táscairí nasctha le Cuspóirí Comhshaoil MSC, a úsáidfear le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an phlean ar an gcomhshaoil níos leithne. Tá an doiciméad um spriocanna agus táscairí ar www.wfdireland.ie.



7 Feidhmiú an Phlean

An Ceantar Abhantraí an bunaonad pleanála, feidhmiúcháin, monatóireachta agus tuarascála faoin Creat-Treoir Uisce. Tá eagrú agus seachadadh déanta go dtí seo ar fheidhmiú na Treorach ar an mbonn seo, agus na húdaráis chomhordaithe áitiúla ag idirghníomhú le húdaráis eile áitiúla, an GCC agus údaráis phoiblí agus páirtithe eile leasmhara. Bhí dúshlán san idirghníomhaíocht seo agus cé go bhfuil dul chun cinn déanta, níl lán-comhordú fós bainte amach. Bhí an próiseas forbartha do na pleananna casta agus tá méid suntasach oibre déanta i monatóireacht, measúnú, rangú agus leagan amach spriocanna do dhoibharlacha.

Beidh dúshlán ag baint le seachadadh na bPleananna Abhantraí agus a rá go bhfuil freagracht as feidhmiú na bpleananna sainithe faoi láthair i measc raon d'eagraíochtaí agus gan ollfhreagracht ar aon chomhlacht amháin ar bith. Tá na córais riaracháin reatha ilroinnte ar línte riaracháin agus ní áisíonn sin ainilís, aithint agus feidhmiú na réiteach is costas-éifeachtaí le cáilíocht uisce a bhainistiú ar leibhéal abhantraí. Tíg le CA réimsí freagrachta líon mór comhlacht a chlúdach i. 18 n-údarás áitiúil i gcás CA na Sionainne. Ina theannta sin, tá feidhmiú mórán de na beartais riachtanacha le cuspóirí na bpleananna a bhaint amach ina fhreagracht náisiúnta seachas údarás áitiúla. Agus lena chois sin arís, aithnítear gurb é feabhsú ar an reachtaíocht fhorfheidhmiúcháin reatha is príomhghné d'fheidhmiú rathmhar na PBAnna.

<p>Na Comhphobail Eorpacha (Rialú Guaiseacha Mórthimpistí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha) (R 74 de 2006):</p> <p>Cuspóir: a dheimniú go nglacann oibitheoirí gnóthas ina bhfuil substaintí dainséaracha na beartais uile is gá le cosc a chur ar mhóρθimpistí a thitim amach agus le teorainneacha a chur le torthaí timpistí do dhaoine agus don chomhshaol.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Pleananna éigeandála ar-suíomh a ullmhú ag aithint mórghuaiseacha agus ag sonraú beartas cosccha agus maolaithe.</p> <p>Pleananna éigeandála eis-suíomh a ullmhú do ghníomhaíocht lasmuigh den ngnóthas i gcás móρθimpiste.</p>	<p>Feidhmitheoirí</p> <p>Údarás áitiúla</p>	<p>2009–2015</p> <p>Láithreáin Cháilithe</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Fógra i scríbhinn a éileamh ar ghníomhaíochtaí ina mbíonn substaintí guaiseacha sainithe i gceist. Éileamh ar oibrítheoirí oibríocht agus stóráil sábháilte a léiriú agus imfiosrú a dhéanamh ar a gcuid oibríúcháin sa chás go dtarlaíonn mórthimpist. Cigireachtaí agus beartais eile a eagrú mar is gá. Eolas ar mhórtimpisti a sholáthar d'údarais phoiblí.</p> <p>Acht Pleanála agus Forbartha (Uimh 30 de 2000) mar a leasaíodh in 2002: Cuspóir: soláthar do cheartphleanáil agus forbairt cheantair uirbeacha agus tuaithe.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: A dheimhniú go bhfuil rialuithe leorga i bhfeidhm d'fhorbairtí ábhartha nua.</p>	<p>RFTF</p> <p>Údarais áitiúla</p>	<p>2009–2015 Láithreáin Cháilithe</p>
<p>TREOIR UM MHEASÚNÚ TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (85/337/CEE)</p>		
<p>Rialachán um Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (IR 349 de 1989) mar a leasaíodh ó 1994 go 2006: Cuspóir: A éileamh go ndéanfaí measúnú ar fhorbairtí áirithe le teacht ar éifeachtaí ionchasacha sula dtugtar cead pleanála.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Forbairtí áirithe a éileamh, tríd an earnáil phríobháideach nó phoiblí, le Measúnuithe ar an Tionchar ar an Timpeallacht a ullmhú le plé a dhéanamh orthu sula ndéantar cead pleanála (ag cur na cuspóirí a bunaíodh i bpleananna bainistíochta abhantraí san áireamh) agus iad a chur ar fáil don phobal. Údarais i dTuisceart Éireann a chur ar an eolas maidir le haon iarratas pleanála a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar an gcomhshaol i dTuisceart Éireann.</p>	<p>Údarais Phleanála</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>TREOIR UM SHLODA SÉARACHAIS (86/278/CEE)</p>		
<p>Rialachán um Úsáid Sloda Séarachais sa Talmhaíocht (IR 148 de 1998) mar a leasaíodh in 2001: Cuspóir: a éileamh go n-úsáidfí sloda séarachais ag teacht le plean bainistíochta cothaitheach.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar agus ar úsáid shloda i dtalmhaíocht agus a dheimhniú go n-úsáidtear é faoi réir ag Pleananna Bainistíochta Cothaitheach. Clár de ghluaiseachtaí agus úsáid bithsholad shloda a choimeád agus iad a chur ar fáil don phobal. Deimhin a dhéanamh de go gcloítear leis an gcód cleachtais maidir le húsáid bithsholaid sa talmhaíocht.</p> <p>Acht um Bainistíú Dramhaíola (Uimh 10 de 1996): Cuspóir: bainistíocht dramhaíola a rialú ar mhaithe le cosaint ar shláinte daonna agus na timpeallachta.</p>	<p>Údarais áitiúla</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Pleananna bainistíochta sloda a ullmhú do bhainistíú sloda fuíolluisce (agus ceann á tógáil de chuspóirí CTU). A éileamh go nglacfaí le bearta maidir le dramhaíl a choimeád, a aisghabháil nó a dhíúscairt d'fhonn cosc a chur ar nó teorannú a dhéanamh ar thruailliú comhshaoil, mar is gá. Iarraidh ar úinéirí talún pleananna bainistíochta cothaitheach a ullmhú, mar is gá.</p>	<p>Údarais áitiúla</p>	
<p>TREOIR UM CHÓIREÁIL AR FHUIOLLUISCE UIRBIGH (91/271/CEE)</p>		
<p>Rialachán um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh 2001 (R 254 de 2001) mar a leasaíodh in 2004 agus 2010:</p> <p>Cuspóir: a dheimhniú nach ndéantar dochar don chomhshaoil ag díúscairt fuíolluisce uirbigh nach bhfuil leorchóireáil déanta air trí córais bhailithe agus fearais chóireála a sholáthar.</p>	<p>Údarais áitiúla RCORA</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Dearadh, tógáil, oibriú, cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar fhearais chóireála le riachtanais maidir le caighdeáin chóireála, ceantair íogaire do chothaitheach agus cuspóirí CTU a bhaint amach. Pointí scaoilte a roghnú d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaoil. Deimhin a dhéanamh de gur féidir sloda séarachais a dhíúscairt go sábháilte. Is féidir infheistíochtaí airgeadais a dhéanamh faoin gClár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce.</p>	<p>Údarais áitiúla</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh 30 de 2007):</p> <p>Cuspóir: le háisiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí slána agus sábháilte uisce agus infreastruchtúr seirbhíse uisce do riachtanais tí agus neamh-thí.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Soláthar seirbhísí fuíolluisce a phleanáil agus a mhaoirsiú faoin gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce. Pleananna Straitéiseacha Seirbhísí Uisce a ullmhú agus a fheidmiú le tacaíocht a thabhairt do sholáthar inbhuanaithe na seirbhísí fuíolluisce.</p>	<p>Údarais áitiúla</p>	
<p>TREOIR UM THÁIRGÍ DO CHOSAINN PLANDAÍ (91/414/CEE)</p>		
<p>Rialachán um Tháirgí do Chosainn Plandaí a Údarú, a chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú (R 83 de 2003) mar a leasaíodh ó 2003 go 2009:</p> <p>Cuspóir: táirge cosanta planda a údarú d'úsáid nó do chur ar an margadh le deimhin a dhéanamh de nach n-eascraon aon droch éifeachtaí as do shláinte daonna nó ainmí agus nach ann d'aon tionchar doghlactha ar an gcomhshaoil.</p>	<p>Daoine iomchuí</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Fógra a thabhairt don RCORÁ maidir le gacheolas nua ar éifeachtaí féideartha contúirteacha ag táirgí údaraithe do chosainn plandaí ar an gcomhshaoil nó ar screamhuisce.</p> <p>Roghnaítear na coinníollacha údaraithe le híoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí do thomhaltóirí, d'oibríthe agus don chomhshaoil. Tá úsáid tháirge cosanta plandaí ar bhealach seachas é sin atá sonraithe ar a lipéad faofa midhleathach.</p>		

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
TREOIR NIÓTRÁITE (91/676/CEE)		
<p>Rialachán Dea-chleachtas Talmhaíochta do Chosaint Uiscí (IR 101 de 2009)</p> <p>Cuspóir: tacaíocht reachtúil a sholáthar do dhea-chleachtas talmhaíochta le huiscí a chosaint ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta lena thuilleadh éifeachta a thabhairt do mhórán Treoir AE ar a n-áirítear an Treoir Níotráite; substaintí dainséaracha in uisce, bainistíú dramhaíola, cosaint sreamhuisce, rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt polasaí agus i bpolasaí uisce (An Chreat-Treoir Uisce).</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Athbheithniú a dhéanamh ar an gClár Gníomhaíochta Náisiúnta lena cén éifeacht atá ann, ag áireamh staidéir ar an gClár Abhantraí Talmhaíochta, i gcomhaile leis na páirtithe uile leasmhara. Deimhin a dhéanamh d'fheidhmiúchán an Chlár Gníomhaíochta Náisiúnta.</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh de réir mar is gá chun críche na Rialachán. Soláthar a dhéanamh ar threoir d'Údaráis Áitiúla maidir le monatóireachta, iniúchtaí agus bearta</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh le méid an truaillithe in uiscí dromchla agus sreamhuisce de dheasca talmhaíochta a bhaint amach agus cinneadh a dhéanamh maidir le treochtaí agus méid an truaillithe sin. Cigireachtaí feirme a dhéanamh (le comhordú le clár eile cigireachta feirme).</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Talmhaíocht:</p> <p>Plé a dhéanamh ar mhéadú ar chigireachtaí feirme i gceantair carst le turlaigh agus piolótú ar scéim feirmeoireachta neamhdhíobhálach don chomhshaoil. Mapáil creasa cuidithe na dturlach.</p>	<p>RCORÁ, RTIB</p> <p>GCC</p> <p>Údaráis Áitiúla, RTIB</p> <p>RTIB, RCORÁ-SPNF</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>
TREOIR UM RIALÚ COMHTHÁITE DO CHOSC AR THRUAILLIÚ (2008/1/CE)		
<p>Achtanna um Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Uimh 7 de 1992; Uimh 27 de 2003) agus Rialachán na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ceadúnú) (IR 85 de 1994) mar a leasaíodh in 1995, 1996, 2004 agus 2008:</p> <p>Cuspóir: cosc nó laghdú ar eisiltí ó uisce, talamh agus aer, dramhaíl a laghdú agus fuinneamh agus acmhainní a úsáid go héifeachtach.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>A dheimhniú go bhfaigheann feidhmitheoirí fearais áirithe tionsclaíoch agus talmhaíochta ceadúnais RCCT le coinníollacha agus ELVanna bunaithe ar BAT agus na reachtaíochta ábhartha náisiúnta agus Eorpach. Coinníollacha ceadúnais a fhorfheidmiú ag áireamh monatóireachta. Clár de cheadúnais a choimeád agus a chur ar fáil don Choimisiún agus don phobal. Dul i mbun athbheithnithe ar na ceadúnais atá ann cheana féin (agus ceann á tógáil de Chuspóirí Cáilíochta Chomhshaoil agus CTU). Deimhin a dhéanamh de chomhairlíúchán triasteorann mar is gá.</p> <p>Toiliú na n-údarás sláintiúchta a fháil do scaoilte le séaraigh</p>	<p>GCC</p> <p>Feidhmitheoir</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
AISGHABHÁIL COSTAIS DO SHEIRBHÍSÍ UISCE		
<p>Polasaí Praghsála Uisce:</p> <p>Cuspóir: Caomhnú agus úsáid éifeachtach acmhainní uisce a chur chun cinn ag teacht leis an gCreat-Treoir Uisce.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Straitéis a fhorbairt agus a fheidhmiú le méadrú uisce a bhaint amach d'úsáideoirí tí atá ceangailte de sholáthairtí uisce poiblí.</p> <p>Reachtaiócht a thabhairt isteach le ceadú d'údarais áitiúla muirear a chur ar úsáideoirí tí ar sheirbhísí uisce.</p> <p>Modheolaíocht mhuirir a fhorbairt do sheirbhísí uisce agus muirir uisce a thabhairt isteach d'úsáideoirí tí.</p>	<p>RCORÁ</p> <p>RCORÁ</p> <p>Údarais Áitiúla</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>
CUR CHUN CINN AR ÚSÁID ÉIFEACTACH AGUS INBHUANAITHE UISCE		
<p>Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh 30 de 2007):</p> <p>Cuspóir: le háisiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí slána agus sábháilte uisce agus infreastruchtúr seirbhíse uisce do riachtanais tí agus neamh-thí.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Straitéis a fhorbairt agus a fheidhmiú le méadrú uisce a bhaint amach d'úsáideoirí tí atá ceangailte de sholáthairtí uisce poiblí. Áisiú a dhéanamh ar sheirbhísí éifeachtacha uisce a sholáthar.</p> <p>Oibreacha uisce a athshlánú agus a dheisiú.</p> <p>A dheimhniú go bhfuil na córais um dháileadh uisce i riocht mhaith agus saor ó sceitheadh.</p> <p>Clár Náisiúnta um Chaomhnú Uisce (Laghduithe Sceitheadh):</p> <p>Cuspóir: straitéisí caomhantais agus rialála sceite uisce a bhunú.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Córais bhainistíochta uisce CFG-bhunaithe a bhunú agus a chothabháil. Clár leantach um rialú sceitheadh a bhunú. Gréasáin lochtacha soláthair uisce a athshlánú agus a athsholáthar. Feachtais feasachta poiblí maidir le caomhnú uisce a fhorbairt. Soláthar a dhéanamh ar chistíocht shaintionscadail a dearadh d'aon toisc le sainpríocanna laghdú sceite a shásamh.</p>	<p>RCORÁ</p> <p>Údarais Áitiúla</p> <p>Úinéir/Áititheoir an áitribh</p> <p>Údarais Áitiúla, RCORÁ</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p> <p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
COSAINT AR FHOINSÍ UISCE ÓIL		
Scéimeanna um Chosaint Screamhuise:		2009–2015 Náisiúnta
Cuspóir: cosaint ar fhoinsí screamhuise trí údaráis rialacháil a chumasú le ceann a thógáil de na rioscaí ionchasacha do screamhuise agus plé á dhéanamh ar rialú agus suíomh gníomhaíochtaí le hacmhainn truaillithe.	Údaráis áitiúla	
Gníomhaíochtaí ábhartha: Rialú ar shuíomh agus ar nádúr forbairtí agus gníomhaíochtaí ag teacht le scéimeanna um chosaint screamhuise.	Feirmeoirí	2009–2015 Náisiúnta
Rialacháin Dea-chleachtas Talmhaíochta do Chosaint Uisce (IR 101 de 2009)		
Cuspóir: cosaint uisce in aghaidh truaillithe ó níotráit ó fhoinsí talmhaíochta.		
Gníomhaíochtaí ábhartha: Leasacháin cheimiceacha agus orgánacha agus aoligh fheirme a eisiáimh ó laistigh de réimsí sainithe ó thuibreacha, tollphoill, fuaráin nó pointí asbhainte.		
Acht Pleanála agus Forbartha (Uimh 30 de 2000):		2009–2015 Náisiúnta
Cuspóir: soláthar do cheartphleanáil agus forbairt ceantair uirbeacha agus thuaithe.		
Gníomhaíochtaí ábhartha: Rialú forbairtí agus gníomhaíochtaí d'fhonn foinsí uisce a chosaint.	Údaráis Áitiúla, An Bord Pleanála RCORÁ	
Rialacháin um Pholasaí Uisce (IR 722 de 2003) mar a leasaíodh in 2005:		
Cuspóir: bonn reachtúil a sholáthar d'fhorálacha na Creat-Teorach Uisce ag áireamh bunú agus coinneáil Chláir de Cheantair faoi Chosaint.	GCC	2009–2015 Láithreáin Sainithe
Gníomhaíochtaí ábhartha: Clár a choinneáil de Cheantair faoi Chosaint Speisialta ag cuimsiú uisce óil faoi chosaint, cothrom le dáta.	Le sainiú	
Chomh maith leis sin, aithint agus cosaint ar na dobharlacha dromchla agus screamhuise á úsáidtear, nó a fhéadfaí a úsáid amach anseo, mar fhoinsí óil do bhreis is 50 duine nó mar atá an ráta asbhainte > 10m ³ in aghaidh an lae. Cláir mhonatóireachta a bhunú do dhobharlacha a sholáthraíonn >100 méadar ciúbach ar an meán. A dheimhniú nach ann d'aon mheathlú ar cháilíocht dobharlach d'fhonn leibhéal na cóireála ionghlanta a bheadh ag teastáil a laghdú.	Le sainiú	
Tá machnamh á dhéanamh chomh maith ar shainiú a dhéanamh ar chreasa cosanta thart ar asbhaintí reatha agus sa todhchaí faoi na Rialacháin um Uisce Óil.	Le sainiú	

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Rialachán um Spriocanna Comhshaoil (Screamhuise) (IR 9 de 2010):</p> <p>Cuspóir: Bunú spriocanna cáilíochta ina gceangal de réir dlí do na dobharlacha uile screamhuise agus caighdeáin cháilíochta timpeallachta do thruailléin. Tá iallach ar údarás phoiblí scrúdú agus nuair is cuí athbheithniú a dhéanamh ar údaruithe scaoilte atá ann cheana féin le deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn na teorainneacha eisilte atá leagtha síos sna húdaruithe le géilliúntas do na cuspóirí/caighdeáin nua um cháilíocht uisce.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach nach gcúisíonn agus nach gceadaíonn go feasach aon mhaolú ar stádas cainníochta dobharlaigh screamhuise.</p> <p>Tá cosc ar gach aon scaoilleadh de thruailléin le screamhuise faoi réir ag díolúine áirithe.</p> <p>Ní mór rialú a dhéanamh ar scaoilte phoncfhoinsí agus ar fhoinsí leata le hionchas truailliú a dhéanamh ar screamhuise d'fhonn cosc nó teorainn a chur le hionchur na dtruailléin sa screamhuise.</p> <p>Substaintí guaiseacha agus neamhghuaiseacha a aithint chun críche cosc agus teorannú a dhéanamh ar ionchur truailléin</p> <p>Mar is gá nó cuí, comhairle a eisiúint agus/nó teoracha a thabhairt d'údarás áitiúil nó d'údarás áitiúla ábhartha ar na beartais atá le glacadh le cosc agus teorainn a chur ar ionchur truailléin i screamhuise.</p> <p>Mar is gá nó cuí:</p> <p>(a) athbheithniú a dhéanamh nó a chur dá dhéanamh, ar chóid chleachtais atá ann cheana féin ag áireamh cibé meicníochtaí agus rialuithe atá ann cheana féin chun críche ionchuir truailléin i screamhuise a chosc nó a theorainniú;</p> <p>(b) réimsí agus/nó gníomhaíochtaí eile dá leithéid ar gá dóibh rialacháin den chineál céanna le cosc nó teorannú a dhéanamh ar ionchur truailléin i screamhuise;</p> <p>(c) treoir a thabhairt d'údarás áitiúil dul i mbun athbheithnithe agus, mar is gá, uasghrádú a dhéanamh ar chod cleachtais, nó i gcás gníomhaíochta a éilíonn rialacháin nua, cód cleachtais nó córas rialaithe nua a ullmhú don ghníomhaíocht atá i gceist. Ní mór d'údarás áitiúil géilleadh don treoir a thugann an Ghníomhaireacht laistigh den chreat-ama a leagtar síos;</p> <p>Scrúdú agu más gá athbheithniú a dhéanamh ar na húdaruithe scaoilte uile le screamhuise le ceann a thógáil de na caighdeáin nua cáilíochta agus le cosc nó teorainn a chur le hionchur truailléin i screamhuise.</p> <p>Rialachán un Spriocanna Comhshaoil (Uisce Dromchla) (IR 272 de 2009):</p> <p>Cuspóir: Cuspóirí le ceangal faoin ndlí do na huiscí dromchla uile.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Géilliúntas le cuspóirí ceantair cosanta uisce óil a bhaint amach.</p>	<p>Údarás áitiúla</p> <p>Údarás áitiúla</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>Údarás ábhartha</p> <p>Údarás Áitiúla</p>	

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh 30 de 2007):</p> <p>Cuspóir: le háisiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí slána agus sábháilte uisce agus infreastruchtúr seirbhíse uisce do riachtanais tí agus neamh-thí.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthairtí uisce poiblí agus monatóireacht agus feitheoireacht a dhéanamh ar sholáthairtí príobháideacha uisce óil.</p> <p>Pleananna Straitéiseacha um Sheirbhísí Uisce a fhorbairt, ag áireamh beartas, le freastal ar éileamh an Aichta ar a n-áirítear baint amach caighdeáin um uisce óil. Úsáidí áirithe uisce a chosc nó a shrianadh más ann d' easpa soláthair. Clár um Uisce Tuaithe agus córas ceadúnúcháin a chur i bhfeidhm d'earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce.</p> <p>Feitheoireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar údarais monatóireachta seirbhísí uisce agus fógraí géilliúntais a eisiúint maidir le neamh-ghéilliúntais. Infheistíocht a phleanáil agus a mhaoirsiú faoin gClár Infheistíochta do Sheirbhísí Uisce.</p>	<p>Údarais áitiúla</p> <p>RCORÁ</p>	
<p>ASBHAINTE AGUS GAIBHINITHE</p>		
<p>Rialachán um Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (IR 349 de 1989) mar a leasaíodh ó 1994 go 2006:</p> <p>Cuspóir: A éileamh go ndéanfaí measúnú ar fhorbairtí áirithe le teacht ar éifeachtaí ionchasacha sula dtugtar cead pleanála.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Dul i mbun measúnú tionchair timpeallachta do dhruileáil do sholáthairtí uisce os cionn tairseacha sonraithe, scéimeanna asbhainte screamhuisce agus athluchtaithe saorga screamhuisce os cionn tairseacha sonraithe agus oibreacha le hacmhainní uisce a aistriú idir abhantracha os cionn tairseacha sonraithe.</p> <p>Acht um Thruailliú Uisce (Uimh 1 de 1977) mar a leasaíodh in 1990:</p> <p>Cuspóir: soláthar do rialú truaillithe uisce agus ar an mbealach sin cosaint a dhéanamh ar fhoinsí ionchasacha uisce óil</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Cláir a choinneáil ar asbhainte agus iad a chur ar fáil don phobal.</p> <p>Acht um Sholáthairtí Uisce (IR 1 de 1942):</p> <p>Cuspóir: a éileamh go mbeadh ar údarais áitiúla a bhíonn ag asbhaint soláthairtí uisce óil orduithe sealadacha a fháil.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Ní mór d'údarais áitiúla géilleadh do choinníollacha a leagtar síos in orduithe sealadacha agus uisce óil á asbhaint ó fhoinsé uisce.</p>	<p>Údarais áitiúla</p> <p>Údarais áitiúla</p> <p>Údarais Áitiúla, RCORA</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Sulomhanna Tosaíochtaíthe</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Acht Pleanála agus Forbartha (Uimh 30 de 2000) mar a leasaíodh in 2002: Cuspóir: soláthar do cheartphleanáil agus forbairt ceantair uirbeacha agus thuaithe.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Ní mór d'údaráis áitiúla cead pleanála a fháil d'asbhainte screamhuisce do sholáthairtí poiblí uisce óil.</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Asbhaintí: Tá beartais um dhea-chleachtas ar fáil i gClár na mBeartas - staidéir theicniúla - doiciméid chúlráide Asbhainte agus an Chláir Achoimre Náisiúnta ar Bheartais.</p>	<p>Údaráis Áitiúla, An Bord Pleanála</p>	<p>2009–2015 Suíomhanna Tosaíochtaíthe</p>
SCAOILTE PHONCFHOINSE		
<p>Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil (Uisce Dromchla) (IR 272 de 2009):</p> <p>Cuspóir: Bunú spriocanna cáilíochta ina gceangal de réir dlí do na huiscí dromchla uile agus caighdeán cháilíochta timpeallachta do thruailléin. Tá iallach ar údaráis phoiblí scrúdú agus nuair is cuí athbhreithniú a dhéanamh ar údaruithe scaoilte atá ann cheana féin le deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn na teorainneacha eisilte atá leagtha síos sna húdaruithe le géilliúntas do na cuspóirí/caighdeán nua um cháilíocht uisce.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Beartais a bhunú le cuspóirí cáilíochta agus caighdeán a bhaint amach. Mar is gá, dul i gcomhairle le húdaráis eile poiblí agus leis na húdaráis ábhartha chui i dTuaisceart Éireann.</p> <p>Teorainneacha eisilte a leagan síos, bunaithe ar BAT agus údarú á dhéanamh ar scaoilte nua le deimhin a dhéanamh de bhaint amach cuspóirí ardcáilíochta. Athbhreithniú ar na húdaraithe uile atá ann ar scaoilte le ceann a thógáil de chaighdeán nua cáilíochta. Cláir a ullmhú do mhonatóireacht agus cigireacht ar fheartas feirme le géilliúntas a dhearbhu.</p> <p>Uiscí a rangú agus an rangú a chur ar fáil i CFG. Fardal ar eisiltí, scaoilte agus cailiteanais substaintí tosaíochta guaiseacha agus truailleáin eile.</p> <p>Plean a ullmhú do laghdú céimnithe ar thruaillí ag substaintí tosaíochta agus cosc nó cealú céimnithe a dhéanamh ar eisiltí, scaoilte agus cailiteanais substaintí tosaíochta guaiseacha.</p> <p>Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce) (IR 9 de 2010):</p> <p>Cuspóir: Bunú spriocanna cáilíochta ina gceangal de réir dlí do na dobharlacha uile screamhuisce agus caighdeán cháilíochta timpeallachta do thruailléin. Tá iallach ar údaráis phoiblí scrúdú agus nuair is cuí athbhreithniú a dhéanamh ar údaruithe scaoilte atá ann cheana féin le deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn na teorainneacha eisilte atá leagtha síos sna húdaruithe le géilliúntas do na cuspóirí/caighdeán nua um cháilíocht uisce.</p>	<p>Údaráis Áitiúla</p> <p>Údaráis Áitiúla, RCORA, GCC</p> <p>GCC</p> <p>Údarás áitiúil comhordaithe</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Tá cosc ar gach aon scaoileadh de thruailleán le screamhuisce faoi réir ag d'fólúine áirithe.</p> <p>Ní mór rialú a dhéanamh ar scaoilte phonchoinis agus ar fhoinsí leata le hionchas truailliú a dhéanamh ar screamhuisce d'fhonn cosc nó teoirinn a chur le hionchur na dtruailléan sa screamhuisce.</p> <p>Substaintí guaiseacha agus neamhghuaiseacha a aithint chun críche cosc agus teorannú a dhéanamh ar ionchur truailléan</p> <p>Mar is gá nó cuir, comhairle a eisiúint agus/nó teoracha a thabhairt d'údarás áitiúil nó d'údarás áitiúla ábhartha ar na beartais atá le glacadh le cosc agus teorainn a chur ar ionchur truailléan i screamhuisce.</p> <p>Mar is gá nó cuir:</p> <p>(a) athbheithniú a dhéanamh nó a chur dá dhéanamh, ar chóid chleachtais atá ann cheana féin ag áireamh cibé meicníochtaí agus rialuithe atá ann cheana féin chun críche ionchur truailléan i screamhuisce a chosc nó a theorainniú;</p> <p>(b) réimsí agus/nó gníomhaíochtaí eile dá leithéid ar gá dóibh rialacháin den chineál céanna le cosc nó teorannú a dhéanamh ar ionchur truailléan i screamhuisce;</p> <p>(c) treoir a thabhairt d'údarás áitiúil dul i mbun athbheithnithe agus, mar is gá, uasghrádú a dhéanamh ar chod cleachtais, nó i gcás gníomhaíochta a éilíonn rialacháin nua, cód cleachtais nó córas rialaithe nua a ullmhú don gníomhaíocht atá i gceist. Ní mór d'údarás áitiúil géilleadh don treoir a thugann an Ghníomhaireacht laistigh den chreataama a leagtar síos;</p> <p>Scrúdú agus más gá athbheithniú a dhéanamh ar na húdaruithe scaoilte uile le screamhuisce le ceann a thógáil de na caighdeán nua cáilíochta agus le cosc nó teorainn a chur le hionchur truailléan i screamhuisce.</p> <p>Acht um Thruailliú Uisce (Uimh 1 de 1977) mar a leasfodh i 1990 agus Rialacháin um Thruailliú Uisce (IR 108 de 1978) mar a leasfodh i 1992 agus 1996;</p> <p>Cuspóir: soláthar do rialú ar thruailliú uisce trí ionchúiseamh ar chionta truaillithe uisce; úsáid coinníollacha rialaithe truaillithe i gceadúnú scaoilte eisilte; eisiúint fógraí ag sonrú beartas le truailliú uisce a chosc.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Ceadúnú scaoilte le screamhuiscí agus séaracha ó fhoinsí tionsclaíocha agus tráchtála ar scála beag. Athbheithniú ar cheadúnais ar thréimhsí nach lú ná 3 bliana. Clár ar cheadúnais scaoilte a choinneáil agus iad a chur ar fáil don phobal.</p> <p>Ionchúiseamh a thionscain ar chionta truaillithe uisce; coinníollacha cuí rialála a chur le ceadúnú scaoilte eisilteach ó thionsclaíocht, etc., go huiscí nó go séaracha; fógraí a eisiúint ag sainiú beartas nach mór a ghlacadh laistigh de thréimhse sonraithe le truailliú uisce a chosc; Fógraí a eisiúint le stop a chur le truailliú uisce agus ag éileamh maolaithe nó leighis laistigh de thréimhse sonraithe; orduithe cúirte a torg, urghairí Ardchúirte san áireamh.</p>	<p>Údarás áitiúla</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>GCC</p> <p>Údarás ábhartha</p> <p>Údarás áitiúla</p> <p>Údarás áitiúla, lascaigh Intíre na hÉireann, RCORÁ-SPNF</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Údarás áitiúla a chur ar an eolas faoi scaoilte agus doirrithe de thaisme ar ábhair thruailithe a ghabhann, nó gur dócha go ngabhfáidh, isteach in uiscí.</p> <p>Rialachán um Údarú Scaoilte Fuíolluisce (IR 684 de 2007):</p> <p>Cuspóir: le soláthar d'údarú ag an GCC ar scaoilte fuíolluisce ag údarás áitiúla.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Údarás a thabhairt do WWTPanna Údarás Áitiúla (ag cur cuspóirí CTU san áireamh). Athbhreithniú ar cheadúnais ar thréimhsí nach lú ná 6 bliana. Forfheidmiú ar ghéilliúntas do choinníollacha ceadúnais WWTP. Clár de cheadúnais agus deimhnithe WWTP a choimeád agus a chur ar fáil ar iarratas.</p> <p>Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh 30 de 2007):</p> <p>Cuspóir: le háisiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí slána agus sábháilte uisce agus infreachtúir seirbhíse uisce do riachtanais tí agus neamh-thí.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Pleananna Straitéiseacha Seirbhísí Uisce a ullmhú agus a fheidmiú.</p> <p>Dualgas cúraim ar úinéirí áitreabh le deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear córais cóireála d'fhuíolluisce i riocht maith.</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Fearais Uirbeacha Chóireála Fuíolluisce:</p> <p>Beartais um bhainistíocht feabhsaithe: clár a choinneáil ar acmhainn fearais agus é a thabhairt cothrom le dáta in aghaidh na bliana; áiseanna a shuiteáil le monatóireacht a dhéanamh ar ualair agus ar scaoilte eisilte ag teacht le treoirínte an GCC agus an chleachtais is fearr; nósanna imeachta in-iniúchta a shuiteáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas scaoilte ceadúnaithe; nósanna imeachta traenála d'fhoireann a bhíonn ag gabháil de cheadúnú scaoilte; monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce glactha suas an sruth agus le sruth ón bpointe scaoilte.</p> <p>Uasmhéadú a dhéanamh ar fheidhmíocht fearais cóireála trí chóras feidhmíochta bainistíochta a fheidmiú le tacaíocht ó úirlí déanta cinnidh a úsáid.</p> <p>Tá gníomhaíochtaí aitheanta do chatagóirí áirithe de fhearais cóireála:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Catagóir 1 - Ceirtleáin le fearais cóireála gur gá dóibh Oibreacha Caipitil inaitheanta. • Catagóir 2 - Ceirtleáin le fearais cóireála gur gá dóibh a thuilleadh imfhisraithe roimh Oibreacha Caipitil. • Catagóir 3 - Ceirtleáin Ceirtleáin gur gá dóibh feidmiú gníomhaíochtaí a aithníodh sna Pleananna um Laghdú Truailithe d'Uiscí Sliogéisc atá sainithe faoi na Rialacháin um Uisce Sliogéisc. • Catagóir 4 - Ceirtleáin le fearais cóireála gur gá dóibh feidhmíocht oibriúcháin feabhsaithe trí Chóras Bainistíochta Feidhmíochta a fheidmiú. • Catagóir 5 - Ceirtleáin gur gá dóibh imfhisriú ar Chomh-fhorseithe Stoirme (CfSanna). • Catagóir 6 - Ceirtleáin inar leor an acmhainn cóireála fuíolluisce faoi láthair ach go mbeadh ualaithe réamh-mheasta (bunaithe ar fhás measta 3% ar an ualach in aghaidh na bliana) ina n-udal le ró-ualú a éileodh bainistíocht ar fhorbairt. 	<p>Daoine iomchuí</p> <p>GCC</p> <p>Údarás Áitiúla</p> <p>Daoine iomchuí</p> <p>Údarás Áitiúla</p> <p>Údarás Áitiúla</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Suíomhanna Tosaíochtaíthe</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Tá beartais um dhea-chleachtas ar fáil i gClár na mBeartas - staidéir theicniúla - achoimre ar dhoiciméid chúlraíde um Rialacháin Cathrach agus Tionsclaíochta, Brúnna Uirbeacha agus an Clár Achoimre Náisiúnta ar Bheartais.</p>		2009–2015 Náisiúnta
<p>Acht un Fhorbairt Mianraí (Uimh 31 de 1940) mar a leasaíodh ó 1960 go 1999:</p>	RCFAN:	
<p>Cuspóir: le soláthar d'fhorbairt agus oibriúcháin acmhainní mianra an Stáit agus i gcaitheamh an ama bainistiú ar an tionchar ionchasach ar an timpeallacht uisce.</p>		
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Ceadúnais Sirtheoireachta a Dheonadh do chuardach mianraí sonraithe i gceantair shonraithe faoi réir ag coinníollacha. Deonadh Mianraí nó Ceadúnais Mianadóireachta maidir le mianraí leis an Stát. Ceadanna Mianadóireachta a dheonadh le hoibriú ar shubstaintí i gcainníochtaí beaga. Ceadúnais Neamhoibríthe Mianraí maidir le mianraí neamhoibríthe.</p>		2009–2015 Suíomhanna Tosaíochtaíthe
<p>Acht Fuinnimh (Uimh 40 de 2006):</p>	RCFAN: Údaráis áitiúla	
<p>Cuspóir: an tionscal fuinnimh a rialú agus i gcaitheamh an ama bainistiú a dhéanamh ar an tionchar ionchasach ar an timpeallacht uisce.</p>		
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Pleananna Athshlánaíthe Mianach a ullmhú don bhfadtearma ar láithreáin mhianaigh mar a meastar gá a bheith leis chun críche sláinte poiblí nó ainmhithe nó an chomhshaoil.</p>	EPA, GSI	2009–2015 Suíomhanna Tosaíochtaíthe
<p>Acht um Bhainistiú Dramhaíola (Uimh 10 de 1996) mar a leasaíodh in 2001:</p>		
<p>Cuspóir: bainistiúch dramhaíola a rialú ar mhaithe le cosaint ar shláinte daonna agus na timpeallachta.</p>		
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Fardal ar láithreáin iata diúscairte nó aisghabhála dramhaíola a ullmhú.</p>	RCORÁ, Údaráis Áitiúla	2009–2015 Suíomhanna Sainithe
<p>Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cáilíocht Uiscí Sliogéisc) 2006 (IR 268 de 2006) mar a leasaíodh in 2009</p>		
<p>Cuspóir: cosaint nó feabhsú a dhéanamh ar uiscí sliogéisc d'fhonn tacú le beatha agus fás sliogéisc trí éileamh cháilíochta uisce a leagan síos le baint amach.</p>		
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Dul i mbun monatóireachta agus imfhiosrú a dhéanamh ar thruailliú. Clár um Laghdú Truaillithe ar Shliogéisc a fhorbairt agus a fheidhmiú, ag áireamh aon bheartas is gá, le caighdeán cháilíochta uisce sliogéisc a bhaint amach.</p>		

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Rialachán Chomhphobail na hEorpa (Diúilicíní Péarla Fíoruisce) (IR 296 de 2009):</p> <p>Cuspóir: Chun críche na spriocanna cáilfochta uisce a bunáidh do láithreáin sainithe do chosaint a dhéanamh ar phobail de dhiúilicíní péarla fíoruisce a bhaint amach.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Údaráis áitiúla a údaralonn scaoilte le haon cheann de na haibhneacha líostáilte le luachanna eisilte a leagan síos leis na spriocanna cáilfochta éiceolaíochta atá sonraithe a bhaint amach, agus scrúdú a dhéanamh ar na húdaruithe reatha laistigh de thréimhse sonraithe ama agus athbhreithniú a dhéanamh orthu mar is cuí.</p>	<p>Údaráis Áitiúla</p>	<p>2009–2015 Suíomhanna Sainithe</p>
<p>SCAOILTE Ó FHOINSÍ IDIRLEATA</p>		
<p>Acht um Thruailliú Uisce (Uimh 1 de 1977) mar a leasáidh in 1990 agus Rialachán um Thruailliú Uisce (IR 108 de 1978) mar a leasáidh in 1992 agus 1996:</p> <p>Cuspóir: soláthar do rialú ar thruailliú uisce trí ionchúiseamh ar chionta truaillithe uisce; úsáid coinníollacha rialaithe truaillithe i gceadúnú scaoilte eisilte; eisiúint fógraí ag sonrú beartas le truailliú uisce a chosc.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Fógraí nó teoracha a sheitbheáil ar dhaoine ag éileamh go bhfeidhmeofaí beartais d'fhonn truailliú ar uisce a chosc nó a rialú, mar is gá.</p> <p>Údaráis áitiúla a chur ar an eolas faoi scaoilte agus doirtithe de thaisme ar ábhair thruaillithe a ghabhann, nó gur dócha go ngabfaidh, isteach in uisce.</p>	<p>Údaráis áitiúla, lascaigh Intíre na hÉireann, RCORÁ-SPNF</p> <p>Daoine iomchuí</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>Acht Pleanála agus Forbartha (Uimh 30 de 2000) mar a leasáidh in 2002:</p> <p>Cuspóir: soláthar do cheartphleanáil agus forbairt ceantair uirbeacha agus thuaithe.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Cead a thabhairt do chórais cóireála fuíolluisce faoi réir ag measúnú ar oiriúnacht suímh.</p>	<p>Údaráis áitiúla</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>
<p>Cód Cleachtas GCC do Chórais Cóireála Fuíolluisce ag freastal ar Thithe Aonair (2009)</p> <p>Cuspóir: treoir a sholáthar ar sholáthar chóras cóireála agus diúscairte do thithe nua aonair.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: díriú treoracha ar iad seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht córas cóireála fuíolluisce ar-suíomh agus na híosriachtanais cosanta comhshaoil a aithint • Córais oiriúnacha cóireála fuíolluisce a roghnú do shuíomhanna i gceantair neamhshéaraithe thuaithe • Córais dabhcha múnlaigh, córais scagtha, córais pacáistithe cóireála agus córais cóireála treasacha a dhearadh agus a shuiteáil. • Riachtanais chothabhála do chórais cóireála fuíolluisce ar-suíomh. 	<p>Údaráis Pleanála, forbróirí, déantúsóirí, dearthóirí, suiteálaithe agus oibreoirí</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Tá tacaíocht ag an treoir ó imlitir RCORÁ (Tagairt PSSP 1/10) agus Treoirínte Pleanála un Thithíocht Inbhuanaithe Thuaithe (2005)</p> <p>An Doiciméad tacaíochta um Threoir Theicniúil Rialacháin Tógála 1997 (IR 497 de 1997) maidir le caighdeáin do “dhraenáil agus dlúscairt fuíolluisce” (DTT-H de 2005) a leasú agus imlitir thacaíochta a eisiúint do na húdaráis Áitiúla uile Rialáil Tógála.</p> <p>Do mhaoine neamshéaraithe atá ann cheana féin, moltaí a thabhairt chun cinn agus a phié do reachtaíocht le caighdeáin a sholáthar d’fheidhmíocht, oibriú agus cothabháil dabhcha múnlaigh agus córais eile cóireála den chineál sin ar-suíomh d’fhuíolluisce agus chomh maith do mhonatóireacht agus do chigireacht ar feidhmíocht a leithéidí chórais agus freagrachtaí na líon tí ar a bhfreastalaíonn na córais sin, ag áireamh éileamh ar ghníomhaíochtaí ceartúcháin mar is gá.</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Córas ar-suíomh: Tá beartais um dhea-chleachtas ar fáil i gClár na mBeartas - staidéir theicniúla - doiciméid chúlraide um Chórais ar-suíomh cóireála fuíolluisce agus an Chláir Achoimre Náisiúnta ar Bheartais.</p> <p>Acht Foraoiseachta (Uimh 13 de 1946) mar a leasaíodh in 1976 agus 1988 agus na Rialacháin um Leasú ón Aer (IR 592 de 2006) mar a leasaíodh in 2007 agus doiciméid treoracha um chóid chleachtais a riartar trí chóras deontais i gcabhair:</p> <p>Cuspóir: soláthar a dhéanamh d’fhorbairt agus rialú foraoiseachta.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Foraoiseacht a chur chun cinn le dreasachtaí airgeadais. Ceadúnas a thabhairt do ghníomhaíocht fhoraoiseachta agus mar is gá, coinneálacha breise a leagan síos i gceantair atá íogair.</p> <p>Foraoisiú inbhuanaithe, tráchtála a spreagadh. Deimhin a dhéanamh de ghéilliúntas do threoir agus do chóid chleachtais.</p> <p>Tá Bille nua Foraoiseachta, le cur in áit Acht Foraoiseachta 1946, dréachtaithe le neartú a dhéanamh ar bhainistíocht foraoiseachta inbhuanaithe. Forálacha maidir le cosaint uisce:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ní mór oibríochtaí uile foraoiseachta a dhéanamh faoi réir ag aon treoirínte agus rialacháin a eisiúint an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia. • Athrú úsáide talún a cheadú ó fhoraoiseacht go húsáidí eile inbhuanaithe. <p>In do bharccheantair atá fogair maidir le haigéad prótacal aontaithe idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Foraoiseachta, an GCC agus COFORD a feidhmiú le déileáil le hiarratais ar dheontais i gcabhair i gceantair íogaire. Déantar seiceáil do leibhéil alcaileachta in uisce le sruth do na hiarratais ábhartha uile a fhaigheann an tSeirbhís Foraoiseachta. Cuirtear cásanna ar an imeall faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le moltaí a fháil.</p>	<p>Údaráis Pleanála agus & An Bord Pleanála</p> <p>RCORÁ</p> <p>An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil</p> <p>An tSeirbhís Foraoise</p> <p>An tSeirbhís Foraoise</p> <p>An tAire don Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.</p> <p>An tSeirbhís Foraoise, GCC</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Tá treoirlínte 2008 do chosaint láithreach Natura 2000 sainithe do chosaint na bpobal Diúilicíní Péarla Fíoruisce ar ghníomhaíochtaí foraoiseachta ceaptha le deimhin a dhéanamh de go bhfuil oibríochtaí foraoise mar fhoraoisiú, thógáil bóithre foraoise, baint agus plandáil foraoise comhoiriúnach le cosaint an speicis sáríogair seo. Déanann na treoirlínte cur síos ar raon de bheartais atá ceaptha le laghdú a dhéanamh ar aon tionchar diúltach ar an speiceas ag eascairt ó oibríocháin foraoise.</p> <p>Plean Straitéiseach d'Fhorbairt Foraoiseachta:</p> <p>Cuspóir: soláthar a dhéanamh d'fhorbairt agus rialú foraoiseachta.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Cloí le pleananna bainistíochta foraoise agus leis na príonsabail um bhainistiú inbhuanaithe foraoise.</p> <p>Deimhin a dhéanamh d'fheidmiú an Chaighdeáin Náisiúnta Foraoiseachta agus cloí le cód an chleachtais is fearr foraoise.</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Foraoiseacht.</p> <p>Tá beartais um dhea-chleachtas ar fáil i gClár na mBeartas - staidéir theicniúla - doiciméid chúlraide Foraoise agus Uisce agus an Chiáir Achoimre Náisiúnta ar Bheartais.</p> <p>Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fíoruisce) (IR 296 de 2009)</p> <p>Cuspóir: Chun críche na spriocanna cáilíochta uisce a bunáodh do láithreáin sainithe do chosaint a dhéanamh ar phobail de dhiúilicíní péarla fíoruisce a bhaint amach.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Pleananna bainistíochta a fhorbairt (pleananna fo-abhantraí (Pleananna Bainistíochta Abhantraí), ag áireamh aon bheartais riachtanacha, le deimhin a dhéanamh de bhaint amach spriocanna cáilíochta comhshaoil.</p>	<p>An tSeirbhís Foraoise</p> <p>Na páirtithe leasmhara uile</p> <p>An tSeirbhís Foraoise</p> <p>RCORÁ-SPNF, na húdaráis poiblí ábhartha</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Suíomhanna Sainithe</p>
<p>ÚDARÁS AR SCAOILTE LE SCREAMHUISCÍ</p>		
<p>Rialacháin um Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce) (IR 9 de 2010):</p> <p>Cuspóir: le soláthar a dhéanamh do shainiú critéar do rangú stádaís screamhuisce agus d'aithint treochtaí forásacha suntasacha truaillithe; soláthar do fhreagairt chomhréireach rioscabhunaithe do chosaint screamhuisce.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Athbheithniú ar na húdaráithe uile atá ann ar scaoilte le ceann a thógáil de chaighdeáin nua cáilíochta.</p>	<p>Údaráis áitiúla</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Rialachán um Údarú Scaoilte Fuíolluisce (IR 684 de 2007):</p> <p>Cuspóir: Nuair atá beartaithe ag údarás áitiúil eisilteach fuíolluisce uirbigh a scaoileadh le screamhuisce is gá údarás a fháil chuige ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Údarú ar scaoilte eisilte ó WWTPanna Údaráis Áitiúil le screamhuisce.</p> <p>Acht um Thruaillíú Uisce (Uimh 1 de 1977) mar a leasaíodh in 1990: Cuspóir: le soláthar do rialáil ar thruaillíú uisce.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Ceadúnú scaoilte le screamhuisce ó fhoinsí tionsclaíocha agus tráchtála ar scála beag. Athbheithniú ar thréimhsí nach lú ná 3 bliana. Clár ar cheadúnais scaoilte a choinneáil agus iad a chur ar fáil don phobal.</p>	GCC	2009–2015 Náisiúnta 2009–2015 Náisiúnta
SUBSTAINTÍ TOSAÍOCHTA		
<p>Rialachán un Spriocanna Comhshaoil (Uisce Dromchla) (IR 272 de 2009):</p> <p>Cuspóir: le soláthar do spriocanna ardchaighdeán d'uisic dromchla, Caighdeán Cháilíocht Timpeallachta do thruailleáin, athbheithniú ar údaruithe scaoilte, rangú ar uiscí dromchla, fardail ar shubstaintí tosaíochta.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Plean a ullmhú do laghdú céimnithe ar thruaillíú ag substaintí tosaíochta agus cosc nó cealú céimnithe a dhéanamh ar eisiltí, scaoilte agus cailiteanais substaintí tosaíochta guaiseacha. Fardal ar eisiltí, scaoilte agus cailiteanais substaintí tosaíochta guaiseacha agus truaillíú eile agus achoimre den bhfardal a fhoilsiú.</p> <p>Acht na gCeimiceán (Uimh 13 de 2008):</p> <p>Cuspóir: soláthar do rialú ar cheimiceáin áirithe dainséaracha.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Riarachán agus forfheidhmiúchán rialacháin na hEorpa um Chlíárúcháin, Measúnú agus Údarú Ceimiceán (CMÚC).</p> <p>Aithint agus bainistiú rioscaí a bhaineann le ceimiceáin a dhéantar nó a iompórtáiltear agus clárúcháin ceimiceán a tháinigtear nó a iompórtáiltear i gcainníochtaí de bhreis is 1 tona.</p>	GCC, údarás áitiúil comhordaithe Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Déantúsóirí nó iompórtálaithe ceimiceán	2009–2015 Náisiúnta 2009–2015 Náisiúnta

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Rialachán na hEorpa um Chlár Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (IR 123 de 2007):</p> <p>Cuspóir: cosc agus laghdú ar thruailliú trí chlár ionrochtain phoiblí ar scaoileadh agus aistriú truailleán a bhunú.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Na sonraí is gá maidir le scaoilte truailleán agus aistrithe eis-suíomh truailleán agus dramhaíola.</p> <p>Soláthar do bhailiúcháin leictreonach, measúnú sonraí agus sonraí a thuairiscíú do Choimisiún an AE maidir le scaoilte agus aistrithe truailleána agus dramhaíola. Rialachán a fhorfheidhmiú.</p>	<p>Feidhmitheoirí</p> <p>GCC</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>
BUNATHRUITHÉ FISIÚLA		
<p>Acht Pleanála agus Forbartha (Uimh 30 d 2000) mar a leasaíodh in 2002; Rialachán um Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (IR 349 de 1989) mar a leasaíodh ó 1994 go 2006:</p> <p>Cuspóir: soláthar do cheartphleanáil agus forbairt ceantair uirbeacha agus thuaithe. A éileamh go ndéanfaí measúnú ar fhorbairtí áirithe le teacht ar éifeachtaí ionchasacha sula dtugtar cead pleanála.</p> <p>Gníomhaíochtaí ábhartha:</p> <p>Tionchar ar an gcomhshaoil a chur san áireamh mar chuid den phróiseas pleanála.</p> <p>Gníomhaíochtaí breise: Bunathruithe Fisiúla:</p> <p>Tá beartais um dhea-chleachtas ar fáil i gClár na mBeartas - staidéir theicniúla - doiciméid chúlraide Moirfeolaíochta Fíoruisce, Moirfeolaíochta Mhuirí agus an Chláir Achoimre Náisiúnta ar Bheartais.</p> <p>Imfhiosú a dhéanamh ar acmhainn ionchasach uiscí mórathruithe agus na beartais mhaolaithe a aithnítear a fheidhmiú.</p>	<p>Údarais áitiúla</p> <p>Údarais ábhartha poiblí</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p> <p>2009–2015</p> <p>Suíomhanna Tosaíochtaíthe</p>
GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE LE TIONCHAIR AR STÁDAS UISCE		
<p>Speicis choimhthíocha:</p> <p>Rialachán nua a thabhairt isteach faoin Acht Fiadhúlra le rialú a dhéanamh ar thabhairt isteach nó seilbh ar aon speiceas flóra nó fána a fhéadfadh dochar a dhéanamh do speiceas dúchais.</p>	<p>RCORÁ</p>	<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>
COSC NÓ LAGHDÚ A DHÉANAMH AR THIONCHAR THEAGMHAIS TRUAILLEÁN DE THAISME		
<p>Creat-Treoir Bainistíochta Mórigeandála</p> <p>Cuspóir: creat-treoir ullmhachta éigeandála agus acmhainn freagrachta le guaiseanna agus rioscaí don sochaí, don eacnamaíocht, agus chomh maith don chomhshaoil ar a n-áirítear ár bhfoinsí nádúrtha uisce, a aithint.</p>		<p>2009–2015</p> <p>Náisiúnta</p>

Cad é	Cé a bheidh ina cheannaire?	Cathain agus cá háit
<p>Gníomhaíochtaí ábhartha: Pleananna Mórigeandála a Ullmhú le pleananna, próis agus socruithe tacaíochta. Clár forbartha mórigeandála a thionscnamh d'fheidhmiú Pleananna Mórigeandála. Comhordú ar ghnéithe idirghníomhaireachta ullmhachta aus bainistíochta mórigeandála i réigiúin sainithe.</p> <p>Feidhmiú agus cur chun cinn na Creat-Treorach a chinntiú.</p>	<p>Údarás áitiúla, An Garda Síochána, FSS</p> <p>An Roinn Díl agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Díl, An Roinn Sláinte agus Leanai, RCORÁ</p>	
CEISTEANNA EILE		
<p>Arthúr Aeráide: tá na beartais uile measúnaithe le deimhin a dhéanamh de go dtógann an plean ceann mar is cuí de thionchair ionchasach athrú aeráide (féach Caibidil 6) – déanfar athbhreithniú air seo de réir mar a thagann feabhas ar fhaisnéis ar athrú aeráide.</p> <p>Speicis ionraitheacha coimhthíocha: beartais thacaíochta á bhforbairt ag staidéar náisiúnta um speicis choimhthíocha (á réachtáil ag QUERCUS) agus imfhiosruithe áitiúla ar leibhéal ceantair</p> <p>Cúrsóireacht agus bádóireacht: rialú as-chaidéalaithe agus srianta luais a fhorfheidhmiú ar leibhéal ceantair.</p> <p>Dobharshaothrú: neartú rialúcháin (feidhmiú measúnaithe cuí agus forbairt ar chur chuige bithéagsúil ar leibhéal AE). Caighdeáin náisiúnta a mholadh agus pleananna laghdúcháin truaillithe ar shliogéisc a fheidhmiú. Tá Grúpa Ilrannach Comhordaithe Muirí bunaithe.</p>	<p>RCORÁ, GCC</p> <p>RCORÁ, GCC, údarás áitiúla</p> <p>Uisce Bealaí Éireann, údarás áitiúla</p> <p>RTTB, údarás áitiúla, RCORÁ</p>	<p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Náisiúnta</p> <p>2009–2015 Suíomhanna Tosaíochtaí</p> <p>2009–2015 Suíomhanna Sainithe</p>



Comhairle Contae **Dhún na nGall** | Comhairle Contae **an Chabháin**
Comhairle Contae **Liatroma** | Comhairle Contae **an Longfoirt**
Comhairle Contae **Mhuineacháin** | Comhairle Contae **Shligigh**